



An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

2022 - 2027



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Téarmaíocht Míchumais

Tá an teanga an-tábhachtach. Baintear úsáid as go leor focal agus téarmaí chun míchumas a aimsiú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus is difriúil an chaoi a tuigtear na focail seo thar grúpaí éagsúla. Bhí sé seo soiléir le linn an chomhairliúcháin le forbairt na Straitéise seo a thacú.

Mar chuid de fhorbairt na Straitéise nua seo, cuireadh téarmaíocht míchumais san áireamh. Fuarthas eolas ó roinnt Eagraíochtaí Daoine Faoi Mhíchumas (EDFM) agus scrúdaíodh dea-chleachtas idirnáisiúnta chomh maith.

Do dhaoine áirithe, is foinse bróid, féiniúlachta agus aitheantais é an téarma “daoine faoi mhíchumas” go bhfuil constaicí míchumasaithe ann laistigh den tsochaí agus nach bhfuil siad ann laistigh de dhuine aonair. Tá an cur chuige seo ag teacht le samhail sóisialta míchumais. Breathnaíonn an samhail sóisialta míchumais ar an gcaoi atá an tsochaí leagtha amach agus ar an gcaoi a gcuireann sé daoine faoi mhíchumas. Níl sé bunaithe ar lagú duine. Tá sé bunaithe ar na constaicí atá ann maidir le meonta, forbairt polasaí, rochtain nó easpa tacaíochtaí, agus an chaoi a d’fhéadfadh sé cosc a chur ar dhaoine a bheith rannpháirteach sa tsochaí ar bhonn cothrom le rogha agus le smacht ar a saolta féin.¹

Do dhaoine eile, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí ‘daoine faoi mhíchumas’ agus ‘daoine faoi mhíchumas intleachta’ agus tá sé tábhachtach do na daoine sin a theastaíonn uathu a bheith aitheanta mar dhuine sula n-aithnítear iad mar gheall ar a míchumas. Ag teacht le próiseas forbartha na Straitéise nua, agus ag déanamh cinnte go bhfuil ionadaíocht déanta ar gach grúpa, beidh cur chuige comhoibríoch agus ionchuimsitheach i leith téarmaíochta míchumais ag an straitéis seo.

Baineann an Straitéis seo úsáid as an téarma ‘daoine faoi mhíchumas’ ina teideal agus go ginearálta tríd an Straitéis, an plean feidhmithe agus cáipéisí gaolmhara. Mar sin féin, bainfear úsáid chomh maith as téarmaí do ghrúpaí ar leith ar nós ‘daoine faoi mhíchumas intleachta’ agus ‘daoine faoi mhíchumas síceasóisialta nó le deacrachtaí meabhairshláinte’ laistigh den Straitéis nuair is cuí. Is léiriú atá ann ar an gcur chuige comhoibríoch i leith fhorbairt na Straitéise agus mar aitheantas ar an ngá le bheith oscailte do fhorbairt teanga thar am.

1 Féach anseo: Samhail sóisialta míchumais | Carthanacht míchumais Scope RA le haghaidh tuilleadh eolais ar an samhail sóisialta míchumais

Brollach

Darragh Ó Briain, TD, An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

Leagtar amach sa Straitéise Náisiúnta Tithíochta nua seo do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 ár gcomhfhís maidir le seirbhísí tithíochta agus tacaíochta a sholáthar do na cúig bliana amach romhainn. Cosúil lenár bplean tithíochta uileghabhálach, Tithíocht do Chách, ní féidir aidhmeanna na straitéise seo a bhaint amach ach le cur chuige trasrannach, arna sheachadadh i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le gníomhaithe Stáit agus soláthraithe seirbhíse eile.

Is é aidhm fhoriomlán ár bplean tithíochta nua d'Éirinn ná gur cheart go mbeadh rochtain ag gach duine sa Stát ar theach le ceannach nó le fáil ar cíós ar phraghas réasúnta, tógtha ar ardchaighdeán agus san áit cheart, a thairgeann ardchaighdeán beatha. Baineann an aidhm seo le gach duine inár Stát gan aird ar a gcumas.

Is é ár bplean níos mó ná 90,000 teach sóisialta a sheachadadh go 2030, le fócas láidir ar líon na dtithe nuathógtha a mhéadú tríd an gclár tógála tithe is mó i stair an Stáit a rolladh amach le hÚdaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar ais ag tógáil ar scála mór. Tá réimse fairsing saghsanna agus méideanna tithe, árasán, agus árasán dhá urlár inár Lámhleabhar Dearaidh do Thithíocht Ardchaighdeán nua. Cuireann sé treoir agus samplaí ar fáil de réimse roghanna tithíochta chun roghanna cúí tithíochta a sholáthar níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas a bhféadfadh go bhfuil riachtanais tithíochta speisialta acu.

Leagfaidh pleananna gníomhaíochta seachadta Údaráis Áitiúil atá soiléir, spriocdhírthe amach conas a chomhlíonfar an gá aitheanta agus réamh-mheasta le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá lúcháir orm freisin go ndéantar príomhról 'Grúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais' a athdhearbhú mar an bhfóram is éifeachtaí chun torthaí na Straitéise seo a sholáthar ar leibhéal áitiúil. Bunaíodh na Grúpaí Stiúrtha seo i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Nearthaigh Tithíocht do Chách a sainordú agus rinne siad iarracht an chomhpháirtíocht idirghníomhaireachta a bhí mar chuid dá ról a fhorbairt tuilleadh. Leagtar amach sa Straitéis seo bealach chun cinn do na Grúpaí Stiúrtha lena ról agus a ndíriú a athnuachan agus a athbheochan agus táim cinnte go mbeidh freagairt níos comhtháite agus níos straitéisí mar thoradh air sin do riachtanais daoine faoi mhíchumas ar leibhéal áitiúil.

Táim ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar le mo chomhghleacaithe Rialtais agus le comhpháirtithe seachadta ar fud na hearnála chun fíis na Straitéise seo a chur i gcrích.

Peadar de Búrca, TD, An tAire Stáit don Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Tá ullmhúchán na Straitéise Náisiúnta Tithíochta nua seo do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 treoraithe agus neartaithe ag eispéireas beo na ndaoine faoi mhíchumas agus na ndaoine atá ag tabhairt aire dóibh. Ag tarraingt ar eolas agus léargas daoine faoi mhíchumas, a ngrúpaí ionadaíochta agus iad siúd a oibríonn chun seirbhísí a sholáthar, beidh ar ranna agus gníomhaireachtaí ar fud an Rialtais fíís a leagan síos d'fhonn athrú praiticiúil agus buan a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh difríocht ábhartha maidir le soláthar tithíochta agus cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas ar fud na tíre.

Tharraing próiseas leathan comhairliúcháin, a rinneadh le linn na bliana seo caite, ionchuir ó shaineolaithe, soláthraithe seirbhíse agus ionadaithe agus, níos tábhachtaí fós, daoine faoi mhíchumas agus a gcúramóirí le chéile. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don chúnamh a chuir an Líonra Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais (DPCN) ar fáil don obair chomhairliúcháin.

Dóibh siúd atá faoi mhíchumas, tá tábhacht ar leith le comhordú soláthar oiriúnach tithíochta le príomhthacaí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar. Gné thábhachtach den chéad Straitéis ba ea creataí comhordaithe a neartú agus tacú leo agus tá fócas ar leith sa straitéis náisiúnta nua tithíochta seo do dhaoine faoi mhíchumas ar chomhoibriú éifeachtach, seirbhísí tithíochta agus tacaíochta a ailíniú agus faisnéis ábhartha a roinnt idir gníomhaireachtaí.

Caithfidh mé aitheantas a thabhairt don phríomhról atá ag údaráis áitiúla. Mar údaráis tithíochta, tá a ról ríthábhachtach maidir lena chinntiú go gcuirtear an Straitéis i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil don saoránach. Ba fhorbairt straitéiseach thábhachtach é na 31 Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais a bhunú, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Seirbhíse do Thithíocht, chun planáil do riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas. Faoi chreat Tithíocht do Chách agus an Straitéis seo, táimid ag neartú a sainordaithe agus ag forbairt tuilleadh na comhpháirtíochta cur chun feidhme idirghníomhaireachta a sholáthraíonn siad.

Is é ár gcuspóir go mbeadh Éire ina háit níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas le cónaí inti, rochtain a fháil ar an gcineál ceart tithíochta nó cóiríochta, áit a bhfuil roghanna ag daoine faoi mhíchumas agus a mbíonn baint acu agus a dtéitear i gcomhairle leo maidir le hábhair agus cinntí a théann i bhfeidhm ar a saol. Ba cheart go mbeadh sí ina tír ina dtacaítear le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách, páirt iomlán a ghlacadh inár sochaí, agus taitneamh a bhaint as caighdeán maireachtála ar aon dul leis an gcuid eile den daonra. Leagtar amach sa Straitéis seo ár gcúrsa ionas gur féidir le tithíocht a ról a imirt chun é sin a bhaint amach.

Áine Ní Choinnín, TD, An tAire Míchumais

Cuirim fáilte chroíúil roimh fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 agus molaim gach duine a raibh baint acu lena forbairt. Tá tithíocht a fhreastalaíonn ar riachtanais ár saoránach go léir mar thiomantas daingean againn sa rialtas agus tá áthas orm a fheiceáil conas a thacóidh struchtúr agus téamaí na Straitéise linn sa sprioc sin, agus ar thábhacht an Dearaidh Uilíoch sa straitéis.

Sna deich mbliana ó foilsíodh an tuairisc *Am le Bogadh Amach as Láithreacha Comhchruinnithe*, tá cur amach againn go léir ar an bhfrása ‘gnáthshaol i ngnátháiteanna’ anois. Tá beartas tithíochta ríthábhachtach chun an aidhm sin a bhaint amach do gach duine faoi mhíchumas. Tá áthas orm a bheith in ann ár dtiomantas leanúnach do bhaint amach na haidhme seo a thaispeáint tríd an gcomhstraitéis seo a fhoilsiú i gcomhar leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, i mo cháil mar Aire Míchumais sa Roinn Sláinte agus sa Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige.

Tá an Rialtas seo tiomanta go mór a chinntiú go dtacaítear agus go dtugtar spreagadh do dhaoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách. Is gné lárnach den Straitéis seo comhordú agus ailíniú an tsoláthair tithíochta le seachadadh tacaíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta. Maidir leis seo, tabharfaidh an Roinn Sláinte agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi chur chuige comhoibritheach, trasearnála a aithníonn an gá le dul i ngleic leis an tsaincheist ríthábhachtach a bhaineann le roghanna tithíochta a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas.

Tugaim ar aird agus tuigim go dtugann an Straitéis aghaidh ar an gceist an-tábhachtach maidir le húsáid teanga agus go raibh an plé seo treoraithe ag daoine faoi mhíchumas. Is gné ríthábhachtach í éisteacht le daoine faoi mhíchumas agus dul i gcomhairle leo chun Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCPRD) a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Is ábhar misnigh dom go raibh baint ag an Líonra nua Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais (DPCN) leis an bpróiseas comhairliúcháin agus leis an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta a spreag forbairt na Straitéise. Bhunaigh mé an DPCN chun a chinntiú go n-éistear le guthanna daoine faoi mhíchumas maidir le forbairt beartais agus reachtaíochta. Tá an DPCN comhdhéanta de raon leathan comhaltaí lena n-áirítear eagraíochtaí ionadaíochta agus daoine aonair. Tugann an DPCN guth Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas (DPOs) chun tosaigh freisin, ar forbairt nua í ar an gcaoi a dtéann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i dteagmháil le daoine faoi mhíchumas. Déanfar a rannpháirtíocht a mhacasamhlú ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon le haghaidh chéim thábhachtach chur chun feidhme na Straitéise.

Tógann an Straitéis seo ar an saibhreas sonraí agus anailísí atá leagtha amach san Athbhreithniú ar Chumas Míchumais, a d’fhoilsigh mo Roinn níos luaithe i mbliana. Tá a fhios againn go mbeidh gá le 1,900 go 3,900 áit bhreise do dhaoine faoi mhíchumas chun freastal ar éileamh déimeagrafach agus riachtanas gan chomhlíonadh laistigh de na deich mbliana amach romhainn, sa bhreis ar na tithe sin a theastaíonn le haghaidh daoine atá ag bogadh ó láithreacha comhchónaithe. Ní mór dúinn pleanáil chun tosaigh chun a chinntiú go mbeidh samhlacha pobalbhunaithe de chúram cónaithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nuair a theastaíonn siad uathu. Cinnteoidh an Straitéis seo, in éineacht leis an bPlean Gníomhaíochta um Chumas Míchumais atá le teacht, go soláthrófar tacaíochtaí tithíochta agus sláinte cuí, atá bunúsach d’fhonn a chur ar chumas gach duine faoi mhíchumas teach a bheith aige sa phobal agus taitneamh a bhaint as an saol mar shaoránach gníomhach.

I gcás go leor dínn, tá bogadh isteach inár dteach féin ar cheann de na himeachtaí is tábhachtaí sa saol, agus tá sé riachtanach go gcinnteoidimid go dtacaítear le daoine faoi mhíchumas chun aistriú rathúil a dhéanamh go maireachtáil neamhspleách. Aithníonn an Straitéis an tábhacht a bhaineann le comhoibriú idir údaráis áitiúla, AHBanna, agus seirbhísí sláinte agus sóisialta chun na tacaíochtaí seo a sholáthar ar bhealach éifeachtach. Ba mhaith linn go léir saol iomlán brí a chaitheamh ar ár dtéarmaí féin, agus is í an Straitéis seo an chéad chéim i gclár uailmhianach oibre a thabharfaidh na páirtithe leasmhara go léir, ó Ranna an Rialtais go daoine faoi mhíchumas iad féin, le chéile i gcomhpháirtíocht i dtreo na sprice sin.

Táim ag tnúth leis an nuacht is déanaí a fháil ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus a fheiceáil conas a chuireann sí lenár dtiomantas faoin UNCRPD chun daoine faoi mhíchumas a éascú chun maireachtáil go neamhspleách agus mar chuid den phobal.

Ábhar

Téarmaíocht Míchumais	/1
Brollach	/2
Achoimre Fheidhmeach	/8
Réamhrá	/11
Roinn 1: Cad Atá Déanta	/13
Caibidil 1: An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2011 go 2016 (cuireadh síneadh ama leis go dtí 2021))	14
Caibidil 2: An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais	17
Caibidil 3: Dul chun cinn ar an UNCRPD	19
Caibidil 4: Comhthéacs Beartais	21
4.1 Tithíocht do Chách	21
4.2 Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe	23
4.3 Athbhreithniú ar Mhíchumas Inniúlachta go dtí 2032	24
4.4 An Fhís a Roinnt	26
4.5 Saolta Amú	27
4.6 Dearadh Uilíoch	28
Roinn 2: Cá bhFuilimid Anois	/29
Caibidil 5: Forléargas Staidrimh	30
5.1 Míchumas in Éirinn	30
5.2 An Bord Taighde Sláinte - Bunachar Sonraí NASS	32
5.3 Anailís ar Theaghlaigh a bhfuil Bunús Riachtanais Míchumais le haghaidh Tithíocht Shóisialta acu	36
Caibidil 6: Taighde ar Shamhlacha agus ar Chleachtas	41
6.1 Cur Chuige maidir le Míchumas agus Tithíocht i nDlínsí Eile	41
6.2 Obair Chomhoibríoch sna Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumais	42
Caibidil 7: Comhairliúchán	44
7.1 Comhairliúchán Babhta 1	45
7.2 Comhairliúchán Babhta 2	48

Roinn 3: Cad is Mian Linn a Chur i gCrích	/51
Caibidil 8: An Straitéis agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas	52
Caibidil 9: Fís agus Ábhair	55
9.1 Fís	55
9.2 Cur Chuige Uileghabhálach	55
9.3 Ábhar	58
9.3.1 Ábhar 1 - Tithíocht agus Pobail Inrochtana	58
9.3.2 Ábhar 2 - Comhoibriú Idirghníomhaireachta agus an Soláthar Tacaíochtaí	60
9.3.3 Ábhar 3 - Inacmhainneacht Tithíochta	62
9.3.4 Ábhar 4 - Cumarsáid agus Rochtain ar Eolas	64
9.3.5 Ábhar 5 - Eolas, Saineolas agus Inniúlacht	65
9.3.6 Ábhar 6 - Ailíniú Straitéise	67
Roinn 4: Conas a Bhainfimid an Sprioc Amach	/69
Caibidil 10: Plean Feidhmithe	70
Caibidil 11: Struchtúir Feidhmithe	71
Caibidil 12: Monatóireacht agus Bailiú Sonraí	74
12.1 Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn	74
12.2 Bailiú Sonraí	75
Aguisín 1: Ballraíocht sa Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta	/77
Aguisín 2: Gluais Téarmaí	/78
Aguisín 3: Tagairtí	/81

Achoimre Fheidhmeach

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027 forbairt a dhéanamh ar an obair atá curtha i gcrích leis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine le Míchumas (2011-2016 (STNDLM) (leathnaíodh go dtí 2021)) roimhe seo.² Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO) i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte (RS) agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) a d'fhorbair an Straitéis nua seo faoi na treoirphrionsabail Tithíochta do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn.³ Déanann sé taifead ar an gcreat maidir le soláthar tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas trí ghnáthpholasaí tithíochta.

Leagann An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027 (STNDFM) amach an fhís do chomhoibriú na ranna Rialtais, na ngníomhaireachtaí stáit agus eile maidir le tithíocht agus na tacaíochtaí gaolmhara a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas sna cúig bliana atá amach romhainn.

Is í fíís na Straitéise:

Daoine faoi mhíchumas a éascú chun maireachtáil go neamhspleách agus na roghanna agus an smacht cuí a bheith acu faoi cén áit, cén chaoi agus cé leis a bhfuil siad ina gcónaí, ag cur a gcuimsithe sa phobal chun cinn.

Comhrochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar thithíocht le seirbhísí tacaíochta comhtháite a chumasú a thuilleadh.

Cosúil leis an gcéad Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (STNDLM) bainfear úsáid sa Straitéis seo as an téarma “míchumas” i dtaca le ceithre chatagóir míchumais, i.e. míchumas céadfach, deacrachtaí meabhairshláinte, míchumas coirp agus míchumas intleachta. Cuirtear míchumais síceasóisialta san áireamh chomh maith nuair a tagraítear do dheacrachtaí meabhairshláinte, mar tá sé seo de réir samhail sóisialta na teanga. Le linn na chéad bhliana den Straitéis nua, cuirfear tús leis an bpróiseas oibre chun an fhaisnéis atá ann cheana faoi na riachtanais tithíochta laistigh de gach catagóir a neartú. Éascófar leis sin an phleanáil straitéiseach cheart a theastaíonn chun soláthar tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú. Cuimseoidh sé sin daoine faoi mhíchumas chomh maith nach luaitear le ceann de na catagóirí ar leith thuas, ar nós iad siúd le dédhiagnóis nó a bhfuil Uathachas orthu.

Forléargas ar na hÁbhair

Saináithníodh i dtréimhse chomhairliúcháin chuimsitheach ocht mí na réimsí ar gá aghaidh a thabhairt orthu chun fíís na Straitéise a bhaint amach. Leagtar amach na réimsí sin mar théamaí. Tá torthaí inmhianaithe le gach téama a chuirfidh leis an bhfíís iomlán nuair a sholáthrófar iad.

2 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine le Míchumas 2011-2016 (cuireadh síneadh ama leis go dtí 2021). Oscailte Samhain 2021: gov.ie - An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine le Míchumas 2011 - 2016 (www.gov.ie)

3 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, *Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn (www.gov.ie)

Ábhar 1 - Tithíocht agus Pobail Inrochtana

Díríonn an t-ábhar seo ar sholáthar tithíochta inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, cur chun cinn pobal inrochtana agus tithe a bhfuil dearadh uilíoch orthu. Cuirtear bonn eolais leis le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD) agus, go háirithe, “Alt 19 – Maireachtáil go neamhspleách agus a bheith san áireamh sa phobal” agus “Alt 9 – Rochtain, a bhfuil mar aidhm aige “daoine faoi mhíchumas a bheith ag maireachtáil go neamhspleách a chumasú ...agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar an timpeallacht fhisiciúil.”

Ábhar 2 - Comhoibriú Idirghníomhaireachta agus an Soláthar Tacaíochtaí

Áirítear leis an ábhar seo torthaí maidir le feabhas ar chomhoibriú éifeachtach idir údaráis áitiúla agus an FSS, comhoibriú idir-rannach níos fearr, seirbhísí tithíochta agus tacaíochta a ailíniú agus comhroinnt eolais cuí idir gníomhaireachtaí.

Féachtar leis ábhar seo ag cur leis an obair a rinneadh cheana féin le linn an NHSPWD 2011 go 2016 (sínte go dtí 2021) trí na struchtúir seo a neartú agus trí chomhoibriú a fheabhsú idir na gníomhaireachtaí cuí.

Ábhar 3 - Inacmhainneacht Tithíochta

Díríonn an t-ábhar seo ar rochtain do thithíocht inacmhainne do dhaoine faoi mhíchumas a chumasú. Ag teacht le Tithíocht do Chách agus, go háirithe “Conair 1- Tacaíocht a thabhairt d’Úinéireacht Tí agus Inacmhainneacht a Mhheadú”, tá sé tábhachtach go gcuimseofar daoine faoi mhí chumas sa soláthar tithíochta inacmhainne. Scrúdaítear san ábhar seo na saincheistean seo agus tugtar aghaidh ar na dúshláin a d’fhéadfadh a bheith ag daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí san earnáil phríobháideach, i gcomhthéacs úinéireacht tí agus cíos príobháideach.

Ábhar 4 - Cumarsáid agus Rochtain ar Eolas

Díríonn an t-ábhar seo ar chumarsáid agus an rochtain ar eolas. Leanfaidh an Straitéis le forbairt a dhéanamh ar éachtaí inrochtaineachta faisnéise na Straitéise roimhe seo amhail doiciméid na Roghanna Tithíochta, an Treoir Éasca le Léamh maidir leis an bhFoirm Iarratais ar Thithíocht Shóisialta agus an Seicliosta um Bogadh Isteach a Chomhlánú. Cuirtear san áireamh sa Straitéis gur próiseas dhá bhealach í an chumarsáid.

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis a chinntiú nach bhfuil daoine faoi mhíchumas faoi mhíbhuntáiste agus iad ag cur a riachtanais in iúl agus maidir leis an gcumarsáid a fhaigheann siad. Áirítear leis sin faisnéis a sholáthar i réimse formáidí inrochtana agus úsáid a bhaint as na bealaí éagsúla cumarsáide is fearr le daoine faoi mhíchumas, agus á chinntiú go gcuirfear am agus inrochtaineacht leordhóthanach ar fáil lena chur ar chumas daoine dul i dteagmháil le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí ábhartha.

Ábhar 5 - Eolas, Cumas agus Inniúlacht

Cuirtear chun cinn leis an ábhar seo bearta chun feasacht agus tuiscint ar mhíchumas agus ar thithíocht a mhéadú laistigh de na heagraíochtaí cuí⁴. Cuirtear béim ann chomh maith ar fheasacht a mhéadú maidir le rannpháirtíocht éifeachtach daoine faoi mhíchumas agus a bheith cuimsithe ina bpobail. Áirítear leis torthaí a bhaineann le forbairt eolais saineolais laistigh den earnáil tithíochta maidir le míchumas agus ar fhorbairt eolais agus saineolais laistigh den earnáil sláinte agus shóisialta maidir le tithíocht. Admhaítear ann freisin na réimsí ina bhfuil oiliúint trasghníomhaireachta de dhíth, mar shampla, tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015.⁵

4 I measc na n-eagraíochtaí ábhartha anseo tá údaráis áitiúla, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, an FSS agus soláthraithe seirbhíse míchumais

5 An Roinn Dlí agus Cirt, *an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas)*, 2015. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (www.gov.ie)

Ábhar 6 - Ailíniú Straitéise

Cuirtear béim san ábhar seo go gcinnteofar i ngach straitéis agus polasaí de chuid an Rialtais ó thaobh tithíochta de go gcuirfead cearta daoine faoi mhíchumas chun cinn, ar aon dul le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas. Cinnteoidh sé seo go dtagann agus go dtacaíonn An Straitéis Tithíochta Náisiúnta nua do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027 le straitéisí eile a bhaineann le míchumas, ar nós An Fhís a Roinnt agus an Straitéis um dhí-chomhchónaí Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe, agus an obair de réir an Chláir do thiomantas an Rialtais chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ngá le tithíocht le tacaíochtaí cuí atá aitheanta san Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032.

Cuirfead béim leis an téama seo freisin ar straitéisí agus beartais eile a ailíniú, amhail Tithíocht do Chách, agus na Pleananna Gníomhaíochta Seachadta Áitiúil a bunaíodh faoina chreat, agus Dualgas na hEarnála Poiblí.

Tá sé tábhachtach, ní amháin go n-ailíniú gach straitéis, ach go gcuireann siad cuimsiú agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas chun cinn trína bhfeidhmiú.



Fíor 1: Amlíne maidir le forbairt na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027

Réamhrá

Tá Éire ar an mbeagán tíortha a bhfuil straitéis ar leith aici maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas. Léiríonn forbairt an dara straitéis tithíochta seo a bhaineann go saineúil le daoine faoi mhíchumas tiomantas an Rialtais do chomhrochtain a sholáthar do thithíocht do chách. Léirítear sa Straitéis seo nach féidir le haon roinn, gníomhaireacht nó eagraíocht Rialtais fíís na Straitéise a bhaint amach leo féin. Ba chóir í a sholáthar ar bhealach comhordaithe agus comhoibríoch, ar aon dul le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas, agus daoine faoi mhíchumas chun tosaigh.⁶ Le baint amach “Alt 19 - Maireachtáil go Neamhspleách agus a bheith san áireamh sa phobal”, cinnteofar go bhfuil cearta comhionanna ag daoine faoi mhíchumas chun teacht a bheith acu ar thithíocht agus cearta comhionanna chun teacht a bheith acu ar thacaíochtaí atá de dhíth chun gur féidir leo a bheith in ann maireachtáil go neamhspleách laistigh den phobal.

Leagtar amach sa Straitéis an dóigh a gcuirfidh an Rialtas na creataí i bhfeidhm lena chinntiú go bpléifear go cuimsitheach le riachtanais tithíochta agus cúraim/tacaíochta daoine faoi mhíchumas. Tá sraith doiciméad mar thaca leis an Straitéis seo lena n-áirítear leagan Éasca-le-Léamh agus leagan Fuaime.

Is í fíís uileghabhálach na Straitéise, atá spreagtha ag an aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin, daoine faoi mhíchumas a éascú chun maireachtáil go neamhspleách agus chun bheith cuimsithe ina bpobail. Tá an fhíís tacaíthe ag sé ábhar ina léirítear na réimsí ina bhfuil gá le gníomh chun an fhíís a sholáthar. Tá sraith torthaí inmhianaithe i ngach ábhar nach mór iad a thabhairt i gcrích chun tacú le fíís na Straitéise agus í a sholáthar. Forbraíodh na téamaí agus gach ceann de na torthaí inmhianaithe mar thoradh ar an aiseolas ón gcomhairliúchán.

Ullmhófar agus foilseofar Plean Feidhmithe faoi dheireadh na dara ráithe de 2022 ina mbeidh na gníomhaíochtaí sonracha a theastaíonn chun torthaí gach ábhair a sholáthar. Tá roinnt gníomhaíochtaí tosaigh ann sa Straitéis seo, áfach, a thosófar sula bhfoilseofar an Plean Feidhmithe. Taispeánann cuimsiú gníomhaíochtaí mar sin rún an Rialtais dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas agus iad ag lorg tithíochta chomh maith le comhartha soiléir a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara go bhfuil gá le beart ar bhonn láithreach.

6 Roinn Gnóthaí Eacnamaíochta agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe – Míchumas, *Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCPRD)*. Oscailte Samhain 2021: Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas – Ailt | United Nations Enable



A man with a beard and a small hoop earring is shown in profile, sitting in a wheelchair. He is in a kitchen, holding a bundle of uncooked spaghetti. The kitchen has white tiled walls, a stainless steel range hood, and white cabinets. A blue and white striped pattern is overlaid on the right side of the image.

Roinn 1

Cad Atá Déanta

Féachfar sa chuid seo den Straitéis ar an dul chun cinn atá déanta le deich mbliana nó níos mó anuas chun soláthar tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú. Déanfar athbhreithniú sa chuid seo ar roinnt beartas agus straitéisí a forbraíodh le linn na tréimhse seo agus ar an dóigh ar chuidigh siad le tionchar a imirt ar athrú agus an dóigh ar cuireadh bonn eolais faoinn Straitéis seo leis an athrú sin.

Caibidil 1: An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2011 go 2016 (cuireadh síneadh ama leis go dtí 2021)

Comhstraitéis ba ea an Straitéis idir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus an Roinn Sláinte. Foilsíodh an NHSPWD in 2011 agus foilsíodh Creat Cur Chun Feidhme in 2012. Leagtar amach sna doiciméid naoi nAidhm Straitéiseacha agus bearta iomadúla tosaíochta chun fíis an doiciméid a bhaint amach, arbh é sin:

Feabhas a chur ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar an soláthar cuí seirbhísí tithíochta agus tacaíochta gaolmhara, a sholáthrófar ar bhealach comhtháite inbhuanaithe, lena gcuirfear chun cinn comhdheiseanna, rogha agus maireachtáil neamhspleách an duine aonair.

Síneadh an NHSPWD go 2020 faoi Éire a Atógáil 2016 - 2021⁷ toisc go raibh go leor de na haidhmeanna fós ábhartha agus nár baineadh gach gné de na haidhmeanna amach. Cuireadh síneadh ama eile leis an Straitéis in 2020 go dtí deireadh 2021 mar gheall ar thionchar Covid 19.

Rinne an Gníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú ar an NHSPWD ina dtaifeadtar na táirgí insoláthartha le linn shaolré na Straitéise. Tá samplaí san Athbhreithniú chomh maith de thionscadail agus de thionscnaimh dea-chleachtas lena soláthraíodh tithíocht agus tacaíochtaí gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas mar chuid de na híomhánna ar fud an doiciméid. Tá an tAthbhreithniú ar an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 go 2016 (sínte go dtí 2021) foilsithe mar chuid den tsraith doiciméad atá ag gabháil leis an Straitéis seo.


"Sílim gurb é an NHSPWD idir-rannach (2011) an chéim aonair ba mhó chun deireadh a chur le hinstiúidí agus príomhshruthú na maireachtála neamhspleáiche in Éirinn. Glacann sé tamall fada cultúir agus bealaí traidisiúnta smaointeoireachta a athrú agus soláthraíonn sé seirbhísí. Ba cheart go mbeadh lorg tionscnamh lena gcuirtear iallach ar na soláthraithe seirbhíse agus na húdaráis áitiúla oibriú le chéile tríd an straitéis."

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

De thoradh ar an NHSPWD bunaíodh struchtúir ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil lena dtugadh le chéile roinnt geallsealbhóirí chun comhoibriú den chéad uair chun tithíocht agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Áiríodh ar na struchtúir:

- Rinne Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht cathaoirleach ar an nGrúpa Monatóireachta Feidhmithe. Chuir an grúpa tuarascálacha bliantúla le chéile le linn shaolré na Straitéise inar taifeadadh an dul chun cinn a rinneadh an bhliain roimhe sin.⁸



⁷ An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, *Seoladh Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine*. Ar fáil anseo: [Seoladh Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine](http://www.gov.ie) | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (old.gov.ie)

⁸ Féach anseo: [gov.ie](http://www.gov.ie) - Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas (www.gov.ie) chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na tuarascálacha

- Bunaíodh an **Foghrúpa Tithíochta** ar an leibhéal náisiúnta chun cur chun feidhme na Straitéise a chur chun cinn. Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta cathaoirleacht ar an bhFoghrúpa Tithíochta agus bhí ionadaithe air ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Roinn Sláinte, údaráis áitiúla go dtí Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae, an FSS, Meabhairshláinte agus Míchumas araon, na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) go dtí Comhairle na hÉireann um Thithíochta Sóisialta, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus ionadaithe ó na heagraíochtaí míchumais.
- Bunaíodh **Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais** (GSTM) i ngach ceantar údaráis áitiúil. Rinne an Stiúrthóir Seirbhíse um Thithíocht san údarás áitiúil cathaoirleacht ar na grúpaí seo agus bhí ionadaithe ón FSS iontu chomh maith le hionadaithe ó CCTanna agus na hearnálacha míchumais. I measc fhreagrachtaí na ngrúpaí bhí ullmhú Pleananna Straitéiseacha Áitiúla (PSÁna) inar féachadh ar an dóigh a bhféadfaí na gníomhaíochtaí sa straitéis náisiúnta a chur chun feidhme go háitiúil. Críochnaíodh na PSÁna tosaigh in 2015 agus 2016 agus d'ullmhaigh a lán GSTMna PSÁna nua go luath in 2021. Tá spriocanna le go leor de na pleananna nua maidir le tithíocht a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas sna 5 bliana amach romhainn.

“Rinneadh roinnt feabhsuithe do dhaoine faoi mhíchumas trí straitéisí i roinnt réimsí, ach níl sé sin uilíoch. Lena chois sin, tá straitéisí tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas an-leathan toisc go bhfuil na difríochtaí sna riachtanais do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil i gcomparáid le míchumais eile an-mhór.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

I gCaibidil 11 (Ich. 70) den doiciméad seo leagtar amach na struchtúir a chuirfear i bhfeidhm chun an Straitéis nua seo a sholáthar, ag teacht leis na n-athruithe lena chinntiú go mbeidh Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Míchumas ina gcuid lárnach den struchtúr agus chun na struchtúir ionadaíocha a neartú, agus dúbailt á seachaint agus cuntasacht i measc na ngeallsealbhóirí uile á cinntiú.

Bailiú Sonraí

In 2017 chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta tús le bailiú sonraí ar líon na leithdháiltí tithíochta sóisialta a rinneadh do dhaoine faoi mhíchumas an bhliain roimhe sin. Cuireadh tús leis an mbailiú le heisiúint foirme teimpléid d’údaráis áitiúla lena comhlánú, ag taifeadadh líon na leithdháiltí de réir na catagóire míchumais. Nuair cuireadh isteach iad chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta na sonraí le chéile. Rinneadh roinnt athruithe ar fhormáid an bhailiúcháin le linn na tréimhse, agus gabhadh sonraí níos fearr in 2019 agus 2020 mar thoradh air sin. Leagtar amach i dTábla 1 thíos na leithdháiltí a rinneadh i ngach bliain ó 2016 go 2020.

Catagóir	Líon na dTithe a Leithdháileadh in aghaidh na bliana				
	2016	2017	2018	2019	2020
Míchumas					
Fisiciúil	682	833	761	1,231	1,038
Céadfach	88	118	155	239	222
Meabhairshláinte	194	365	318	632	521
Intleachtúil	215	199	167	296	312
Aicmiú ⁹	27	64	142	-	-
Iomlán	1,206	1,579	1,543	2,398	2,093

Tábla 1: Leithdháileadh de réir na Catagóire Míchumais

⁹ Is ionann an t-aicmiú riachtanas sa chomhthéacs seo agus i gcás nár bhain bunús an riachtanais le míchumas, ach go raibh míchumas sa teaghlach.

Beidh feabhsú agus neartú bhailiú agus chomhordú sonraí lárnach don Straitéis nua seo agus tugtar níos mó eolais faoi sin i gCaibidil 12 (lch. 74).

Ar an iomlán, léirítear le soláthar na nGníomhaíochtaí Tosaíochta faoin NHSPWD go ndearnadh dul chun cinn maith le linn a shaolré, ach tá níos mó le déanamh fós agus tá cuid de na gníomhaíochtaí ón NHSPWD fós ábhartha agus tabharfar ar aghaidh iad sa Straitéis 2022 go 2027 seo. Ina measc seo tá:

1. Struchtúr an Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais le cothabháil agus le neartú thar shaolré na Straitéise náisiúnta nua.
2. Na Treoirínte Náisiúnta maidir leis an bPróiseas um Measúnú agus Leithdháileadh le haghaidh Soláthar Tithíochta a athbhreithniú agus a leabú i gcleachtais na n-údarás áitiúil trína mBeartais um Leithdháileadh Tithíochta/Scéimeanna maidir le Tosaíochtaí Ligin.
3. Ba cheart na Pleananna Straitéiseacha Áitiúla a athbhreithniú in 2022 chun aidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise nua agus gníomhaíochtaí gaolmhara ar bith a chur san áireamh.
4. Ba cheart an tuairisciú ar leithdháiltí agus seachadadh píblíne a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais le haghaidh Tithíocht do Chách agus ba cheart go leanfaí le tuairisceáin bhliantúla a chur chuig an nGníomhaireacht Tithíochta lena chinntiú go gcoinneofar an bhéim ar sholáthar.
5. Leis na Scéimeanna Deontais um Oiriúnú Tithíochta bhí go leor daoine agus teaghlach ábalta fanacht ina dtithe féin. Tá sé tábhachtach go ndéanfar athbhreithniú leanúnach ar na deontais sin lena chinntiú go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm i gcónaí, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar chuimsiú deontas do theicneolaíocht chúnta chun leas a bhaint as na feabhsuithe sa teicneolaíocht.
6. Ba cheart an oiliúint Luath-Idirghabhála a phríomhshruthú mar chuid den chlár oiliúna agus í a chur ar fáil d'údarais áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta tríd an nGníomhaireacht Tithíochta.
7. Ba cheart leanúint leis an Tionscnamh Faisnéise Inrochtana agus é a leathnú chun na modhanna cumarsáide is déanaí agus is éifeachtaí a scrúdú.
8. Ba cheart an Tionscadal um Aistriú Maoine Meabhairshláinte a chur san áireamh lena chinntiú go gcuirfear an tionscadal i gcrích. Ba cheart amlíne go dtí lár 2022 a shocrú le críochnú.
9. Leanfaidh na gníomhaireachtaí iomchuí go léir ag obair i dtreo an clár dí-chomhchónaí a chur i gcrích.
10. Machnamh a dhéanamh ar na moltaí tithíochta in An Fhís a Roinnt agus iad a chur chun cinn¹⁰.

¹⁰ An Roinn Sláinte, *An Fhís a Roinnt: Beartas Meabhairshláinte do Chách*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - An Fhís a Roinnt: Beartas Meabhairshláinte do Chách (www.gov.ie)

Caibidil 2: An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais

Tá an Rialtas tiomanta do shaol daoine faoi mhíchumas a fheabhsú. Is í an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017 -2021¹¹ (SNCM), atá sínte anois go dtí deireadh 2022, an príomhchreat le haghaidh beartais agus gníomhaíochta maidir leis seo.

Sa SNCM glactar cur chuige uile-Rialtais maidir le feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas agus na deiseanna agus fearr is féidir a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas le barr a gcumais a bhaint amach.


Déanann an Grúpa Stiúrtha SNCM maoirseacht ar chur chun feidhme na Straitéise. Déanann an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, Anne Rabbitte T.D., cathaoirleacht ar an ngrúpa agus tagann sé le chéile gach ráithe. Cuimsítear ann ionadaithe ó Ranna Rialtais, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, agus baill den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais (GPLM). Bíonn ceithre bhall is fiche sa GPLM, de ghnáth, a dhéanann ionadaíocht ar chrosghearradh den earnáil, agus a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách ann.

Ó sheoladh an SMCM in 2017, tá dul chun cinn suntasach déanta ar fud roinnt príomhréimsí fócais. Ba é an garsprioc ba shuntasá daingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas i mí an Mhárta 2018. I measc rudaí eile a baineadh amach bhí foilsíú na Tuarascála 'Cinntiú gur Fiú an Luach Saothair an Obair'¹², achtú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017¹³ agus laghdú ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí i suíomhanna comhchónaí (féach Caibidil 4.3 lch. 30).

Tá an SNCM ar cheann de roinnt príomhchreataí le haghaidh beartais agus gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas in Éirinn agus tacú le dul chun cinn éifeachtach maidir leis na hoibleagáidí atá leagtha amach san UNCRPD a chomhlíonadh.¹⁴

Foilsíodh Athbhreithniú Meántearma ar an SNCM i mí an Mhárta 2021.¹⁵ Leagadh amach san athbhreithniú creat gníomhaíochta le haghaidh míchumais ó mhí an Mhárta 2021 go dtí deireadh shaolré na Straitéise. Bhain sé le próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara míchumais agus le ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha.

Deimhníodh san athbhreithniú seo go dteastaíonn ó na páirtithe leasmhara go gcuirfí béim an chreata gníomhaíochta ar ghealltanais sa Straitéis cheana a chur chun feidhme agus ar oibleagáidí a chomhlíonadh a thagann as daingniú na hÉireann den UNCRPD.



- 11 An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige, *an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (2017-2021)*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (www.gov.ie)
- 12 An Roinn Coimirce Sóisialaí, *An Tuarascáil 'Cinntiú gur Fiú an Luach Saothair an Obair' 2017*. Oscailte: Samhail 2021: gov.ie - Make Work Pay Report (www.gov.ie)
- 13 Féach: An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017 (irishstatutebook.ie)
- 14 An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas 2019*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas 2019 (www.gov.ie)
- 15 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, *Athbhreithniú Meántearma ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais 2017-2021*. Oscailte Samhain 2021: Midterm-Review-of-the-National-Disability-Inclusion-Strategy-2017-2021[1].pdf (justice.ie)

Díríodh an cur chuige maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais ó tionóladh tAthbhreithniú Meántearma ar na snáitheanna seo a leanas:

- Feasacht a ardú ar thaithí saoil daoine faoi mhíchumas;
- Cearta a neartú lena n-áirítear reachtaíocht i ndiaidh an UNCRPD a dhaingniú;
- Leathnú isteach i réimsí nua – obair maidir le saincheisteanna trasnachais;
- An UNCRPD a chur chun feidhme; agus
- Seirbhísí a fheabhsú trí chur chun feidhme agus trí chomhoibriú níos fearr.

Forbrófar naisc idir an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, an Straitéis um Lánpháirtíú Imirceach, an Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní, an Straitéis LGBTI+ agus an Straitéis Náisiúnta do Thaistealaithe agus do Romaigh chun bacainní a bhí os comhair taistealaithe agus romach faoi mhíchumas, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, ban, daoine trasinscneacha, leispiacha, aeracha agus idirghnéasacha faoi mhíchumas.

Caibidil 3: Dul chun cinn ar an UNCRPD

Tuarascáil Ballstáit

Dhaingnigh Éire an UNCRPD in 2018 agus chuir sí a céad Tuarascáil Stáit faoi bhráid an Choiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas i mí na Samhna 2021¹⁶. D'ullmhaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige dréacht-Tuarascáil le hionchur ó ranna eile, i mí na Nollag 2020. Bhí roinnt páirtithe leasmhara páirteach i snáitheanna éagsúla de chomhairliúchán poiblí inrochtana thar thréimhse ceithre mhí trí aighneachtaí i scríbhinn agus imeachtaí ar líne. Bhí an Líonra Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais (LRCM) nuabhunaithe páirteach ann lena chinntiú go raibh rochtain ag daoine ag a raibh taithí saoil ar mhíchumas ar an bpróiseas comhairliúcháin.¹⁷ Bunaíodh próiseas lena chinntiú go gcuirfí leanaí agus daoine óga san áireamh sa chomhairliúchán.



I ndiaidh an Tuarascáil Tosaigh Stáit a chur isteach, tá Éire ag fanacht le dáta chun dul os comhair Choiste na Náisiún Aontaithe.

Bunú an Líonra Rannpháirtíochta agus an Comhairliúcháin Míchumais (LRCM)

Ceanglaítear leis an UNCRPD ar pháirtithe Stáit páirt ghníomhach a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas i bhforbairt beartais (Airteagal 4.3). Tá sé tábhachtach go ndéanfaí taithí agus dearcthaí daoine faoi mhíchumas a chomhtháthú i bhforbairt beartas agus clár ionas go gcomhlíonfaidh siad a gcuid riachtanas go héifeachtach.

Mhaoinigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige forbairt Líonra Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais chun acmhainn a fhothú laistigh den phobal daoine faoi mhíchumas ionas gur féidir le daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha páirt iomlán a ghlacadh.¹⁸ Cruthaíodh an Líonra ag deireadh 2020 agus tá céad agus seacht mball déag san iomlán ann. I measc na mball tá eagraíochtaí míchumais, eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas, daoine aonair faoi mhíchumas, baill teaghlaigh agus grúpaí tacaíochta. Mar gheall ar an mballraíocht fhairsing éagsúil cinntítear bonn leathan eolais agus taithí ach baineann castacht leis chomh maith maidir leis an líonra a bhainistiú, acmhainn a fhothú agus ionchais na mball a bhainistiú.

Tá ball eagraithe ag an Líonra a roghnaítear trí phróiseas oscailte. Roghnaíodh Cuimsiú Éireann don phost seo agus tá sé de chúram orthu dualgais eagrúcháin agus riaracháin a dhéanamh don Líonra agus pointe teagmhála amháin a sholáthar don obair a bhfuil baint aige leis.

Tá baill ann a fhaigheann maoiniú deontais chun tacú lena rannpháirtíocht sa Líonra agus chun tacaíochtaí a thabhairt agus a sholáthar do na baill i gcoitinne. Ba iad Ba iad ASIAN, Athchóiriú na Meabhairshláinte, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas agus Comhghuaillíocht na nEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (Comhghuaillíocht DPO) na baill a fuair maoiniú deontais.

16 An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, *An chéad tuarascáil ó Éirinn chuig Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - An chéad tuarascáil ó Éirinn chuig Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (www.gov.ie)

17 An Roinn Dlí agus Cirt, *An Líonra Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais*. Oscailte Samhain 2021: Cur i Láthair PowerPoint (justice.ie)

18 An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, *Seoladh an Líonra Rannpháirtíochta agus an Comhairliúcháin Míchumais*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - Seoladh an Líonra Rannpháirtíochta agus an Comhairliúcháin Míchumais (www.gov.ie)

Is tionscnamh tábhachtach é an Líonra seo a chuideoidh le meon agus substaint an UNCRPD in Éirinn a bhaint amach. Cuirfidh sé ardán ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt beartais a théann i bhfeidhm ar a saol.

“Tá sé de cheart ag ár ndaoine óga faoi mhíchumas intleachtúil an dínit a bheith acu maireachtáil le tacaíocht ar shiúl óna dtuismitheoirí de réir chairt an UNCRPD. Is ceart daonna é. Tá a fhios againn go nglacann na rudaí sin am, ach táimid ag cailleadh foighne agus ag éirí níos sine.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

Tiomantas do Phlean Cur Chun Feidhme UNCRPD a Fhorbairt

Tá Clár an Rialtais a foilsíodh in 2020¹⁹, mar aon leis an Athbhreithniú Meántearma ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais ²⁰2020, tiomanta do Phlean Cur Chun Feidhme UNCRPD a bhunú. Leis an bPlean seo déanfar comhordú agus monatóireacht ar dhul chun cinn chur chun feidhme an UNCRPD ar fud ranna Rialtais. Beidh príomhról ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhordú an Phlean Cur Chun Feidhme seo, agus beidh ranna Rialtais freagrach as a bpleananna féin a dhréachtú le cur leis an bPlean Náisiúnta foriomlán.

Beidh próiseas comhairliúcháin ar siúl i dtús 2022. Leagfar amach leis sin na príomhshaincheisteanna agus na ceisteanna a n-iarrfar tuairimí páirtithe leasmhara fúthu, lena n-áirítear na próisis a fhorbrófar chun oibriú le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas (EDFMna). Ullmhófar dréachtphlean cur chun feidhme agus cuirfear faoi bhráid an Rialtais é lena cheadú faoi lár 2022.

Bunú an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Cúrsaí Míchumais

D’fhoilsigh na Náisiúin Aontaithe treoirleabhar ‘Lámhleabhar do Pharlaiminteoirí ar an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas’ ina sonraítear, ‘chomh maith leis na hionstraimí monatóireachta ar leith arna mbunú ag an gCoinbhinsiún, tá ról lárnach ag an bparlaimint, trína feidhm mhaoirseachta maidir le meas ar chearta daoine faoi mhíchumas a chinntiú.’²¹

Tá sé tugtha faoi deara go ndéantar monatóireacht parlaiminteach aisti féin ach go gcomhlánaítear na ról monatóireachta UNCRPD atá leagtha amach sa Choinbhinsiún léi. Tá bunú an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Cúrsaí Míchumais (COCM) ina gharsprioc thábhachtach maidir leis sin.²²

“Tá Airteagal 19 den UNCRPD le cur chun feidhme agus monatóireacht iomlán a dhéanamh air lena chinntiú go bhfuil CEART chun tithíochta ag daoine faoi mhíchumas”

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

19 Roinn an Taoisigh, *Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnta*. Ar fáil anseo: gov.ie - Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí Chomhroinnta (www.gov.ie)

20 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Athbhreithniú Meántearma ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais 2017-2021. Ar fáil anseo: Midterm-Review-of-the-National-Disability-Inclusion-Strategy-2017-2021[1].pdf (justice.ie)

21 Roinn Gnóthaí Eacnamaíochta agus Sóisialta na Náisiúin Aontaithe – Míchumas, *Lámhleabhar do Pharlaiminteoirí ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas*. Oscailte Samhain 2021: Lámhleabhar do Pharlaiminteoirí ar an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas – Ailt | United Nations Enable

22 Tithe an Oireachtais, *An Coiste maidir le Cúrsaí Míchumais*. Ar fáil anseo: An Coiste maidir le Cúrsaí Míchumais – 33ú Dáil, 26ú Seanad – Tithe an Oireachtais

Caibidil 4: Comhthéacs Beartais

4.1 Tithíocht do Chách

Is é Tithíocht do Chách²³(2021) plean tithíochta an rialtais go dtí 2030. Is í an aidhm fhoriomlán atá ag an bplean tithíochta d'Éirinn ná gur cheart go mbeadh rochtain ag gach aon duine sa Stát ar theach a cheannach nó a fháil ar cíós ar phraghas réasúnta, atá tógtha ar ardchaighdeán agus san áit cheart, agus ardcháilíocht saoil ag baint leis. Is í fíís an phlean soláthar rialta tithíochta a bheith ann sna suíomhanna cearta le hinbhuanaitheacht eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta i gceist leis an gcóras. Meastar go dteastaíonn thart ar 33,000 teach nua gach bliain chun freastal ar an riachtanas.

Le Tithíocht do Chách soláthraítear ceithre chonair chun a chuspóirí uileghabhálacha a bhaint amach:

1. Tacú le hÚinéireacht Tí agus Inacmhainneacht a Mhéadú
2. Deireadh a chur le hEaspa Dídine, Soláthar Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus Cuimsiú Sóisialta a Thacú
3. Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú
4. Aghaidh a thabhairt ar Fholúntas agus Úsáid Éifeachtach an Stoic atá Ann

Tá sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí i ngach ceann de na conairí chun na Cuspóirí Beartais Tithíochta sin a bhaint amach.

Conair 2 - Tá an cuspóir le Deireadh a chur le hEaspa Dídine, Soláthar Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus Cuimsiú Sóisialta a Thacú, maidir le feabhas a chur ar chomhionannas deiseanna, rogha aonair, agus maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas.

Ar leathanach 67 den phlean, sonraítear:

'Tá sé rithábhachtach go ndéanfar raoin iomchuí cineálacha tithíochta agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara a sholáthar, ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe, chun comhionannas deiseanna, rogha aonair agus maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.'

I Roinn 2.4.2 (Ich. 67) de Thithíocht do Chách Déantar tagairt don Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas mar:

'Treochlár chun rochtain, do dhaoine faoi mhíchumas, ar raon seirbhísí tithíochta agus tacaíochta gaolmhara a éascú, a sholáthrófar ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe, agus a chuirfidh comhionannas deiseanna, rogha an duine aonair agus maireachtáil neamhspleách chun cinn.'

Sonraítear sa phlean chomh maith:

'Faoi threoirphrionsabal na Tithíochta do Chách agus tacaíthe ag an Straitéis nua, ní mór dúinn oibriú chun tithíocht atá deartha agus sonraithe go cuí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, ar aon dul le fíís agus prionsabail an dearaidh uilíoch'

I gCuid 2.2.2 (Ich. 60) sonraítear:

'Cinntoidh an Rialtas go ndéanfar uailmhian na Tithíochta do chách a aistriú go pleananna gníomhaíochta soláthair Údaráis Áitiúil a bheidh soiléir agus spriocdhírthe. Tabharfar spriocanna ilbhliantúla d'Údaráis Áitiúla maidir le soláthar tithíochta sóisialta thar shaolré an Phlean.'



23 An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, *Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn (www.gov.ie)

Le riachtanas d'údaráis áitiúla tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh ina bPleananna Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta agus tabharfar fócas don phleanáil straitéiseach don riachtanas sainaitheanta, agus aitheantas á thabhairt don riachtanas atá tuartha san Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 (2021) de chuid an Roinn Sláinte chomh maith²⁴. Pléifear an t-athbhreithniú seo go mion níos déanaí sa chaibidil seo.

Aithnítear sa Tithíocht do Chách an tábhachtach a bhaineann leis na Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas, ach tarraingíonn sé aird air gur gá iad a neartú, ag cur dualgas ar na grúpaí tuairisc a dhéanamh ar fheidhmiú gach gné dá bPleananna Straitéiseacha Áitiúla.

Chun cur leis na gealltanais seo, leagtar amach sa Tithíocht do Chách sé ghníomhaíocht atá de dhíth chun freastal ar na torthaí atá leagtha amach sa phlean. Tá amlíne agus príomh-eagraíocht le gach gníomh. Tá na gníomhaíochtaí leagtha amach i dTábla 2.

Gníomhaíocht	Sonra	Achar Ama	Eagraíocht Cheannasaíochta
7.1	Straitéis Tithíochta Náisiúnta nua a sholáthar do Dhaoine faoi Mhíchumas (2022 - 2027) i ndiaidh comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara agus poiblí agus le raon gníomhaíochtaí ina dtabharfar mionsonraí ar chomhordú agus ailíniú tacaíochtaí tithíochta, sláinte agus pobail	R4 2021	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus an Roinn Sláinte
7.2	Leagfar amach i bPleananna Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta Údaráis Áitiúil an dóigh a ndéanfar soláthar tiomnaithe tithíochta sóisialta a oirfidh do riachtanais daoine faoi mhíchumas a sholáthar de réir scála agus mhéid an riachtanais tithíochta a shainaithneofar do dhaoine faoi mhíchumas	R4 2021	ÚÁna
7.3	Breithneoidh Údaráis Áitiúla riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas tríd an gCreat um Measúnú Riachtanais agus Éilimh Tithíochta agus cuirfidh siad sin isteach ina Straitéisí Tithíochta mar chuid dá bpróiseas Pleananna Forbartha	Ar Siúl	ÚÁna
7.4	Athbhreithniú a dhéanamh ar raon na ndeontas tithíochta atá ar fáil chun cuidiú le freastal ar riachtanais shonracha tithíochta, lena n-áirítear an Deontas um Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus athruithe ábhartha a dhéanamh	R4 2021	DHLGH
7.5	Comhairleoirí Teicniúla do Thithíocht atá Feiliúnach do Dhaoine Faoi Mhíchumas a ainmniú	R4 2021	ÚÁna
7.6	Tabharfaidh Grúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais tuairisc gach ráithe ar chur chun feidhme a bpleananna straitéiseacha áitiúla maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste um Beartais Straitéiseacha	R1 2022	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus Údaráis Áitiúla


Tábla 2: Gníomhaíochtaí do Thithíocht do Chách

Cuimseofar gach ceann de na gníomhaíochtaí sa Tithíocht do Chách mar phríomhghníomhaíocht sa Phlean Forfheidhmithe don Straitéis seo. Cuirfear béim speisialta ar na gníomhaíochtaí sin i dtuarascáil bhliantúil an Fhoghrúpa Feidhmithe Tithíochta.

²⁴ An Roinn Sláinte, *Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 - Athbhreithniú ar Éileamh ar Chúram Sóisialta agus Ceanglais Acmhainne go dtí 2032* Oscailte Samhain 2021: gov.ie - Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 - Athbhreithniú ar Éileamh ar Chúram Sóisialta agus Ceanglais Acmhainne go dtí 2032 (www.gov.ie)

4.2 Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe

I mí an Mheitheamh 2011 rinneadh an Tuarascáil *Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe – Straitéis le haghaidh Cuimsiú Sóisialta*²⁵ a fhoilsiú. Sainaithníodh sa tuarascáil go raibh thart ar 4,000 duine faoi mhíchumas in 2008 ina gcónaí i suíomhanna comhchruinnithe, a shainítear mar “i gcás go bhfuil cónaí ar dheichniúr nó níos mó in aonad maireachtála aonair nó bunaithe ar champas”. Glacadh an tuarascáil mar bheartas agus gur cuireadh tús leis an gcur chun feidhme in 2012. Ba é an aidhm fhoriomlán leis an mbeartas bogadh ó chás ina bhfuil daoine ina gcónaí leo féin ar shiúl ó aon phobal agus ó theaghlaigh, agus go leor acu ina gcónaí faoi dhálaí maireachtála institiúideacha i gcás nach bhfuil príobháideacht agus dínit bhunúsach acu, go cás ina bhfuil daoine ina gcónaí ina dtithe féin agus go n-éascaítear deiseanna dóibh lena saol a fhás agus a bheith ceangailte ina bpobail.



Bunaidh Foghrúpa atá tiomnaithe d'Am chun Bog Ar Aghaidh chun na tionscnaimh a chur chun feidhme lena gcuirfear taca faoi shamhail nua do thacaíocht chónaithe sa phobal príomhshrutha agus lena n-éascaítear é, i gcás go dtacaítear le daoine faoi mhíchumas gnáthshaol a chaitheamh i ngnáth-áiteanna. Spreagann an foghrúpa seo cur chun feidhme an bheartais, ag soláthar tacaíochta agus maoirseachta ar an leibhéal náisiúnta agus ag forbairt acmhainní agus ag fothú acmhainne ar bhonn leanúnach. Cuireadh roinnt sruthanna maoinithe i bhfeidhm mar chumasóirí le haghaidh an bheartais sin, lena n-áirítear €100 milliún i maoiniú caipitil a leithdháileadh ar an FSS thar thréimhse sé bliana ó 2016-2021 go sonrach chun tithíocht a sholáthar chun go mbeifí ábalta dul chun cinn a dhéanamh i ndí-chomhchónaí roinnt suíomhanna tosaíochta. Infheistíodh acmhainní ioncaim aonuaire breise agus leanúnacha chomh maith.

“Ní mór dul i ngleic le dí-chomhchónaí ar bhonn práinneach” Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Go dtí seo bhí a lán de na hacmhainní agus na tacaíochtaí atá ar fáil dírithe ar dhí-chomhchónaí na suíomhanna tosaíochta is airde éascú agus a spreagadh ach leanadh le hobair ar bhonn leanúnach freisin chun dul chun cinn i ngach láthair chomhchónaithe eile a mhaoirsiú agus a spreagadh. I measc na mbeart a rinneadh bhí:

- úsáid spriocdhírithé as maoiniú caipitil a bhí ar fáil,
- oibriú leis an earnáil tithíochta chun tithe a fháil trí roghanna tithíochta príomhshrutha agus roghanna forbartha tithíochta eile, agus
- oibriú le seirbhísí chun tacaíocht agus treoir a sholáthar chun dí-chomhchónaí a spreagadh.

Forbraíodh réimse leathan uirlisí, athraithe agus bainistíochta tionscadail agus tacaíochtaí fothaithe acmhainneachta, ar féidir le seirbhísí iad a úsáid chun tacú leo a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas um dhí-chomhchónaí.

Maidir leis na daoine a dtacaítear leo aistriú ó láithreacha comhchónaithe, ní bogadh tí amháin atá i gceist, ach turas pearsanta atá ann ina gcruthaíonn siad a dteach, ina bhfeidhmíonn siad a rogha agus ina mbaineann siad leas as bheith ag maireachtáil mar chuid den phobal. Tá obair ar siúl chun fianaise a bhailiú lena léireofar an tionchar ar cháilíocht shaol, shláinte agus fholláine na ndaoine faoi mhíchumas a bhogann ó láithreacha comhchónaithe.

Bhog os cionn 1,000 duine isteach sa phobal agus tá obair fós ar siúl chun tacú leis an 1,800 duine atá fágtha sna láithreacha comhchónaithe a sainaithníodh ar dtús chun bogadh go dtí a rogha tithe. Ina theannta sin, shainithin an FSS thart ar 560 duine a bhí ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe nár taifeadadh ar dtús; is láithreacha iad sin a chomhlíonann an sainmhíniú ar dheichniúr nó níos mó daoine ina gcónaí le chéile, ach a fágadh amuigh as an tuarascáil bhunaidh.²⁶

25 FSS, Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe Straitéis le haghaidh Cuimsiú Pobail. Ar fáil anseo: 1 (hse.ie)

26 Bhí figiúirí bunaidh na tuarascála Am Chun Bogadh ar Aghaidh bunaithe ar fhéinmheasúnú, rud a raibh roinnt easnamh mar thoradh air, agus níor clúdaíodh iontu pobail bheartaithe, seirbhísí cónaithe a bhaineann go sainiúil le riocht nó socrúcháin le soláthraithe príobháideacha, rud a raibh easnamh eile mar thoradh air.

Dúnadh 19 láthair chomhchónaithe agus tacaíonn siad anois le cónaitheoirí go hiomlán sa phobal agus tá 13 láthair chomhchónaithe ann a bhfuil níos lú ná deichniúr fágtha sa láthair/champas. Níl ach 13 láthair chomhchónaithe ann ina bhfuil níos mó ná 50 cónaitheoir fágtha i gcomparáid le 24 láthair in 2012. In 2012 bhí 227 cónaitheoir sa láthair chomhchónaithe ba mhó agus bhí 112 duine san fhoirgneamh cónaithe ba mhó. I láthair na huaire, tá 138 cónaitheoir sa láthair chomhchónaithe is mó agus tá 28 duine san fhoirgneamh cónaithe is mó.

“Sílim go bhfuil sé ríthábhachtach nach mbeidh níos mó daoine faoi mhíchumas lonnaithe i láithreacha comhchónaithe agus i láithreacha grúpa. Glac seasmhach agus tabhair gealltanais nach leanfar na seanphátrúin arís”


Ó Chomhairliúchán Babhta 1

Mar fhocal scoir, sainaitníodh i dTuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe 2019 “Tacú le daoine faoi mhíchumas agus riachtanais shuntasacha le haghaidh tacaíocht chónaithe”²⁷ go bhfuil gá le roinnt seirbhísí tacaíochta cónaithe ard-speisialaithe a fhorbairt nó a choimeád chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tacaíochta roinnt daoine, de réir tola agus rogha. Agus laghdú ag teacht ar líon na láithreacha comhchónaithe, ba cheart dul chun cinn a dhéanamh lena shainaitint cén dóigh agus cá háit is fearr ar féidir freastal ar na riachtanais tacaíochta sin i gcomhréir leis an mbeartas.

4.3 Athbhreithniú ar Mhíchumas Inniúlachta go dtí 2032

San Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 – Athbhreithniú ar Éileamh ar Chúram Sóisialta agus Ceanglais Acmhainne go dtí 2032²⁸, a foilsíodh in 2021, rinneadh iniúchadh ar an ngá atá le le seirbhísí breise cúraim agus tacaíochta chun daoine faoi mhíchumas a chónaíonn go neamhspleách sa phobal (agus na riachtanais tithíochta a ghabhann leo) a éascú thar an tréimhse 2018 go 2032. Rinneadh meastachán sa tuarascáil ar an ngá le maireachtáil pobalbhunaithe le tacaíochtaí as réamhaisnéis athruithe. Is iad seo a leanas na hathruithe sin

- méid agus struchtúr aoise an daonra faoi mhíchumas;
- riaráiste na riachtanas nach freastalaíodh orthu; agus
- dúnadh láithreacha comhchónaithe a chríochnú, (institiúidí cónaithe agus campais a fhreastalaíonn ar dheichniúr cónaitheoirí nó níos mó ar an láithreán céanna).



Breithníodh sa tuarascáil chomh maith an gá atá le roghanna tacaíochta cónaithe malartacha a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí go míchuí i dtithe altranais ach níorbh fhéidir é sin a chríochnú toisc nach raibh sonraí ar bith ann.

a) Gnáth-thithe i ngnáth-áiteanna

De réir na tuarascála, tá an phríomhshamhail um sholáthar cúraim/tacaíocht chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas anois i dtithíocht tacaíche sa phobal. Tá an formhór díobh i dtithe grúpa pobail ina gcónaíonn roinnt daoine faoi mhíchumas le chéile, le tacaíocht ó na baill foirne, agus tá roinnt daoine aonair ag maireachtáil go neamhspleách le tacaíocht. Cé go bhféadfadh go mbeadh suas le naonúr cónaitheoirí i dtithe grúpa níos sine, is é an beartas anois nach roinnfeadh níos mó ná ceathrar daoine faoi mhíchumas teach in aon phacáistí nua tithíochta agus tacaíochta.

b) Costas aonaid tithíochta

I dtithíocht chomhroinnte le tacaíochtaí cónaithe, is ionann an costas caipitil measta in aghaidh an duine agus thart ar €130,000²⁹. Tá sé sin bunaithe ar an gcostas a bhaineann le tógáil nó ceannach/uasghrádú chun áitreabh a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine, a sholáthraíonn

27 An FFS, *Tacú le daoine faoi mhíchumas agus riachtanais shuntasacha le haghaidh tacaíocht chónaithe* (2019)

28 An Roinn Sláinte, *Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 - Athbhreithniú ar Éileamh ar Chúram Sóisialta agus Ceanglais Acmhainne go dtí 2032* (2021). Oscailte Samhain 2021: gov.ie - Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 - Athbhreithniú ar Éileamh ar Chúram Sóisialta agus Ceanglais Acmhainne go dtí 2032 (www.gov.ie)

29 Tá an figiúr sin bunaithe ar chostais chun tithíocht a sholáthar faoin gclár dí-chomhchónaí.

príobháideacht d'aoisigh aonair a roinneann teach, agus a chomhlíonann caighdeáin rialála, lena n-áirítear na caighdeáin sábháilteachta dóiteáin níos airde a theastaíonn do theach ina bhfuil grúpaí. Teastaíonn caighdeáin le haghaidh spás fairsing seomraí folctha breise a sholáthar, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais soghluaisteachta, agus chun cóiríocht a chinntiú do bhaill foirne, agus mar thoradh air sin, bíonn costas an tsoláthair tithíochta níos airde go ginearálta ná mar a bhíonn sé do thithíocht shóisialta.

c) Déimeagrafaíocht

Mar thugtar chun suntais sa tuarascáil, is ionann líon na ndaoine faoi mhíchumas intleachtúil agus thart ar 90% díobh siúd atá i gcúram cónaithe míchumais. Cé go gcónaíonn formhór na ndaoine faoi mhíchumas intleachtúil i dteach an teaghligh lena dtuismitheoirí faoi láthair, tá líon atá ag fás de dhaoine fásta scothaosta nach bhfuil a dtuismitheoirí atá ag dul in aois ábalta tacú leo a thuilleadh, agus táthar a dréim go dtiocfaidh méadú 25 faoin gcéad ar líon na ndaoine faoi mhíchumas intleachta atá 55 bliana d'aois nó níos sine faoi 2032. Beidh tionchar mór aige sin ar an éileamh ar thacaíocht agus/nó ar chúram cónaithe. Meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine faoi mhíchumas coirp nó céadfach freisin. Maidir le déimeagrafaic féin, theastódh thart ar 1,100 áit chónaithe sa bhreis ar an réamhaisnéis dhéimeagrafach lárnach faoi 2032, i gcoibhneas le soláthar 2017.

d) Riachtanas nach freastalaíodh air

Sainithníodh sa Athbhreithniú ar Chumas Míchumais leibhéal shuntasacha riachtanas nár freastalaíodh orthu le haghaidh áiteanna cúraim/tacaíochta cónaithe. Chuir tionchar na laghduithe roimhe seo ar chaiteachas i gcúlú 2008, mainneachtain coinneáil suas leis an bhfás ar an daonra faoi mhíchumas, agus cailliúint acmhainne cúraim chónaithe chun comhlíonadh rialála a chinntiú go léir le liostaí feithimh do sheirbhísí atá ag méadú. Bhí céatadán na ndaoine faoi mhíchumas intleachtúil i ngach aoisghrúpa a raibh áit chónaithe acu ag deireadh 2017 (an dáta óna raibh anailís na tuarascála bunaithe) ag an leibhéal is ísle le deich mbliana.

San Athbhreithniú ar Chumas Míchumais tugadh samplaí de réimse cásanna féideartha bunaithe ar

- Athrú déimeagrafach amháin.
- Athrú déimeagrafach agus riachtanas nár freastalaíodh air.
- Réimse luachanna féideartha do phríomhpharaiméadair.
- Scála na gníomhaíochta maidir le riachtanas nár freastalaíodh air.

Bhí na cásanna a costáladh ó íosmhéid (gan ach déileáil leis na riachtanais is práinní), go leibhéal idirmheánacha, agus leibhéal soláthair chónaithe roimh an gcúlú eacnamaíochta.

e) Dúnadh institiúidí agus láithreacha cónaithe comhchónaithe eile

Sonraítear sa tuarascáil, i gcomhréir le beartas an Rialtais agus le hAirteagal 19 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, go bhfuil clár leanúnach ann chun tacú leo siúd atá ina gcónaí i láithreacha míchumais chomhchónaithe bogadh go gnáth-thithe sa phobal. Chomh maith le daoine aonair a aistríonn chuig tithíocht nua, sonraítear sa tuarascáil gur gá a chinntiú chomh maith go gcoinneofar leibhéal na cóiríochta atá ar fáil le tacaíochtaí ag tabhairt cuntas ar líon na mbásanna i láithreacha comhchónaithe.

f) Athruithe ó rinneadh an anailís ar an Athbhreithniú ar Chumas Míchumais

Ó rinneadh an anailís ar an Athbhreithniú ar Chumas Míchumais, bunaithe ar shonraí dheireadh 2017, tá laghdú breise tagtha ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil. I mbeartas go dtí seo díríodh ar thithe malartacha a sholáthar dóibh siúd atá ag bogadh go fisiciúil amach as láthair chomhchónaithe, ach ní ar na háiteanna sin a raibh cosc orthu mar gheall ar bhásanna a fháil ar ais. Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar acmhainn fhoriomlán na seirbhíse. Mar gheall air sin, meastar gur tháinig laghdú thart ar 240 ar mhéid iomlán na n-áiteanna cónaithe ó dheireadh 2017 go deireadh 2021. Measadh san Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go mbeadh 100 áit bhreise de dhíth sa bhliain san idirlinn ar chúiseanna déimeagrafacha. I dteannta a chéile, is ionann na tosca sin agus thart ar 600 níos lú

áiteanna ag deireadh 2021 ná mar a theastódh chun leibhéal na hacmhainne seirbhíse a choinneáil in 2017, i gcoibhneas le daonra 2021.

g) Riachtanais phráinneacha láithreacha

Amhail Iúil 2021, measann ann FSS go bhfuil riachtanas láithreach ag 348 duine le haghaidh áit chónaithe. Meastar go bhfuil cúramóir príomhúil ag os cionn leath acu atá os cionn 60 bliain d'aois, go bhfuil cúramóir príomhúil ag trian acu atá os cionn 70 bliain d'aois, agus go bhfuil cúramóir príomhúil ag duine amháin as gach naonúr atá os cionn 80 bliain d'aois. Cé nach bhfuil riachtanas tithíochta láithreach ag gach duine os cionn 70 bliain d'aois ag a bhfuil cúramóir (sainaithnítear sa Chóras Náisiúnta le haghaidh Tacaíochtaí Cumais (NASS) os cionn 1,000 cúramóir teaghlaigh os cionn 70 bliain d'aois), cuirtear a lán de na daoine isteach i dtacaíocht chónaithe ar bhonn práinneach gach bliain agus is iad atá taobh thiar de chion den riachtanas nár freastalaíodh air san Athbhreithniú ar Chumas Míchumais.

Chun an próiseas maidir le cur chun feidhme mholtaí an Athbhreithnithe ar Chumas Míchumais go 2032 a spreagadh, d'fhoilsigh na hAirí Creatphlean Gníomhaíochta ina leagtar amach príomhthosaíochtaí i rith na tréimhse go 2025.³⁰

4.4 An Fhís a Roinnt

Is é 'An Fhís a Roinnt (2020)³¹ beartas náisiúnta meabhairshláinte na hÉireann agus tagann sé i ndiaidh 'Fís don Athrú'³² (2006). Tugtar ar aghaidh ann na gnéithe sin den bheartas bunaidh a raibh ábharthacht fós leo. Cuimsítear ann moltaí nua de réir mar is cuí chun an beartas náisiúnta a fheabhsú, agus ag an am céanna ailíniú leis an bhfís deich mbliana maidir le hathchóiriú agus aistriú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann atá cuimsithe sa tuarascáil Sláintecare.³³

Tá sé mar aidhm le An Fhís a Roinnt soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí meabhairshláinte a fheabhsú thar réimse leathan seirbhísí, idir an mheabhairshláinte a chur chun cinn, a chosc, agus idirghabháil luath agus soláthar agus géarsheirbhísí agus seirbhísí speisialaithe seirbhíse meabhairshláinte, le linn na tréimhse 2020-2030. Is beartas tras-rialtasach é an beartas ó thaobh fairsinge agus cur chuige de agus tá cearta an duine mar thaca leis. Cuirtear béim faoi leith sa bheartas ar Chuimsiú Sóisialta, le moltaí lena lorgáitear rochtain réasúnach a chur chun cinn do dhaoine ag a bhfuil deacrachtaí casta meabhairshláinte thar roinnt réimsí lena n-áirítear tithíocht. Tá moltaí ann go mbeadh bearta saincheaptha i bhfeidhm i ranna rialtais ábhartha lena chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas síceasóisialta nó deacrachtaí meabhairshláinte leas a bhaint as deiseanna tithíochta, gan idirdhealú.

"Ní mór an dí-chomhchónaí don mheabhairshláinte a chur chun cinn"

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

In An Fhís a Roinnt socraítear sprioc beartais go dteasaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas síceasóisialta nó deacrachtaí meabhairshláinte rochtain ar thithíocht ardchaighdeán, shlán agus iomchuí chun a dtéarnamh a éascú agus a choinneáil. D'fhéadfadh córas meabhairshláinte mí-éifeachtach agus costasach a bheith mar thoradh ar easpa tithíocht oiriúnach mar mhalairt ar chúram institiúideach, agus cúram nach bhfuil oiriúnach a bheith á fháil ag daoine aonair. Le haghaidh tacaíochtaí tithíochta do dhaoine ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte teastaíonn comhoibriú éifeachtach idir ranna rialtais, údaráis áitiúla



30 An Roinn Sláinte, *Meitheal an Chreatphlean Gníomhaíochta um Chreat Míchumais*. Ar fáil anseo: gov.ie - Meitheal an Chreatphlean Gníomhaíochta um Chreat Míchumais (www.gov.ie)

31 An Roinn Sláinte, *An Fhís a Roinnt: Beartas Meabhairshláinte do Chách*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - An Fhís a Roinnt: Beartas Meabhairshláinte do Chách (www.gov.ie)

32 An Roinn Sláinte, *Fís don Athrú*. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - Fís don Athrú (www.gov.ie)

33 Tithe an Oireachtais, *An Coiste ar Thodhchaí an Chúraim Sláinte*. Tá an tuarascáil ar fáil anseo: Coiste ar Thodhchaí an Chúraim Sláinte (32ú Dáil (32ú Dáil, 25ú Seanad – Tithe an Oireachtais

agus soláthraithe tithíochta sóisialta eile. Seachas tithíocht, is gá a chinntiú freisin go bhfaighidh daoine a bhfuil deacrachtaí casta meabhairshláinte acu tacaíochtaí ildisciplíneacha ó ghairmithe sláinte agus eagraíochtaí deonacha chun a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú. Teastaíonn cúnamh ó dhaoine aonair freisin chun tionóntachtaí a choimeád agus maireachtáil go neamhspleách. Mar thoradh air sin, ní mór idirchaidreamh éifeachtach a bheith ann idir seirbhísí meabhairshláinte agus údaráis áitiúla maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar do dhaoine aonair a dteastaíonn sé uathu. Cuid lárnach de sin is ea a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine ag a bhfuil deacrachtaí casta meabhairshláinte ar leithdháiltí tithíochta agus go dtugtar aghaidh i gceart ar riachtanais áirithe maidir lena dtimpeallacht mhaireachtála. Aithnítear in An Fhís a Roinnt an gá atá le tacaíocht i réimsí amháil leas sóisialta, tithíocht nó rochtain a fháil ar theidlíochtaí nó ar sheirbhísí sóisialta eile.

“Tá ról lárnach ag Oifigigh um Chothabháil Tionóntachta Meabhairshláinte lena chinntiú go gcoinníonn daoine tithíocht chomhsheasmhach agus nach dtéann siad ar ais i seirbhísí cónaithe meabhairshláinte/easpa dídine/seirbhísí do dhaoine gan dídean”.

Ó Comhairliúchán Babhta 1

Moltar in An Fhís a Roinnt gur cheart d’údaráis áitiúla idirchaidreamh a dhéanamh le seirbhísí reachtúla meabhairshláinte chun riachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas síceasóisialta casta nó ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte a chur san áireamh agus a bpleananna tithíochta áitiúla a bhforbairt.

Áirítear ar mholtaí eile:

- Ba cheart don Roinn Sláinte agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, prótacal coiteann a fhorbairt chun aistriú éifeachtach daoine aonair ó chóiríocht le tacaíocht FSS go maireachtáil sa phobal a threorú.
- Mar aon le tacaíochtaí a sholáthraíonn an FSS lena n-áirítear foirne Tacaíochta Diantéarnaimh, ba cheart go mbeadh foinsiú inbhuanaithe i bhfeidhm le haghaidh tacaíochtaí a bhaineann le tionóntacht/maireachtála neamhspleáiche d’úsáideoirí seirbhíse faoi mhíchumas casta síceasóisialta.
- Ba cheart go mbeadh na treoirlínte maidir le dearadh tithíochta a d’fhoilsigh an FSS agus an Ghníomhaireacht Tithíochta³⁴ in 2016 chun maireachtáil neamhspleách agus téarnamh meabhairshláinte a chur chun cinn mar phointe tagartha do gach moladh a bhaineann le tithíocht in An Fhís a Roinnt.

4.5 Saolta Amú

I dTuarascáil an Ombudsman 2021 ‘Saolta Amú’ rinneadh scrúdú agus breithniú ar an tionchar ar dhaoine faoi 65 bliain d’aois atá ina gcónaí i dtithe altranais. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar an gcinneadh ó imscrúdú a rinne an tOmbudsman. Cuirtear béim sa tuarascáil ar na dúshlán shuntasacha a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ina gcónaí go míchuí i dtithe altranais chun aistriú ar ais chuig an bpobal agus cosc a chur ar an gcleachtas sin amach anseo. De réir na tuarascála tá thart ar 1,300 duine faoi 65 bliain d’aois ina gcónaí i suíomhanna tithe altranais faoi láthair.

Bhain an t-imscrúdú le hanailís faoi shé cheannteideal théamacha. Soláthraítear sa tuarascáil torthaí agus moltaí faoi gach ceann de na sé ábhar.

1. Maoiniú stáit agus airgead pearsanta.
2. Toiliú eolasach.



34 Áine O'Reilly, Emer Whelan, agus Isoilde Dillon, *Design for Mental Health – Housing Design Guidelines*. Ar fáil anseo: [Design for Mental Health Housing-Design-Guidance-Bealataine-2017.pdf](https://www.housingagency.ie/design-guidance) (housingagency.ie)

3. Caighdeán Beatha.
4. Rochtain ar Sheirbhísí.
5. Do Bhealach a Dhéanamh tríd an gCóras.
6. Beartas agus Cearta an Duine.

Fuarthas san imscrúdú go bhfuil dul chun cinn le déanamh fós in Éirinn maidir le dul chun cinn ó shamhail leighis míchumais go samhail shóisialta, agus go gcaithfear athruithe éagsúla a dhéanamh ar an gcóras chun cur chuige duinelárnach i leith cúraim a éascú, agus ceann a thiocfaidh le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRRPD) agus cur chuige straitéiseach na hÉireann féin maidir le míchumas.

4.6 Dearadh Uilíoch

Mar atá achoimrithe i dTrácht Ginearálta 5 den UNCRRPD, tá sé tábhachtach go mbeadh seirbhísí agus saoráidí i bpobail, lena n-áirítear tithíocht, ar fáil ar bhealach inrochtana agus inoiriúnaithe, agus ar aon dul le príonsabail an dearaidh uilíoch. De réir an UNCRRPD,

Ciallaíonn “dearadh uilíoch” dearadh táirgí, timpeallachtaí, clár agus seirbhísí ar féidir le gach duine iad a úsáid, a mhéid is féidir, gan aon ghá le hoiriúnú nó dearadh speisialaithe.”

D’fhoilsigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumais sraith Treoirínte um Dhearadh Uilíoch do Thithe in Éirinn (2015) ina soláthraítear córas srathach ar a gcuirtear síos mar³⁵:

- Teach DU: solúbthacht, inoiriúnaitheacht agus inúsáidteacht a bharrfheabhsú do gach duine.
- Teach DU +: soláthar a dhéanamh do chóiríocht níos fearr do riachtanais daoine athraíonn le himeacht ama. Cuimsítear i dTeach DU + treoirínte chun soláthar a dhéanamh d’áitribh úsáideoirí cathaoireacha rothaí.
- Soláthraíonn Teach DU ++ leideanna treorach agus dearaidh chun feasacht a mhúscailt agus chun cuidiú le tithe deartha aonuaire duinelárnach.

Oibríonn Tithe Dearaidh Uilíocha go maith do gach duine agus tá cuma mhaith orthu. Is tithe príomhshrutha iad go haeistéitic, níl siad ar leithligh nó sainiúil do riachtanais speisialta. Deartar iad de réir ceithre phríomhphrionsabal, is iad sin

1. Comhtháite sa chomharsanacht.
2. Éasca le dul chucu, dul isteach iontu agus bogadh thart iontu.
3. Éasca a thuiscint, a úsáid agus a bhainistiú.
4. Solúbtha, sábháilte, costéifeachtach agus inoiriúnaithe le himeacht ama.

“Ba cheart tús áite a thabhairt do ‘Thairbhí’ na dtithe Dearaidh Uilíoch, ní an ‘costas’ a bhaineann leo”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

“Réamheolas maidir le hinrochtaineacht agus dearadh uilíoch i dtithíocht, oideachas agus oiliúint do na páirtithe leasmhara, ailtirí, foireann ÚÁ go léir”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

35 Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, *Treoirínte um Dhearadh Uilíoch do Thithe in Éirinn 2015*. Ar fáil anseo: *Treoirínte um Dhearadh Uilíoch do Thithe in Éirinn* | Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch

Roinn 2

Cá bhFuilimid Anois


Tugtar breac-chuntas sa roinn seo ar chuid den staidreamh maidir le míchumas in Éirinn ón daonáireamh agus ón gCóras Náisiúnta le haghaidh Tacaíochtaí Cumais (NASS). Cuidíonn na sonraí seo le comhthéacs na Straitéise seo a shocrú. Soláthraítear sa roinn seo freisin sonraí faoin taighde a rinneadh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na Straitéise agus faoi ghníomhaíocht amach anseo faoin Straitéis. Tugtar breac-chuntas sa roinn seo ar an gcomhairliúchán a rinneadh sular forbraíodh an Straitéis lena gcuireadh cruth ar ábhair agus ar thorthaí na Straitéise i dteannta leis an staidreamh agus an taighde.

Caibidil 5: Forléargas Staidrimh

5.1 Míchumas in Éirinn

Is ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a thagann an fhoinsé sonraí is coitianta faoi mhíchumas in Éirinn (POS).³⁶ De réir Dhaonáireamh Daonra 2016 is déanaí, dúirt 643,131 duine san iomlán go raibh siad faoi mhíchumas. Ba ionann sin agus 13.5% den daonra. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 1 as gach 7 nduine sa daonra faoi mhíchumas. Is ionann é sin agus méadú 8% ó Dhaonáireamh 2011.

Míchumas de réir an Limistéir Riaracháin




Fíor 2: Céatadán na ndaoine faoi mhíchumas de réir an chontae riaracháin, 2016

³⁶ An Phríomh-Oifig Staidrimh, *Daonáireamh 2016 - Próifíl 9 Sláinte, Míchumas agus Cúramóirí*. Ar fáil anseo: Míchumas - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh

Míchumas de réir Inscne


In 2016, ba iad fir 311,580 (48.4%) de na daoine faoi mhíchumas agus ba iad mná 331,551 (51.6%) acu.



Fíor 3: Próifíl Inscne Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn

Míchumas de réir Aoise

Tá duine as gach deichniúr in Éirinn faoi bhun 45 bliain d'aois faoi mhíchumas agus méadaíonn sin 20% faoi 60 bliain d'aois.



Fíor 4: Próifíl Aoise Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn

Tithíocht agus Míchumas³⁷

In 2016, bhí 92.9% de dhaoine faoi mhíchumas ina gcónaí i dtithe príobháideacha. As sin;

- Bhí 68.8% díobh ina gcónaí in áitribh úinéirí-áitithe, cosúil go ginearálta leis an daonra i gcoitinne (69%),
- Bhí 12.4% díobh ag fáil teach ar cíós ó thiarnaí talún príobháideacha i gcomparáid le 17.8% den daonra i gcoitinne, agus
- Bhí 13.4% de dhaoine faoi mhíchumas ag fáil maoin ar cíós ó Údarás Áitiúil, i gcomparáid le 8.4% den daonra i gcoitinne.

Bhí 19.3% den daonra iomlán faoi mhíchumas ina gcónaí leo féin i dtithe príobháideacha i gcomparáid díreach 8.5% den daonra i gcoitinne.

Bhí 44,431 duine faoi mhíchumas liostaithe i bhforais chomhroinnte (amhail cóiríocht chónaithe, tithe altránais agus ospidéil).

37 An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, *Bileog Eolas maidir le Tithíocht agus Míchumas 2020*. Ar fáil anseo: Cur i Láthair PowerPoint (nda.ie)

Bochtaineacht agus Dífhostaíocht

I dtuarascáil de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESRI) le déanaí, fuarthas go raibh sé i bhfad níos mó seans ann go mbeadh bochtaineacht agus eisiámh sóisialta ag baint le daoine faoi mhíchumas ná iad siúd nach bhfuil faoi mhíchumas³⁸. Taispeántar san anailís is déanaí atá ar fáil gurb iad na daoine sin nach raibh ag obair mar gheall ar bhreiteacht nó ar mhíchumas (37.5%) na daoine ba mhó a bhí i mbaol na bochtaineachta in 2019. Tá sé sin i gcomparáid le riosca ráta bochtaineachta 4.6% dóibh siúd a thuairiscigh a bpríomhstádas eacnamaíoch mar 'ag obair'³⁹.

Tá níos mó ná 18% de dhaoine nach raibh ag obair mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas ina gcónaí i mbochtaineacht sheasta, agus tá 43% díobh ina gcónaí faoi dhíothacht (féach Gluais le haghaidh sainmhíneithe). Tá na rátaí sin 3 huairé níos airde ná na rátaí don daonra i gcoitinne in Éirinn.


Ba é ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas in 2016 36.5%, i gcomparáid leis an daonra i gcoitinne ag 72.8%⁴⁰.

Easpa Dídine

I ndaonáireamh 2016 taifeadh go raibh 1,817 duine gan dídean faoi chineál éigin míchumais in Éirinn. Ba é 27.1% leitheadúlacht fhoriomlán daoine faoi mhíchumas i measc daoine a bhí gan dídean ar oíche an daonáirimh in 2016. Is laghdú géar é sin i gcomparáid le 2011 i gcás gurbh ionann an figiúr sin agus 41.5%⁴¹, ach is ráta níos airde easpa dídine é sin fós ná mar atá sa daonra i gcoitinne agus 0.29% de dhaoine faoi mhíchumas rangaithe mar dhaoine gan dídean i gcomparáid le 0.14% den daonra i gcoitinne.

5.2 An Bord Taighde Sláinte - Bunachar Sonraí NASS

Is bunachar sonraí náisiúnta é an Córas Náisiúnta le haghaidh Tacaíochtaí Cumais (NASS) ina dtaifeadtar faisnéis arna mhaoiniú faoi sheirbhísí míchumais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a fhaightear nó a éilítear mar thoradh ar mhíchumas intleachtúil, moill fhorbartha, míchumas coirp, céadfach, néareolaíoch, foghlama, cainte, agus/nó míchumais teanga nó uathachas. Taifeadtar meabhairshláinte mar chineál míchumais⁴² ar an NASS freisin i gcás go bhfuil seirbhísí míchumais arna maoiniú ag seirbhísí míchumais FSS á fáil ag duine seachas seirbhísí arna maoiniú ag meabhairshláinte FSS. Coinnítear sonraí i mbunachar sonraí na NASS lena n-áirítear déimeagrafaic, diagnóisic, tithíocht agus riachtanais tacaíochta ar féidir iad a úsáid chun comhthéacs a sholáthar don Straitéis seo. Tá 36,649 úsáideoir seirbhíse ar an iomlán cuimsithe i dtuarascáil 2020.⁴³ Toisc gurbh í 2020 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú an bhunachair sonraí seo, a tharla i gcomhthráth le ráig na paindéime, níor bhfuair an NASS clúdach iomlán cuimsitheach ar úsáideoirí seirbhíse incháilithe, agus bhí cuid de na sonraí a fuarthas neamhiomlán. Mar shampla, ní raibh sonraí maidir le tionacht tithíochta ar fáil ach do thart ar leath do na daoine a bhí cláraithe ar an



- 38 ESRI, *Easnamh Scileanna i measc Daoine faoi Míchumas agus a nIonchais Fostaíochta a Shainaithint*. Ar fáil anseo: [Easnamh Scileanna i measc Daoine faoi Míchumas agus a nIonchais Fostaíochta a Shainaithint | ESRI](#)
- 39 An Phríomh-Oifig Staidrimh, *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2019*. Ar fáil anseo: [Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála \(SIDM\) - POS - an Phríomh-Oifig Staidrimh](#)
- 40 An Phríomh-Oifig Staidrimh, *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2016*. Ar fáil anseo: [Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2016 - POS - an Phríomh-Oifig Staidrimh](#)
- 41 An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, *Bileog Eolais ÚNM 5 Cá gCónaíonn Daoine faoi Míchumas 2020*. Ar fáil anseo: [Bileog Eolais ÚNM 5: Tithíocht | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais](#)
- 42 Sa straitéis seo cuimsítear an téarma míchumas meabhairshláinte ach sa FSS, is stiúirthóireachtaí ar leith iad míchumas agus sláinte meabhrach.
- 43 An Bord Taighde Sláinte, *Tuarascáil Bhliantúil an Chórais Náisiúnta le haghaidh Tacaíochtaí Cumais (NASS) 2020*. Ar fáil anseo: [NASS_2020_annual_report.pdf \(hrb.ie\)](#)

gcóras. Léirítear patrúin sna na sonraí sa roinn seo, ach déantar gannmheastachán iontu ar an scála iomlán atá i gceist.

5.2.1 Próifíl Aoise

Leis an bpróifíl dhéimeagrafach tugtar léargas ar threochtaí agus riachtanais tithíochta amach anseo. Maidir leis an dá inscne ba iad na daoine san aoisghrúpa 10-14 ba mhó a raibh ionadaíocht á déanamh dóibh. D'fhéadfadh ionadaíocht atá mór go comhréireach idir 10-24 éileamh níos airde amach anseo a léiriú. Bhí níos mó fear (21,694, 59%) ná mná (14,955, 41%) cláraithe ar an NASS. Bhí níos mó ná an tríú cuid a bhí cláraithe le linn na tréimhse bailithe sonraí in 2020 faoi 18 mbliana d'aois.

5.2.2 Cóiríocht Chónaithe

Bhí 7,621 duine ar an iomlán (21%) ina gcónaí i suíomhanna cónaithe lena n-áirítear áiseanna cúraim cónaithe arna maoiniú ag seirbhísí míchumais FSS ar nós suíomhanna cruinnithe, tithe cónaithe grúpa agus tithe sa chomhphobal chomh maith leo siúd nach bhfuil á maoiniú ag buiséad míchumais FSS ar nós tithe altranais faoin scéim Margadh Cothrom nó iad siúd a n-íoctar astu ar bhonn príobháideach.

Bhí 9,371 (26%) úsáideoir seirbhíse ar an iomlán ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach a raibh úinéir lonnaitheach inti agus bhí 2,723 (7%) ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos. Bhí 7,621 (21%) duine ar an iomlán ina gcónaí i suíomh cónaithe agus bhí 70 úsáideoir seirbhíse (<1%) ina gcónaí i gcóiríocht neamhsheasmhach. Is fiú a shonrú nach raibh na sonraí faoin gcóiríocht chónaithe ar eolas i gcás 46%.

Tá tábhacht ar leith ag baint le tithíocht dóibh siúd atá i dtithíocht ar cíos ar an margadh oscailte, iad siúd atá i gcóiríocht neamhsheasmhach iad siúd i suíomhanna cónaithe, agus iad siúd a chónaíonn le baill teaghlaigh. Cuimsítear i bhfaisnéis faoi shuíomhanna cónaithe, láithreacha comhchónaithe, tithe grúpa agus tithe sa phobal, chomh maith le tithe altranais.

5.2.3 Socruithe Cónaí


Bhí formhór na ndaoine a bhí cláraithe ar an NASS ina gcónaí le baill teaghlaigh, 23,058 (63%) agus bhí 1,704 (5%) duine ina gcónaí leo féin. Ní fios socruithe cónaí 3,814 (10%) duine. Chuir an 22% eile síos ar a gcuid socruithe cónaí mar a bheith ina gcónaí le daoine nach baill teaghlaigh iad nó ina gcónaí i seirbhís chónaithe.

5.2.4 Cúramóirí

Chun críocha an NASS, sainítear cúramóir príomhúil mar dhuine a sainithníodh mar chúram agus cúnamh rialta agus marthanach a sholáthar. D'fhéadfadh ball teaghlaigh, cara nó comharsa a bheith i gceist le cúramóirí príomhúla. Chun críocha an NASS, níáirítear le cúramóirí príomhúla cúramóirí íochta nó deonacha arna n-eagrú ag seirbhísí foirmiúla, mar theaghlaigh ósta nó teaghlaigh altrama i gcás go n-íoctar an teaghlach as aire a thabhairt do na daoine aonair.


Díobh siúd atá cláraithe ar an NASS nach bhfuil ina gcónaí i suíomh cónaithe (28,606), thuiriscigh 16,292 (57%) go raibh cúramóir príomhúil acu. Bhí an chuid is mó díobh siúd a raibh cúramóir príomhúil acu ina gcónaí lena gcúramóir príomhúil (15,647, 96% díobh siúd a thuiriscigh go raibh cúramóir príomhúil acu).

Ba thuismitheoirí iad formhór na gcúramóirí príomhúla, 13,729, (84%) agus ba chéile/pháirtí iad 1,005 (6%) dóibh. Bhí na cúramóirí príomhúla idir 18-59 bliain d'aois den chuid ba mhó (9,889, 61%), agus bhí 1,942 (12%) idir 60 agus 69 bliain d'aois. Bhí 1,282 (8%) díobh 70 bliain d'aois agus níos sine.



Fíor 5: Aois na gcúramóirí príomhúla


I gcomhthéacs aois daoine aonair, bhí cúramóir príomhúil ag 7,837 (62%) díobh siúd a bhí 18 mbliana d'aois nó níos lú, bhí cúramóir príomhúil ag 57% (6,950) díobh siúd idir 19-54 bliain d'aois, agus bhí cúramóir príomhúil ag 42% (1,506) de dhaoine aonair 55 bliain d'aois agus níos sine.



Fíor 6: Aois na ndaoine ag a raibh cúramóirí príomhúla

5.2.5. Seirbhísí

Is iad seirbhísí agus tacaíochtaí na tacaíochtaí do mhaireachtáil laethúil lena gcuirtear ar chumas duine faoi mhíchumas maireachtáil níos neamhspleáiche agus páirt níos éifeachtaí a ghlacadh sa phobal. Ar an iomlán, bhí 6,235 (17%) de dhaoine aonair a bhí cláraithe ar NASS ag fáil tacaíocht amháin ar a laghad le haghaidh an ghnáthshaoil laethúil in 2020. Ba iad na tacaíochtaí ba mhínice a úsáideadh le haghaidh an ghnáthshaoil laethúil tacaíocht bhaile 2,584 (7%) agus tacaíocht pobail (2,183, 6%). Ar an iomlán, maidir leis na 4,181 (56%) d'áiteanna a raibh tacaíochtaí á dtairiscint acu don ghnáthshaoil laethúil, bhí fáil ag daoine aonair arbh é míchumas intleachtúil a bpríomh-míchumas orthu, bhí fáil ag daoine faoi mhíchumas coirp agus/nó céadfach ar 2,291 (31%) acu agus bhí fáil ag daoine a raibh uathachas orthu ar 893 (12%) acu.



Fíor 7: Tacaíochtaí d'Áiteanna Gnáthmaireachtála de réir na Catagóire Míchumais

Teastaíonn 800 tacaíocht san iomlán d'áiteanna maireachtála laethúla faoi láthair nó faoi cheann cúig bliana, agus is é tacaíocht bhaile an ceann is mó a theastaíonn (251 áit). Is ionann é sin agus méadú 10% ar áiteanna tacaíochta baile.

5.2.6 Teicneolaíocht Chúnta

Is féidir le táirgí cúnta tacú le maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas. Is ionann táirgí cúnta agus táirgí a úsáideann duine chun tacú le maireachtáil lena mhíchumas. Áirítear leo gairis, trealamh, uirlisí agus bogearraí, a tháirgtear go speisialta nó atá ar fáil go ginearálta. Ní dhéantar ach táirgí cúnta atá maoinithe ag seirbhísí míchumais FSS a thaifeadadh sa NASS. Ina theannta sin, is féidir daoine teicneolaíocht chúnta a fháil trí chúram príomhúil, nó is féidir leo í a cheannach go príobháideach. Bhain 2,575 (7%) duine leas as táirgí cúnta a bhí cláraithe sa NASS agus bhain na daoine aonair sin úsáid as 5,655 táirge cúnta.

Ba iad seo a leanas na grúpaí táirgí agus táirgí ba mhó a úsáideadh:

- Táirgí cúnta le haghaidh gníomhaíochtaí agus rannpháirtíochta a bhaineann le soghluaisteacht agus iompar phearsanta (2,191).
- Táirgí cúnta le haghaidh bainistíocht cumarsáide agus faisnéise (1,076).
- Troscán agus fearas gus oiriúnuithe do thithe (916).

Ar an iomlán, bhain riachtanas nár freastalaíodh le 1,231 duine le haghaidh táirge cúnta amháin ar a laghad, agus tuairiscíodh go raibh 2,177 táirge cúnta ag teastáil anois nó faoi cheann cúig bliana.

“Teastaíonn rochtain agus tacaíocht le Teicneolaíocht Chúnta. D’fhéadfadh sé bheith an-chostasach iad sin a chothabháil do dhaoine a bhraitheann ar Leas Sóisialta mar a bpríomh-ioncam”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

“Ní bhíonn an t-ioncam ag daoine chun na teicneolaíochtaí breise a sholáthar chun tacú le maireachtáil neamhspleách. Ba cheart é sin a chur san áireamh agus tacaíocht á tabhairt do dhaoine chun maireachtáil go neamhspleách”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

5.3 Anailís ar Theaghlaigh a bhfuil Bunús Riachtanais Míchumais le haghaidh Tithíocht Shóisialta acu

5.3.1 Réamhrá

Is treoir reachtúil é an Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta (AMST) chun líon iomlán na dteaghlach atá cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta ar bhonn náisiúnta a chomhaireamh ar dháta áirithe gach bliain⁴⁴. Is léargas ag pointe áirithe ama é ar gach ceann de liostaí feithimh na dtríocha haon údarás áitiúil.


Meastar go bhfuil teaghlach incháilithe do thithíocht shóisialta má chomhlíonann siad na critéir incháilitheachta ioncaim agus más féidir leo a thaispeáint nach bhfuil cóiríocht oiriúnach eile acu.

Ní iarrtar go sonrach ar an bhfoirm iarratais ar thithíocht shóisialta cé acu an bhfuil míchumas ar iarratasóirí nó ar bhaill teaghlaigh na ndaoine a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar thithíocht shóisialta. Déantar na teaghlaigh a ndéantar a riachtanas le haghaidh tithíocht shóisialta a mheas mar riachtanas mhíchumais nó a dteastaíonn cóiríocht shonrach uathu mar gheall ar mhíchumas a ghabháil sna sonraí faoi dhá réimse, áfach, is iad sin ‘Bunús an Riachtanais’⁴⁵ agus ‘Riachtanais Shonracha Cóiríochta’.

Is é foinse na faisnéise ar fad do na cairteacha agus na táblaí sa roinnt seo den Straitéis an Achoimre ar Shonraí Riachtanas Tithíochta Sóisialta. Tá Faisnéis Bhreise ar fáil san Anailís ar Theaghlaigh a bhfuil Bunús Riachtanais Míchumais acu le haghaidh Tithíochta Shóisialta 2016 - 2020 ina dtugtar níos mó eolais.

5.3.2 Teaghlaigh a bhfuil Míchumas iontu

Tá líon na dteaghlach atá cáilithe le haghaidh tithíocht shóisialta agus a bhfuil gá acu leis ag laghdú bliain i ndiaidh bliana. In 2020, bhí 61,880 teaghlach ar an liosta feithimh, líon beagnach 10 faoin gcéad níos lú ná an bhliain roimhe sin (68,693) agus laghdú beagnach aon trian ó thosaigh an comhaireamh bliantúil in 2016 (91,600).




Fíor 8: Líon gach teaghlaigh agus líon na dteaghlach uile a raibh riachtanas míchumais le haghaidh tithíochta acu 2016-2020


Nóta: Is féidir leis na teaghlaigh chéanna a thairfeadh i mBunús Riachtanais agus Ceanglais Chóiríochta

⁴⁴ Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag gov.ie - Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta (www.gov.ie)

⁴⁵ Déantar riachtanas do thithíocht shóisialta, dá ngairtear uaireanta ‘bunús an riachtanais’, a shannadh do theaghlaigh bunaithe ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil don údarás áitiúil.




In ainneoin na líonta laghdaithe ar na teaghlaigh go léir ar an liosta feithimh tithíochta, ní a oiread de laghdú atá tagtha ar líon na dteaghlach a bhfuil riachtanas a bhaineann le míchumas acu nó a dteastaíonn cóiríocht shonrach uathu mar gheall ar mhíchumas, feictear é sin i bhfíor 9.



Fíor 9: Comhaireamh gach teaghlaigh agus líon na dteaghlach uile a raibh riachtanas míchumais le haghaidh tithíochta acu in 2016-2020

5.3.3 An cineál míchumais i measc teaghlach ag a bhfuil riachtanas míchumais ar thithíocht

D'fhéadfadh go mbeadh míchumas ag teaghlaigh mar an príomhbhunús riachtanais le haghaidh tithíocht shóisialta má tá a gcóiríocht reatha mí-oiriúnach mar gheall ar mhíchumas coirp, céadfach, meabhairshláinte agus/nó intleachtúil. Taispeántar i bhFíor 10 céatadán na dteaghlach a measadh gur bhain míchumas lena mbunús riachtanais de réir an chineáil shonraigh míchumais, do gach bliain.



Fíor 10: Cineál míchumais mar chéatadán de gach teaghlach


Nóta: bunaítear na céatadán orthu siúd a bhfuil cineál sonracha míchumais orthu mar a bpríomhbhunús riachtanas.

Tháinig méadú ó 1.7% go 2.6% agus ó 1.8% go 2.5% faoi seach ar chéatadán na dteaghlach faoi mhíchumas intleachtúil agus ag a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte ó agus, idir 2016 agus 2020. Is iad sin anois na catagóirí is mó de chineál míchumais i measc teaghlach ar an liosta feithimh.

Go dtí 2019, bhí níos mó iarratasóirí faoi mhíchumas coirp ann ná aon chineál eile míchumais agus d'fhan na líonta sin réasúnta seasmhach le linn na tréimhse, mar aon leis na céatadán dóibh siúd faoi mhíchumas céadfach arb ionann iad fós agus níos lú ná 1% de na hiarratasóirí go léir.

5.3.4 Céatadán na dteaghlach faoi mhíchumas de réir an údaráis áitiúil

Taispeántar i bhFíor 11 éagsúlacht shuntasach i gcéatadán na n-iarratasóirí a bhfuil bunús riachtanais a bhaineann le míchumas acu i gcoibhneas le líon iomlán na dteaghlach a bhí ar an liosta feithimh ar fud ceantair éagsúla Údaráis Áitiúil in 2020.



Fíor 11: Céatadán na dteaghlach faoi mhíchumas de réir an údaráis áitiúil 2020

Nóta: Tá raon na rátaí teaghlach faoi mhíchumas ó 1.4% sna ceantair is éadroime ar an léarscáil go dtí 23.4% sna ceantair a bhfuil an scáthú glas is dorcha.

Bunús Riachtanais	2016	2017	2018	2019	2020
Míchumas intleachtúil	1.7%	1.8%	2.1%	2.3%	2.6%
Míchumas meabhairshláinte	1.8%	2.0%	2.1%	2.3%	2.5%
Míchumas coirp	2.3%	2.4%	2.4%	3.5%	2.4%
Míchumas céadfach	0.4%	0.5%	0.5%	0.6%	0.6%
Míchumas neamhshonraithe	0.1%	0.1%	0.1%	0.1%	0.1%
Iomlán	6.30%	6.70%	7.1%	7.7%	8.2%

Tábla 3: Céatadán náisiúnta teaghlach ag a raibh bunús riachtanais míchumais 2016 - 2020

Taispeántar i dTábla 3 céatadán iomlán na dteaghlach ag a bhfuil bunús míchumais riachtanas le haghaidh tithíochta ar bhonn náisiúnta, do gach bliain ó 2016 go 2020 agus an cineál míchumais. Taispeántar ar an léarscáil, mar shampla, go raibh an ráta is airde riachtanas míchumais i gComhairle Contae Shligigh (23.4%) spreagtha ag líon ard iarratasóirí faoi mhíchumas intleachtúil (14.9%) in 2020. Tá sé sin i gcomparáid le ráta náisiúnta 2.6% d'iarratasóirí faoi mhíchumas intleachtúil. Ba é an limistéar leis an dara ráta is airde riachtanas míchumais in 2020 Comhairle Contae na Gaillimhe (22.2%) a léiríonn líon ard iarratasóirí faoi mhíchumas meabhairshláinte - 10.2% i gcomparáid leis an ráta náisiúnta 2.5%.

5.3.5 Próifíl na dteaghlach ag a bhfuil riachtanas míchumais

Is ionann sonraí SSHA agus sraith léargas trasghearrtha de na teaghlaigh ar an liosta feithimh tithíochta ag pointí éagsúla ama gach bliain. Is gá a bheith cúramach agus comparáid á déanamh idir torthaí do theaghlaigh laistigh de ghrúpaí éagsúla ar fud blianta, mar go mb'fhéidir nach mbeidh na teaghlaigh chéanna le feiceáil ag gach pointe ama.

a) Aois an phríomhiarratasóra

Is gnách go mbíonn teaghlaigh arb é míchumas a bpríomhbhunús riachtanais tithíochta míchumas, níos sine i gcomparáid leis na teaghlaigh ar fad atá ar an liosta feithimh thar gach pointe ama. Cé go bhfuil an mheánaois ag méadú beagáinín le himeacht ama maidir le gach iarratasóir, ó 37 bliain in 2016 go 39 bliain in 2020, bhí sé fós réasúnta seasmhach ag idir 43 agus 44 bliain d'iarratasóirí ag a raibh bunús riachtanais míchumais.

b) Foinsí ioncaim don phríomhiarratasóir

Is é leas sóisialaigh atá á fháil ag an gcuid is mó (59.2%) de na teaghlaigh cháilithe go léir a bhfuil míchumas mar an príomhbhunús tithíochta acu. Tá céatadán sa chatagóir sin i bhfad níos airde, áfach, d'iarratasóirí a bhfuil bunús riachtanais acu a bhaineann le míchumas. Ar an meán, tá leas sóisialach ag thart ar 20% níos mó iarratasóirí a bhfuil riachtanais tithíochta míchumais acu mar an t-aon fhoinsé ioncaim atá acu agus tá thart ar 3 huairé go leith níos lú seans ann go mbeidh foinsé ioncaim acu ó fhostaíocht.

c) Comhdhéanamh teaghlaigh an phríomhiarratasóra

Is iad teaghlaigh aon duine an grúpa um chomhdhéanamh teaghlaigh is mó i measc gach duine atá cáilithe le haghaidh tithíocht shóisialta. Ba é sin an chatagóir ba mhó in 2020, agus duine fásta amháin i 52% de na teaghlaigh ar fad ar an liosta feithimh. Mar sin féin, ba iad teaghlaigh le duine amháin faoi míchumas an chatagóir comhdhéanamh ba mhó do gach bliain i dtréimhse na hanailíse. Maidir le gach bliain, tá idir thart ar 20% agus 30% níos mó teaghlach ina bhfuil aonach aonair i measc an ghrúpa ag a bhfuil bunús riachtanais míchumais i gcomparáid leis na teaghlaigh cháilithe go léir.

d) Tionacht reatha an phríomhiarratasóra

Tá níos lú seans ann go mbeidh teaghlaigh le riachtanais tithíochta a bhaineann le míchumas ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíós tráth an iarratais i gcomparáid le gach teaghlach ar an liosta feithimh.

Bhí trí go leith go ceithre huairé an oiread teaghlach a raibh riachtanais míchumais acu le haghaidh tithíochta ina gcónaí i dtionachtaí 'eile' tráth a n-iarratais i gcomparáid leis na teaghlaigh cháilithe go léir. Cuimsítear sa chatagóir sin iad siúd atá ina gcónaí in institiúidí agus i láithreacha comhchónaithe eile.

Caibidil 6: Taighde ar Shamhlacha agus ar Chleachtais

Mar chuid d'fhorbairt na Straitéise nua rinneadh dhá phíosa taighde. Rinneadh an chéad píosa taighde ar shamhlacha dea-chleachtais i ndlínsí eile. Measúnú cáilíochtúil ar na Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas ba ea an dara píosa taighde.

6.1. Cur Chuige maidir le Míchumas agus Tithíocht i ndlínsí Eile

Chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na Straitéise nua agus faoi chleachtas amach anseo in Éirinn, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta taighde deisce chun forléargas a sholáthar ar an gcur chuige maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas i ndlínsí eile.⁴⁶ Roghnaíodh na cúig tír seo a leanas: Sasana, Ceanada, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an tSualainn. Roghnaíodh na tíortha sin toisc go bhfuil beartais acu maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus go bhfuil an UNCRPD daingnithe acu. Rinneadh sonraí faoi gach tír a ghrúpáil faoi na ceanteidil fairsinge seo a leanas:

- Rialachas Míchumais agus Príomhpháirtithe Leasmhara,
- Míchumas agus an Daonra,
- Reachtaíocht maidir le Míchumas,
- Straitéisí maidir le Míchumas
- Tithíocht agus Míchumas, agus
- Samplaí.

Sainnithníodh i dtorthaí an taighde, atá cuimsithe i Míchumas agus Tithíocht - Cuir Chuige i ndlínsí eile, roinnt scéimeanna spéise agus polasaithe maidir le húinéireacht tí agus leibhéil deontas nach tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh orthu. Is minic a bhíonn roinnt gníomhaithe i gceist maidir le roghanna éagsúla a sholáthar. Tugtar chun suntais sna samplaí go bhfuil iliomad cineálacha cur chuige i gceist le roghanna tithíochta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus dá réir sin ba cheart féachaint le scéimeanna agus samhlacha éagsúla.

Déanann roinnt tíortha scrúdú ar fheidhmiúlacht, an teacht a rochtain, bogadh timpeall air agus é a fhágáil mar bhunús dá gcinntí maidir le mionathruithe agus oiriúnuithe.

I measc réimsí eile spéise bhí:

- An cur chuige in Québec maidir le córas liosta ceadaithe le haghaidh deontais oiriúnaithe.
- Deontais um Shaoráidí Míchumais Shasana.
- Cur chuige luath-idirghabhálacha na Scéime Náisiúnta um Árachas Míchumais san Astráil.
- An cur chuige maidir le mionathrú tí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos san Astráil.
- Enable Good Lines sa Nua-Shéalainn.
- Scéim na Nua-Shéalainne maidir le Cíos Inacmhainne le haghaidh Réadmhaoine Inrochtana.



46 An Ghníomhaireacht Tithíochta, *Míchumas agus Tithíocht: Cuir chuige i ndlínsí eile*. Ag teacht.

- Tithíocht Seirbhíse na Sualainne i gcás go bhfuil a n-árasán féin le seirbhísí comhroinnte agus baill fhoirne bhuana ag daoine.

Déanfar scrúdú breise ar na scéimeanna thuas agus déanfar iad a thaifeadadh, féachfar sa scrúdú freisin ar fheidhmiú Dheontais um Shaoráidí Míchumais Shasana le linn bhliain tosaigh na Straitéise nua d'fhonn athbhreithnithe a áireamh i scéimeanna comhchosúla in Éirinn.

Níl straitéis tithíochta ar leith do dhaoine faoi mhíchumas ag aon cheann de na tíortha a ndearnadh taighde orthu cosúil le hÉirinn agus tá straitéisí míchumais ag go leor acu a bhaineann le tithíocht ach nach bhfuil chomh cuimsitheach le NHSPWD 2011 - 2016.

6.2 Obair Chomhoibríoch sna Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumais

Ba é ceann de na hAidhmeanna Straitéiseacha leis an straitéis roimhe seo a chinntiú go raibh creat láidir idirghníomhaireachta mar bhonn leis an gcur chun feidhme, agus é tacaíthe ag prótacail náisiúnta chun caidreamh chomhoibríoch a chur ar bhonn foirmiúil idir na gníomhaireachtaí ábhartha a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Chun é sin a bhaint amach, bunaíodh Grúpaí Stiúrtha um Thithíochta agus Míchumas (GSTManna) faoi stiúir an Údaráis Áitiúil, i ngach limistéar údaráis áitiúil, a cuireadh sé de chúram orthu tacú le cur chun feidhme na Straitéise ar an leibhéal áitiúil agus bonn níos fearr a sholáthar do phleanáil agus do sholáthar seirbhísí.

Rinne taighdeoir seachtrach measúnú cáilíochtúil ar fheidhmiú na GSTManna trí shuirbhé ar líne⁴⁷. Dáileadh an suirbhé ar líne sin ar gach ball GSTM ar fud na n-údarás áitiúil go léir. Bhí sé mar aidhm leis an taighde sin cur chuige cuimsitheach a ghlacadh chun na naisc idir próisis, idirghníomhaíochtaí agus idirspéleáchas bhaill na GSTManna agus torthaí na ngrúpaí a shainnithint. Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna a bhféachadh lena bhfreagairt sa taighde.

1. cé acu an bhfuil na Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas ag obair go héifeachtach agus go comhoibríoch.
2. cé acu an raibh bacainní le sárú ag baill na nGrúpaí Stiúrtha um Thithíochta agus Míchumas lena cuireadh cosc orthu páirt iomlán a ghlacadh in obair na ngrúpaí.
3. i gcás ina bhfuil fadhbanna le hoibriú an ghrúpa, cé acu an féidir le baill na ngrúpaí athruithe a shainnithint a bhféadfadh siad aghaidh a thabhairt orthu.

Scaipeadh meabhrúcháin, ach ó thart ar 460 ball GSTM san iomlán ní bhfuarthas ach 177 freagra, agus b'ionann suirbhéanna críochnaithe 99 ceann díobh, rud a d'fhág gurbh é 21% an ráta freagartha. Is ábhar díomá an ráta freagartha íseal don suirbhé ar líne ar mheasúnú cáilíochtúil agus ba cheart do na grúpaí féin iad a scrúdú in 2022.

Cuireadh béim sa taighde ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn oibriú i gcomhar. Sonraítear ann,

“Shainnithin Huxham agus Vangen (Huxham et al. 2000) roinnt bacainní ar chomhoibriú a chuireann, le chéile, leis an bhféidearthacht go mbeadh ‘táimhe comhoibríoch’. D'fhéadfadh deacrachtaí maidir le comhchuspóir a chaibidliú a bheith mar thoradh ar éagsúlacht na ballraíochta; d'fhéadfadh deacrachtaí cumarsáide nó deacracht modhanna comhpháirteacha oibriúcháin a fhorbairt a bheith mar thoradh ar chultúir eagrúcháin éagsúla nó ar theangacha gairmiúla éagsúla (Hibbert and Huxham 2005 lch. 65); mura ndéantar an éagothroime chumhachta a bhraítear a shainnithint agus a bhainistiú d'fhéadfadh fadhbanna muiníne a bheith ann idir comhpháirtithe nó d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí iad a cheartú (Huxham et al. 2000).”

Toisc gurbh é bunú na nGrúpaí Stiúrtha um Thithíochta agus Míchumas in 2013 go 2015 an chéad uair a d'oibrigh go leor de na páirtithe leasmhara le chéile ar an leibhéal sin is léir go raibh ‘táimhe comhoibríoch’ ann.

⁴⁷ Sinéad Shannon, *An Straitéis Tithíochta do Dhaoine Náisiúnta faoi Míchumas: Obair Chomhoibríoch sna Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumais*. Ag teacht.

Go tábhachtach, áfach, de réir na bhfreagróirí, is iad an dá ról is tábhachtaí atá ag baill na nGrúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas:

1. tuiscint ar riachtanais daoine faoi mhíchumas a mhéadú, agus
2. riachtanas atá ag teacht a thuiscint agus pleanáil ina leith.

Tá sé tábhachtach go bhfeicfidh na baill go mbaineann le tairbhí le hobair na ngrúpaí agus go suimiúil, is iad na tairbhí is minice a luaitear 'eolas agus scil mhéadaithe' (81%) agus 'tuiscint níos fearr ar dhearccháí daoine eile' (75%).

Fuarthas sa suirbhé freisin gurbh iad caidreamh níos fearr a cothú le heagraíochtaí eile agus rochtain ar fhaisnéis a mhéadú an dá thairbhe ba mhinic a luadh a bhaintear amach trí chomhoibriú le daoine eile sna Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas; dúirt 79% de na freagróirí go raibh na tairbhí sin bainte amach acu agus dúirt 73% go raibh siad ábalta ionadaíocht níos fearr a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas. Bhí ról a imirt i gcur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta ina thairbhe a luaigh 74% de na freagróirí agus níor shainithin ach 34% díobh 'dlisteanacht mhéadaithe mar eagraíocht' mar thairbhe dá n-eagraíocht. Níor luaigh ach níos lú ná leath de na freagróirí (44%) rochtain ar acmhainní.

Cuirfear torthaí an taighde sin, atá cuimsithe san obair chomhoibríoch sna Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas, san áireamh agus na gníomhaíochtaí mionsonraithe maidir leis na Grúpaí Stiúrtha um Thithíochta agus Míchumas sa Phlean Cur Chun Feidhme á bhforbairt faoin dara ráithe de 2022.

Caibidil 7: Comhairliúchán

Mar chuid d'fhorbairt na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, bhí sé ríthábhachtach go gcuirfeadh an UNCRPD bonn eolais faoin bpróiseas comhairliúcháin agus go ndéanfaí é ar bhealach inrochtana agus rannpháirteach.

Bhí an comhairliúchán don Straitéis nua le tosú in 2020, ach mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 cuireadh síneadh leis an straitéis roimhe seo, agus cuireadh comhairliúchán ar an Straitéis nua siar go dtí 2021.


Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta próiseas comhairliúcháin inrochtana agus rannpháirteach a dhéanamh. Mar gheall ar chineál na paindéime, b'éigean athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna tosaigh pearsanta do chomhairliúcháin trasna na tíre.

Mar sin féin, cé gurbh fhearr imeachtaí pearsanta, mar gheall ar an bpaindéim tugadh an deis don Gníomhaireacht Tithíochta ceangal le daoine a úsáideann teicneolaíochtaí éagsúla agus dul i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara.

Tiomsaíodh mionsonraí an phróisis comhairliúcháin agus an aiseolais i dtuarascáil a bheidh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta faoi dheireadh R1 2022.

"Teastaíonn ionadaíocht níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas"

Ó Chomhairliúchán Babhta 1



Fíor 12: Dreamanna a chur le forbairt na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2022 - 2027)

7.1 Comhairliúchán Babhta 1

7.1.1 Cúlra

Ba é an cuspóir le Babhta 1 den chomhairliúchán cuidiú le dearcadh chomh fairsing agus is féidir a fháil maidir le cad iad na saincheisteanna a bhí i gceist do dhaoine faoi mhíchumas maidir le teacht ar thithíocht. Bhí trí ghné sa chomhairliúchán ina raibh ceistneoir ar líne, Pleananna Straitéiseacha Áitiúla an Ghrúpa Stiúrtha um Thithíochta agus Míchumas agus aighneachtaí eagraíochta.

7.1.2 Gnéithe de Bhabhta 1 an Chomhairliúcháin

Ceistneoir ar líne

Ba é an aidhm leis an gceistneora éifeachtacht na Straitéise roimhe seo a dhearbhu agus a aithint cad ba cheart a thabhairt ar aghaidh sa Straitéis nua. Lena chinntiú go mbeadh an comhairliúchán inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, d'fhorbair an Gníomhaireacht Tithíochta roinnt formáidí.

Bhí trí leagan den suirbhé ann:

- leagan Béarla den cheistneoir,
- leagan Gaeilge den cheistneoir, agus
- leagan Éasca a Léamh.

Cuireadh físeán 'míniúcháin' ar fáil freisin, agus cumasaíodh na leaganacha ar líne de na ceistneoirí chun bogearraí téacs go teanga a úsáid. D'fhéadfaí gach suirbhé a dhéanamh ar líne nó a chomhlánú i gcló.

Rinne 1,608 freagróir san iomlán an suirbhé.

"Téigh i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas. Is muidne na saineolaithe ... gan aon rud fúinn gan muid!"

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

Pleananna straitéiseacha áitiúla

Iarradh ar gach Grúpa Stiúrtha um Thithíochta agus Míchumas (GSTM) Plean Straitéiseach Áitiúil a dhéanamh chun cur le forbairt na Straitéise. Chuir 23 ceann de na 31 GSTM pleananna isteach faoin spriocdháta. Chlúdaíodh sna pleananna ábhair leathana lena n-áirítear feasacht agus cur chun cinn, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, aidhmeanna agus cuspóirí áitiúla, riachtanas tithíochta reatha agus cinn atá ag teacht chun cinn, soláthar tithíochta, tacaíochtaí (sóisialta agus cúram), dúshláin, rioscaí agus deiseanna. Rinneadh anailís ar na Pleananna Straitéiseacha Áitiúla ar na haighneachtaí chun na príomhábhair agus saincheisteanna ábhartha a shainiú ar an leibhéal áitiúil.

Aighneachtaí eagraíochtaí

Rinne roinnt páirtithe leasmhara aighneachtaí chuig an nGníomhaireacht Tithíochta seachas an ceistneoir ar líne a chomhlánú. Rinneadh anailís ar na haighneachtaí chun na príomhábhair agus na saincheisteanna ábhartha laistigh de gach catagóir míchumais a shainiú.

"Breithnigh riachtanais an duine aonair díreach"

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

7.1.3 Torthaí Bhabhta 1 an Chomhairliúcháin

Cuireadh ceist sa suirbhé ar fhreagróirí faoina n-eispéireas tithíochta, a bhfeasacht agus a n-eolas ar roghanna tithíochta agus ar Straitéis 2011-2016 agus bhí ceisteanna déimeagrafacha san áireamh. D'fhéachadh ann le leibhéal feasachta Straitéis 2011-2016, roghanna reachtúla tithíochta, obair idirghníomhaireachta a dhearbhu agus tuairimí a fháil faoi mhaireachtáil neamhspleách. Iarradh ar fhreagróirí freisin dúshláin agus gníomhaíochtaí a chur in iúl a cheap siad gur cheart iad a chur san áireamh sa Straitéis nua. Seo léargas grafaicí eolais ar chuid de phríomhthorthaí an chomhairliúcháin:

Iarradh ar fhreagróirí gníomhaíochtaí a mholadh ar mian leo iad a fheiceáil sa straitéis úr. Áiríodh na príomhthéamaí seo a leanas i measc na dtorthaí.


Próiseas Iarratais Tithíochta

Theastaigh ó fhreagróirí go ndéanfaí cuíchóiriú agus simpliú ar an bpróiseas iarratais le haghaidh tithíochta agus tacaíochta, go dtabharfaí foirmeacha iarratais isteach a bhí oiriúnach d'úsáideoirí, go gcuirfí tacaíocht ar fáil maidir le cáipéisí riachtanacha a chur isteach, go mbeadh teagmhálaithe ainmnithe ar fáil sna húdaráis áitiúla ar fad le cabhrú le daoine faoi mhíchumas lena gcuid iarratas.



Maoiniú

Tharraing freagróirí aird ar an riachtanas a bhaineann le maoiniú breise a chur ar fáil le costas na tithíochta a chlúdach.



Tacaíochtaí

Tharraing freagróirí aird ar an riachtanas a bhaineann le tacaíochtaí breise a chur ar fáil nuair a bhogann daoine faoi mhíchumas isteach i dtithe nua.




Soláthar Tithíochta

Lorgaíodh méadú ar sholáthar na tithíochta sóisialta agus ar chóiríocht tacaíthe mhaireachtála.


Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Moladh d'údaráis áitiúla, don FSS, don DHLGH, AHB agus do sholáthraithe cúraim comhoibriú níos dlúithe a dhéanamh le chéile. Moladh chomh maith gur cheart go ndéanfaí teagmháil ní ba rialta le bainisteoirí tosaigh agus go ndéanfaí naisc a neartú idir ailtirí agus pleanálaithe le teiripeoirí saothair.



Deacrachtaí Meabhairshláinte agus Míchumais Intleachtúla

Bhí pleananna níos fearr á lorg ag freagróirí le freastal ar riachtanais thithíochta agus chúraim na ndaoine atá faoi mhíchumas "dofheicthe".



Cuimsiú

Tarraingíodh aird chomh maith ar an riachtanas a bhaineann le rannpháirtíocht níos mó sa chomhphobal, comharsanachtaí ionchuimsitheacha, suíomhanna comhaimseartha, forbraíochtaí comhphobail i stíl sráidbhailte, agus oideachas a chur ar an bpobal maidir le riachtanais agus le hacmhainní daoine faoi mhíchumas.



Gairm chun Gnímh agus Cearta Tithíochta

Go bunúsach, theastaigh ó fhreagróirí go ndéanfaí pleanáil fadtéarmach agus go mbeadh gníomhaíocht ní ba thapúla ann maidir le cur i bhfeidhm na straitéise.

7.2 Comhairliúchán Babhta 2

7.2.1 Formáid:

Ba é an cuspóir le Babhta 2 den chomhairliúchán iniúchadh níos mionsonraithe a dhéanamh ar na hábhar a bhí mar thoradh ar Bhabhta 1 den chomhairliúchán agus príomhghníomhaíochta a fhorbairt chun cabhrú le soláthar na Straitéise.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, scaipeadh na 9 ndrucht-ábhar a forbraíodh i mBabhta 1 ar lucht freastail roimh na comhairliúcháin éagsúla. Scaipeadh leagan de na drucht-ábhair a bhí éasca le léamh, mar aon le físeán míniúcháin. Ba iad na drucht-ábhair sin:

- Tithíocht Inrochtana agus Maireachtáil go Neamhspleách sa Phobal
- Comhar agus Comhoibriú Idirghníomhaireachta
- Inacmhainneacht a Mhádú
- Fothú Acmhainneachta, Eolas agus Saineolas
- Rochtain ar Fhaisnéis
- Leanúint le Dí-chomhchónaí
- Meabhairshláinte
- Bailiú Sonraí
- Athbhreithniú agus Monatóireacht

“Cailtear dea-rúin sa ‘phróiseas’ go minic. Tá buiséid agus srianta eile suntasach ach go minic ní hiad sin na príomhbhacainní maidir le seirbhísí a sholáthar. Is iad maorlathas iomarcach, loighic chlaon agus imní faoin íomhá is cúis le cuid mhór de na bacainn ar na fóorthorthaí ar an talamh. Tá sé mar a ‘chailtear an rún san aistriú’ ón mbeartas go dtí an cleachtas.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Cuimsíodh sna comhairliúcháin ilghrúpaí fócais ar líne le réimse páirtithe leasmhara (85 duine san iomlán), agus bhí siad deartha mar seo a leanas:

1. Rannpháirtíocht Míchumais agus Gréasán Comhairliúcháin (RMGC) (35 duine)

Tionóladh dhá chomhairliúchán grúpa fócais ar líne leis an RMGC. D'éascaigh an Gréasán na grúpaí fócais sin agus 35 duine ag freastal ar an dá imeacht. Cuireadh ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil don lucht freastail. Pléadh na drucht-ábhair i seomraí ar leithligh.

2. Údaráis Áitiúla, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Sóisialta agus an FSS (35 duine)

Tionóladh dhá chomhairliúchán grúpa fócais ar líne ina raibh ionadaithe ó Údaráis Áitiúla, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Sóisialta agus an FSS. Bhí éascaitheoir seachtrach ag na fócasghrúpaí sin agus úsáideadh seomraí ar an imeall chun plé a dhéanamh ar na naoi ndrucht-ábhar.

3. Cónaidhm Náisiúnta do Sholáthraithe Deonacha Seirbhíse (15 dhuine)

Tionóladh grúpa fócais ar líne amháin le baill na Cónaidhme, agus d'fhreastail 15 duine air. Rinneadh gach drucht-ábhar a phlé, agus d'éascaigh an Chónaidhm an chomhairliúchán.

“Easpa conairí chuig tacaíochtaí agus tithíocht do dhuine ar mian leis nó léi bogadh amach as teach an teaghlaigh agus maireachtáil go neamhspleách sa phobal.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

7.2.2 Torthaí ó Bhabhta 2 den Chomhairliúchán

Ar an iomlán, bhain comhsheasmhacht leathan leis an aiseolas maidir leis na príomhcheisteanna, na dúshlán agus na réitigh fhéideartha. Cé gur treisíodh struchtúr ginearálta na n-ábhar leis an aiseolas ar na dréacht-ábhair ó Bhabhta 1, fuarthas roinnt aiseolais úsáideach chomh maith maidir le gnéithe áirithe a leasú, agus moltaí maidir le roinnt ábhar a chomhcheangal agus a scaradh.

Is é seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna athfhillteacha a tháinig chun cinn i mBabhta 2:



Fíor 14: Aiseolas Bhabhta 2

“Ní mór dúinn seirbhísí tacaíochta agus tithíocht a nascadh le chéile”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Rinneadh anailís ansin ar an aiseolas ón mbabhta sin den chomhairliúcháin chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt ábhair dheiridh, thorthaí agus ghníomhaíochtaí na Straitéise nua. I ndiaidh na hanailíse, rinneadh na leasuithe seo a leanas:

- Bhí an t-aiseolas chomh láidir maidir le maireachtáil go neamhspleách, go bhfuil sé ina ghné uileghabhálach den Straitéis.
- Pléadh cumarsáid chomh minic sin gur comhaontaíodh go gcaithfí í a ainmniú.
- Tugadh isteach téama um Ailíniú Straitéise. Is é sin lena chinntiú go bhfuil an Straitéis ag teacht le Tithíocht do Chách, an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, Plean Cur Chun Feidhme an UNCRPD, An Fhís a Roinnt agus an t-Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe go háirithe, chomh maith le haon straitéisí tras-Rialtais eile.

- Tugadh le fios san aiseolas ar bhailiú sonraí gur chóir go mbeadh sé sin i ngach ábhar seachas ábhar neamhspleách aonair agus gur cheart go mbeadh sé seo ina fhócas faoi Chomhar agus Comhoibriú Idirghníomhaireachta.
- Moladh go gcuirfí roinnt le haghaidh athbhreithniú agus monatóireacht ar an Straitéis fhoriomlán san áireamh i gcorpas an doiciméid.

Atheagraíodh na naoi n-ábhair bunaidh i sé théama. Bhí na hábhair sin ina mbonn leis an Straitéis nua ansin. Is iad sin:

Ábhar 1 - Tithíocht agus Pobail Inrochtana

Ábhar 2 - Comhoibriú Idirghníomhaireachta agus an Soláthar Tacaíochtaí

Ábhar 3 - Inacmhainneacht Tithíochta

Ábhar 4 - Cumarsáid agus Rochtain ar Eolas

Ábhar 5 - Eolas, Cumas agus Saineolas


Ábhar 6 - Ailíniú Straitéise

Pléifear na hábhair sin go mion i gCaibidil 9 (lch. 55).

Roinn 3

Cad is Mian Linn a Chur i gCrích

Leagtar amach sa roinn seo conas a chabhróidh an Straitéis, ó thaobh tithíochta de, le cuspóirí an UNCRPD a bhaint amach. Leis an bprionsabal maidir le maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal cuirtear taca faoinn Straitéis seo agus leagtar amach sa roinn seo na torthaí inmhianaithe faoi gach ceann d'ábhar na Straitéise agus na bearta tosaigh a dhéanfar chun tús a chur leis an bpróiseas sin.



Independence

Caibidil 8: An Straitéis agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Is é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas an Conradh idirnáisiúnta a chuireann chun cinn, a chaomhnaíonn agus a chinntíonn go bhfuil cearta daonna iomlána agus comhionanna ag daoine faoi mhíchumas.

Cuirtear agus cuirfear i gcónaí ábhair agus torthaí na Straitéise náisiúnta nua in iúl ag na hAilt CNACDFM cuí, chomh maith le prionsabail ghinearálta an CNACDFM agus cuirfidh sé an tuiscint ar chearta daoine faoi mhíchumas chun cinn.

Déanfar monatóireacht ar fheidhmiú na straitéise tithíochta nua trí dhearcadh an UNCRPD.

Clúdaítear in Ailt an Choinbhinsiúin réimse leathan ábhar lena n-áirítear rochtain, maireachtáil neamhspleách, oideachas, sláinte agus fostaíocht. Tá tábhacht áirithe ag baint le líon Alt laistigh den Straitéis seo. Tá siad liostaithe thíos in ord uimhriúil:

Ailt 4.1 (f)⁴⁸

Sonraítear san Alt seo 'Taighde agus forbairt earraí, seirbhísí, trealamh agus saoráidí atá deartha go huilíoch a dhéanamh nó a chur chun cinn, mar a shainítear in alt 2 den Choinbhinsiún reatha, ar cheart nach dteastódh ina leith ach an t-oiriúnú is lú agus is féidir agus an costas is lú agus is féidir chun freastal ar riachtanais shonracha duine faoi mhíchumas, a n-infhaighteacht agus a n-úsáid a chur chun cinn, agus dearadh uilíoch a chur chun cinn i bhforbairt caighdeán agus treoirlínte.'

Léiriú Intinne

Cuirfidh an Straitéis cuspóirí Ailt 4(1)(f) chun cinn trí chuimsiú cur chuige Dearaidh Uilíoch i leith tithíochta.

Alt 4.3 – Oibleagáidí ginearálta

Sonraítear san Alt seo 'I bhforbairt agus i gcur chun feidhme na reachtaíochta agus na mbeartas chun an Coinbhinsiún reatha a chur chun feidhme, agus i bpróisis chinnteoireachta eile a bhaineann le saincheistean na ndáil le daoine faoi mhíchumas, rachaidh na Stáit is Páirtithe i ndlúthchomhairle le daoine faoi mhíchumas agus tabharfaidh siad páirt ghníomhach dóibh, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, trína n-eagraíochtaí ionadaíocha.'

Léiriú Intinne

Leis an Straitéis cuirfear cuspóirí Alt 4.3 chun cinn trí chomhairliúchán leanúnach agus trí rannpháirtíocht éifeachtach daoine faoi mhíchumas maidir le cinnteoireacht a chinntiú, trí fhórait áitiúil agus náisiúnta.

48 UNCRPD, Alt 4 – Oibleagáidí ginearálta. Ar fáil anseo: Alt 4 – Oibleagáidí ginearálta | United Nations Enable

Alt 9 - Inrochtaineacht⁴⁹

Sonraítear in Alt 9 ‘Lena chur ar chumas daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den saol, déanfaidh na Stáit is Páirtithe bearta iomchuí lena chinntiú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas rochtain, ar an mbonn céanna le daoine eile, ar an gcomhshaol fisiceach, ar iompar, ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais faisnéise agus cumarsáide, agus ar shaoráidí agus ar sheirbhísí eile atá oscailte don phobal nó atá ar fáil don phobal, i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuithe araon.’

Léiriú Intinne

Cuirfear an Straitéis cuspóirí Ailt 9 chun cinn trí sholáthar méadaithe tithé inrochtana sna láithreacha cearta, eolas inrochtana, agus teicneolaíocht oiriúnaitheach, agus aird a tharraingt ar an riachtanas le pobail inrochtana, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht daoine ina bpobail a chur chun cinn.

Alt 19 - Maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal⁵⁰

Le hAlt 19 Maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal, cinnteofar go bhfuil cearta comhionanna ag daoine faoi mhíchumas chun teacht a bheith acu ar thithíocht agus cearta comhionanna chun teacht a bheith acu ar thacaíochtaí atá de dhíth chun gur féidir leo a bheith in ann maireachtáil go neamhspleách laistigh den phobal. Sonraítear san alt:

Aithníonn páirtithe sa Choinbhinsiún reatha ceart comhionann gach duine faoi mhíchumas chun maireachtáil sa phobal, agus na roghanna ceanna acu agus atá ag daoine eile, agus déanfaidh siad bearta éifeachtacha agus iomchuí chun go mbainfidh daoine faoi mhíchumas leas iomlán as an gceart sin agus a gcuimsiú agus a rannpháirtíocht iomlán sa phobal, rud a chinnteoidh an méid seo a leanas:

- A. Beidh deis ag daoine faoi mhíchumas a n-áit chónaithe a roghnú agus cá háit agus cé leis a mbeidh siad ina gcónaí a roghnú ar bhonn cothrom le daoine eile agus ní bheidh oibleagáid orthu maireachtáil i socrú maireachtála ar leith.
- B. Beidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar réimse seirbhísí tacaíochta baile, cónaithe agus pobail eile, lena n-áirítear cúnamh pearsanta atá riachtanach chun tacú le maireachtáil agus cuimsiú sa phobal, agus chun aonrú nó deighilt ón bpobal a chosc.

Trácht Ginearálta 5 UNCRPD - Maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal⁵¹

Foilsíodh *Trácht Ginearálta 5 an UNCRPD* in 2017 agus tá sé mar aidhm leis cuidiú le páirtithe Stáit Alt 19 den Choinbhinsiún a chur chun feidhme. Baineann sé go príomha leis an oibleagáid a chinntiú go mbainfidh gach duine leas as an gceart chun maireachtáil go neamhspleách agus chun bheith cuimsithe sa phobal, agus go mbeidh rogha agus smacht ag daoine aonair maidir leis an áit ina gcónaíonn siad, ag tacú le toil agus rogha an duine.

Léiriú Intinne

Leis an Straitéis cuirfear cuspóirí Alt 19 chun cinn trína chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ar thithíocht ag daoine faoi mhíchumas agus go bhfuil conairí níos soiléire acu chun rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta, agus a gcuimsiú sa phobal á chur chun cinn ó thaobh tithíochta de.

49 UNCRPD, Alt 9 – *Inrochtaineacht*. Ar fáil anseo: Alt 9 – Inrochtaineacht | United Nations Enable

50 UNCRPD, Alt 19 - *Maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal* Ar fáil anseo: Alt 19 – Maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal | United Nations Enable

51 UNCRPD, *Trácht ginearálta le huimh. 5 (2017) maidir le maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal*. Ar fáil anseo: Trácht ginearálta le huimh. 5 (2017) maidir le maireachtáil go neamhspleách agus bheith cuimsithe sa phobal

Alt 28 - Caighdeán maireachtála agus cosanta sóisialta leordhóthanach⁵²

Sonraítear san alt

1. 'Aithníodh na Stáit is Páirtithe ceart daoine faoi mhíchumas chun caighdeán maireachtála leordhóthanach dóibh féin agus dá dteaghlach, lena n-áirítear bia, éadaí agus tithíocht leordhóthanach, agus chun feabhas leanúnach ar dhálaí maireachtála, agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun baint amach an chirt sin a chosaint agus a chur chun cinn gan aon idirdhealú ar bhonn míchumais.
2. Aithneoidh na Stáit is Páirtithe ceart daoine faoi mhíchumas chun cosaint shóisialta agus leas a bhaint as an gceart sin gan aon idirdhealú ar bhonn míchumais, agus déanfaidh siad bearta iomchuí chun baint amach an chirt sin a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta:
(d) Rochtain daoine faoi mhíchumas ar chláir tithíochta poiblí a chinntiú;

Léiriú Intinne

Leis an Straitéis cuirfear cuspóirí Alt 28 chun cinn trína chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ag daoine faoi mhíchumas ar thithíocht phoiblí chomh maith le conairí chun tithíocht inacmhainne a chur ar fáil.

Alt 31 - Staidreamh agus bailiú sonraí⁵³

Sonraítear san alt

1. 'Gabhfaidh na Stáit is Páirtithe orthu féin faisnéis iomchuí a bhailiú, lena n-áirítear sonraí staidrimh agus taighde, lena chur ar a gcumas beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme chun éifeacht a thabhairt don Choinbhinsiún reatha. Bainfidh an próiseas maidir leis an bhfaisnéis sin a bhailiú agus a chothabháil leis an méid seo a leanas:
 - a) Cloífidh sé le cosaintí atá bunaithe go dlíthiúil, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le cosaint sonraí, chun rúndacht agus meas ar phríobháideacht daoine faoi mhíchumas a chinntiú;
 - b) Cloífidh leis na noirm a nglactar leo go hidirnáisiúnta chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha agus prionsabail eiticíúla a chosaint i mbailiú agus in úsáid staidrimh.
2. Déanfar an fhaisnéis a bhaileofar i gcomhréir leis an alt seo a dhí-chomhbhailiú, de réir mar is cuí, agus úsáidfear í chun cabhrú le cur chun feidhme oibleagáidí na Stát is Páirtithe faoin gCoinbhinsiún reatha a mheas agus chun na bacainní a bhíonn ar dhaoine faoi mhíchumas a gcearta a fheidhmiú a shainaitheint agus aghaidh a thabhairt orthu.
3. Glacfaidh na Stáit is Páirtithe freagracht as an staidreamh sin a scaipeadh agus cinnteoidh siad a n-inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine eile.'

Léiriú Intinne

Leis an Straitéis cuirfear cuspóirí Alt 31 chun cinn trí shonraí a bhailiú chun comhordú éifeachtúil na tithíochta agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht a chur ar an eolas agus a chumasú, a bheidh rochtain éasca air agus a bheidh foilsithe go minic.

52 UNCRPD, *Alt 28 - Caighdeán maireachtála agus cosanta sóisialta leordhóthanach* Ar fáil anseo: Alt 28 - Caighdeán maireachtála agus cosanta sóisialta leordhóthanach | United Nations Enable

53 UNCRPD, *Alt 31 - Staidreamh agus bailiú sonraí* Ar fáil anseo: Alt 31 - Staidreamh agus bailiú sonraí | United Nations Enable

Caibidil 9: Fís agus Ábhair

9.1 Fís

Cuimsíonn a bheith ag maireachtáil go neamhspleách agus a bheith san áireamh sa phobal réimse leathan gnéithe. Ina measc sin, cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn trí réimsí ar nós iompair, fostaíocht, seirbhísí pobail agus sóisialta, agus tithíocht. Tabharfaidh Plean Feidhmithe CNACDFM an Rialtais atá le teacht a choimre ar chur chuige atá meascán de rialtas agus roinn i gceist chun an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm. Gné amháin de seo a bheidh in Alt 19 - Maireachtáil neamhspleách agus a bheith san áireamh sa phobal, agus tá sé mar aidhm leis an Straitéis an obair seo a mholadh agus a ailíniú lena chinntiú go gcuirtear ceartha daoine faoi mhíchumas chun cinn, agus go bhfuil rochtain ag daoine ar thithíocht.

Is í fís na straitéise:

Daoine faoi mhíchumas a éascú chun maireachtáil go neamhspleách agus na roghanna agus an smacht cuí a bheith acu faoi cén áit, cén chaoi agus cé leis a bhfuil siad ina gcónaí, ag cur a gcuid sa phobal chun cinn.

Comhrochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar thithíocht le seirbhísí tacaíochta comhtháite a chumasú a thuilleadh.

9.2 Cur Chuige Uileghabhálach

Is í an fhís uileghabhálach na Straitéise atá tiomanta ag an aiseolas don chomhairliúchán ná maireachtáil neamhspleách a éascú. Tháinig na hábhair thíos chun cinn de réir mar a rinneadh an t-aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin a mheas go cúramach agus a bheachtú. Cuirtear san áireamh sna hábhair na torthaí a theastaíonn chun maireachtáil neamhspleách a éascú. Sa Plean Feidhmithe a ullmhófar agus a foilseofar roimh dheireadh R2 2022, beidh sonraí ann faoin gcaoi a d'fhéadfadh na torthaí a bhaint amach agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Tá roinnt gníomhartha tosaigh ann sa Straitéis, áfach, a tosófar roimh fhoilseachán an Plean Feidhmithe. Taispeánann cuimsiú gníomhartha mar sin rún an Rialtais chun dul i ngleic leis na saincheistanna a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas atá ag lorg tithíochta chomh maith le comhartha soiléir a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara go bhfuil gá le beart ar bhonn láithreach.

Chomh maith leis na hábhair, déanfar na soláthair seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna eile a luadh le linn an phróisis chomhairliúcháin agus chun an straitéis seo a ailíniú go soiléir le Tithíocht do Chách:

- Ainmneoidh gach údarás áitiúil Comhairleoirí Teicniúla do Thithíocht atá Feiliúnach do Dhaoine Faoi Míchumas.
- Ainmneoidh gach údarás áitiúil ionadaí óna Ranna Tithíochta le bheith i gceannas ar an gcomhoibriú idirghníomhaireachta.
- Ainmneoidh an FSS comhordaitheoir tithíochta i ngach limistéar um Eagraíocht Sláinte Pobail (ESP) le haghaidh Seirbhísí Meabhairshláinte chomh maith le Seirbhísí Míchumais le bheith i gceannas ar an gcomhoibriú idirghníomhaireachta.
- Méadóidh ról na Gníomhaireachta Tithíochta go mbeadh ról níos réamhghníomhaí acu trí sholáthar bearta faoin Straitéis a chinntiú agus chun an comhoibriú idirghníomhaireachta a chomhordú ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.
- Cuirfear de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta feidhmiú éasca an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe⁵⁴ a chinntiú le haghaidh na ranna tithíochta de chuid údarás áitiúil agus de chuid Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta lena n-áirítear ullmhúchán treoracha agus soláthar oiliúna.

54 An Roinn Dlí agus Cirt, *an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas)*, 2015. Oscailte Samhain 2021: gov.ie - an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (www.gov.ie)

Fiafraíodh de fhreagróirí conas a d'fhéadfaí níos mó deiseanna a chur ar fáil don mhaireachtáil aonair. Áiríodh na téamaí fairsinge seo a leanas i measc na dtorthaí.

Tithíocht

'Tóg tithe' agus 'tóg níos mó tithe' a bhí mar fhreagraí coitianta agus a bhí mar an riachtanas ba mhinice a tugadh faoi deara maidir le deiseanna a chur ar fáil don mhaireachtáil aonair.



Ullmhú don Mhaireachtáil Aonair

Luaigh na freagróirí go raibh an tacaíocht cheart ag an am ceart ag teastáil, le linn na tréimhse saoil, sa chás gurb iad an teaghlach atá i mbun an chúraim agus sa chás go mbíonn cúram fadtéarmach á chur ar fáil ag an Stát.



Sonraí agus Taighde

Luaigh freagróirí go raibh tábhacht ag baint le faisnéis agus le sonraí a chuirfeadh eolas ar fáil do pholasaí agus don chinnteoireacht.



Straitéis agus Polasaí

Luaigh freagróirí go raibh gá le le tiomantas ón Rialtas, agus a gcuid gníomhartha a bheith bunaithe ar fhianaise agus úsáid á baint as sonraí tógtha ag soláthraithe míchumais a léiríonn na riachtanais a bhíonn ag a gcuid client.



Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Ba cheist thábhachtach í do fhreagróirí go leanfadh gníomhaireachtaí ar aghaidh agus cur chuige iomlánaíoch á fhorbairt acu leis an mairachtáil aonair a éascú agus le 'conair ar leith a neartú le tithíocht shóisialta atá oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas a aithint agus a sholáthar', chomh maith le 'cinnteoireacht chomhtháite agus cuimsiú a bheith san áireamh sna pleananna don todhchaí dóibh siúd ar fad atá páirteach'.


Cumarsáid, Meas agus Comhbhá

Aithníodh go raibh gá le cumarsáid níos fearr, cumarsáid oscailte agus shoiléir do chúramóirí daoine atá faoi mhíchumas faoi roghanna éagsúla agus faoin eolas atá ar fáil. Lorgaíodh tuiscint, éisteacht, tacaíocht, cothroime, comhbhá, chomh maith le dóchas a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas le léiriú dóibh go bhfuil a n-áit féin acu.



Tacaíocht

Dúradh go raibh rithábacht ag baint leis an ngá le tacaíocht, agus béim leagtha ar thacaíocht i bhfad níos fearr, maidir leis an maireachtáil aonair, agus rinne neart daoine nasc a bhunú idir an riachtanas tithíochta agus an gá le tacaíocht.




Múnlaí Eagraíochtúla

Rinne freagróirí múnlaí eagraíochtúla éagsúla a aithint chun deiseanna a chur ar fáil don maireachtáil aonair.



Maoiniú

Aithníodh go raibh buntábhacht ag baint leis an maoiniú chun go mbainfí maireachtáil aonair amach.



Fíor 16: Ábhar

9.3 Ábhar

9.3.1 Ábhar 1 - Tithíocht agus Pobail Inrochtana



Forléargas

Díríonn an t-ábhar seo ar shólathar tithíochta inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus cur chun cinn pobail inrochtana agus tithe atá dearadh uilíoch orthu. Cuirtear in iúl ag an CNACDFM agus, go háirithe, Alt 19 - Maireachtáil go neamhspleách agus a bheith san áireamh sa phobal agus Alt 9 - Rochtain, a bhfuil mar aidhm aige “daoine faoi mhíchumas a bheith ag maireachtáil go neamhspleách a chumasú ...agus lena chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar an timpeallacht fhisiciúil.” Tá sé tábhachtach go n-ailíníonn an t-ábhar seo le Tithíocht do Chách, go háirithe:

- **Conair 2** - Deireadh a chur le hEaspa Dídine, Soláthar Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus Cuimsiú Sóisialta a Thacú, agus
- **Conair 3** - Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú

Cuireann an t-ábhar seo na riachtanais éagsúla in iúl a thagann chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain ar a dtithe agus a bpobail áitiúla (rochtain éasca ar sheirbhísí, ar shiopaí, agus ar iompair, de réir mar is cuí), agus trína chinntiú go bhfuil spriocanna ann maidir le soláthar tithíochta inrochtana. Fiosróidh an t-ábhar seo chomh maith an chaoi a d’fhéadfadh muid úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht oiriúnaitheach agus caighdeáin rochtana i bhforbraíocht tithíochta a chinntiú.

“Tá gach míchumas difriúil - bheadh riachtanais chóiríochta duine lagamhairc, duine faoi mhíchumas coirp agus duine ag a bhfuil deacrachtaí comhtháthaithe céadfacha an-difriúil ar fad.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

Ábhar 1 Torthaí

- Tá méadú ann ar sholáthar tithíochta inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas trí spriocanna áitiúla ar leith a bhaineann le riachtanas a leagan amach do gach soláthraí tithíochta sóisialta agus úsáid á baint as cur chuige deartha uilíoch, de réir mar is iomchuí.
- Tacaítear le daoine faoi mhíchumas chun leas a bhaint as deiseanna tithíochta a thagann chun cinn trí mhéadú tacaíochtaí, foirmeálta agus neamhfhoirmeálta.
- Tá pobail agus forbraíochtaí tithíochta níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.
- Déanann údaráis áitiúla pleananna straitéiseacha le haghaidh riachtanais tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas ina réimse riaracháin.
- Tacaítear soláthar tithíochta agus tacaíochta gaolmhara atá de réir phrionsabail CNACDFM trí chomhoibriú idir an FSS agus údaráis áitiúla ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus trí chistiú cuí.

“Is rud níos leithne ná an tithíocht é an Mhaireachtáil Neamhspleách - tá an timpeallacht fhisiceach rithábhachtach chun duine a chumasú chun maireachtáil ar bhonn neamhspleách.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

Plean Oibre Tosaigh⁵⁵

- Athbhreithniú ar Phleananna Gníomhaíochta Seachadta Áitiúil agus trí leas a bhaint as sonraí agus taighde nua, e.g. an tAthbhreithniú ar Chostas an Dearaidh Uilíoch ag an NDA d’fhonn beartas agus cleachtas a threorú, spriocanna iomchuí a shocrú do sholáthar agus do leithdháileadh ó 2023 ar aghaidh.
- Le haghaidh 2022, shocraigh údaráis áitiúla a gcuid spriocanna i bPleananna Straitéiseacha Áitiúla lena n-áirítear spriocanna amhail:

55 Beidh na tascanna atá leagtha amach faoin bPlean Oibre Tosaigh do gach Téama ina gcuid den Phlean Feidhmithe mar ní chuirfear gach ceann i gcrích roimh fhoilsiú an Phlean.

- Leithdháilfear 15% ar a laghad de gach leithdháileadh na tithíochta ag údarás áitiúil ar dhaoine faoi mhíchumas agus cuirfear cúram sláinte agus sóisialta iomchuí i bhfeidhm chun ligean do dhaoine a ndeiseanna tithíochta a ghlacadh.
- Coimeádfar 10% de thithíocht nua i bhforbairtí tithíochta sóisialta ginearálta uile⁵⁶ de 10 dteach nó níos mó do theaghlaigh atá cáilithe faoin bhonn riachtanais um míchumas.
- Coimeádfar 50% de sholáthar nua ar na bacáin⁵⁷ do dhaoine faoi mhíchumas i ngach údarás áitiúil agus iad oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus moltaí an Bhaile Dearaidh Uilíoch den Lárionad um Barr Feabhais i nDearadh Uilíoch á gcomhlíonadh.
- Déanfar na Pleananna Straitéiseacha Áitiúla sin a athbhreithniú in 2022 d’fhonn Torthaí agus Gníomhaíochtaí na Straitéise nua a chur san áireamh mar aon lena Plean Feidhmithe agus chun a bheith ar aon dul le Pleananna Gníomhaíochta Seachadta Áitiúil agus le gníomhaíochtaí eile ó Thithíocht do Chách.
- Gníomhaíocht chomhordaithe idir údaráis áitiúla agus an FSS chun spriocanna tithíochta a phleanáil agus a chur i gcrích le haghaidh daoine faoi mhíchumas sa phobal (le dí-chomhchónaí san áireamh) de réir Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Míchumais 2022-2025 atá le teacht.
- An fhéidearthacht a scrúdú de sheirbhís a sholáthar chun lóistín a fhoinsiú atá cosúil le seirbhís na nAimsitheoirí Áite i Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean.
- Bearta eile a chur san áireamh sa Phlean Feidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar na dtorthaí faoin ábhar seo.

“Ní mór duit féachaint ar thithíocht agus láthair agus ar sheirbhísí áitiúla le chéile. D’fhéadfadh teach a bheith ag teastáil uaim agus siopaí inrochtana in aice láimhe mar aon le saincheisteanna eile ar bhonn áitiúil amhail cosáin mhaithe sa pháirc áitiúil nó céimeanna chun na rianta Luas a thrasnú -- etc. Mar sin de, mura a bhfuil an tithíocht tacaíthe sa cheantar áitiúil ag seirbhísí feabhsaithe, ansin ní fheileann sin domsa mar ní féidir liom déanamh ACH fanacht i mo theach inrochtana”

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

56 Ciallaíonn ‘ginearálta’ anseo soláthar tithíochta neamhspeisialta (e.g. soláthar do dhaoine gan dídean) agus áirítear le tithíocht shóisialta soláthar údaráis áitiúil agus AHB.

57 Go ginearálta, d’fhonn bacainní/moill a chosc maidir le tithíocht shóisialta a sheachadadh trí athdhearadh scéimeanna a éileamh, ciallaíonn seachadadh nua ar na bacáin scéimeanna tithíochta sóisialta nua á gcur isteach don roinn le haghaidh faofa

9.3.2 Ábhar 2 - Comhoibriú Idirghníomhaireachta agus an Soláthar Tacaíochtaí



“Bhí eispéireas an-mhaith againn trí thionscadail a fhorbairt – shainaithnímid riachtanas nó beidh plé oscailte againn trí na grúpaí straitéise míchumais. I ngníomh, baineann sé le haithne a bheith agat ar do chontrapháirtí agus a bheith ar fáil dóibh agus iadsan a bheith ar fáil duit. Tá sé áitiúil agus comhsheasmhach i bpoist, agus fios agat cé leis a bhfuil tú ag obair, agus go bhfuil na naisc agus an fhaisnéis agat agus na naisc is féidir a thabhairt chun críche”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Forléargas

Tá an t-ábhar seo ag iarraidh cur leis an obair atá déanta cheana féin trína struchtúir seo a neartú agus trí chomhoibriú a fheabhsú idir na gníomhaireachtaí cuí.

Áirítear leis an ábhar seo torthaí maidir le feabhas ar chomhoibriú éifeachtach idir Údaráis Áitiúla agus an FSS, comhoibriú idir-rannach níos fearr, seirbhísí tithíochta agus tacaíochta a ailníú agus comhroinnt eolais cuí idir gníomhaireachtaí.

“Níl i leibhéal an chomhair idirghníomhaireachta ach focail ar leathanach mura bhfuil gníomhaíochtaí ceangailte leis”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Ábhar 2 Torthaí

- Tá conair soiléir ag daoine faoi mhíchumas chun teacht a bheith acu ar thithíocht agus ar sheirbhísí tacaíochta.
- Tá creat/tírdhreach rialála i bhfeidhm a thacaíonn le soláthar tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas.
- Oibríonn agus comhoibríonn Údaráis Áitiúla agus an FSS go héifeachtach, ag feabhsú rochtain ar thithíocht do dhaoine faoi mhíchumas.
- Oibríonn agus comhoibríonn Údaráis Áitiúla, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, an FSS agus Soláthraithe Seirbhíse go héifeachtach, ag feabhsú rochtana ar thithíocht do dhaoine faoi mhíchumas, ag soláthar cúram cónaithe atá pobalbhunaithe do dhaoine faoi mhíchumas, agus ag oibriú i dtreo deireadh a chur le soláthar cúraim cónaithe i láithreacha institiúideacha nó comhchónaithe.

- Tá na Treoirlínte Measúnachta agus Leithdháilte fite fuaite i bpolasaithe agus i nósanna imeachta na n-údarás áitiúil agus an FSS.
- Tá feabhas tagtha ar an gcomhordú agus méadú tagtha ar an gcistiú caipitil agus ioncaim le haghaidh tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara.

“Comhordú Idirghníomhaireachta: tá leibhéil shoiléir freagrachta ag teastáil nach bhfuil ann faoi láthair. Níl sé soiléir cén ghníomhaireacht atá freagrach. Cé atá i mbun ceannaireachta agus tá modhanna cumarsáide an-soiléir ag teastáil uainn”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Plean Oibre Tosaigh

- Oibreoidh gach ionadaí údaráis áitiúil ainmnithe óna Ranna Tithíochta go dlúth le comhordaitheoirí tithíochta ainmnithe FSS i ngach réimse ECSP do Sheirbhísí Meabhairshláinte agus do Sheirbhísí Míchumais.
- An ról um Tionónacht a Choimeád a leathnú ar bhonn náisiúnta tríd an earnáil CCT chun oibriú le húdaráis áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun tacú le daoine a bhfuil míchumais shíceasóisialta nó deacrachtaí meabhairshláinte acu chun a dtionóntachtaí a choimeád agus chun easpa dídine a sheachaint.
- Samhlacha sóisialta tithíochta agus tacaíochta a scrúdú chun an eagraíocht a chur ar an eolas faoi roinnt treoirthionscadal chun an bealach barrmhaith a shocrú go bhféadfadh tithíocht agus tacaíocht ailínithe chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas sa chaoi is fearr.
- Gníomhaíocht chomhordaithe idir údaráis tithíochta agus FSS chun spriocanna tithíochta a phleanáil agus a chur leo le haghaidh daoine faoi mhíchumas (le dí-chomhchónaí san áireamh) de réir Phlean Gníomhaíochta um Seirbhísí Míchumais 2022-2025 atá le teacht.
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a idirghníomhaíonn na creataí rialála éagsúla lena chéile agus dearcadh acu lena chinntiú nach bhfuil siad ina mbac le soláthar tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas.
- Samhlacha Piarthacaíochta a scrúdú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun struchtúir a fhorbairt le tacaíocht a thabhairt do dhaoine agus saol breá iomlán á chaitheamh sa chomhphobal acu.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte Measúnachta agus Leithdháilte chun na bunteachtairachtaí a uasdátú agus a neartú agus iad a chur i bhfeidhm go daingean i bpolasaithe agus i nós imeachta na UÁ agus an FSS.
- Athchuir a thabhairt ar bhunbheart 2.3. ón STNDFM 2011 go dtí 2016 (a cuireadh síneadh ama leis go dtí 2021) chun creat a chur ar bhonn foirmeálta le haghaidh cistithe ilbhliantúil do fheabhsúchán an chomhordaithe cistithe caipitil agus ioncaim do thithíochta agus do thacaíochtaí gaolmhara.
- Caithfear athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar na prótacail a forbraíodh faoin Straitéis roimhe seo ag na páirtithe leasmhara ábhartha lena chinntiú go bhfuil siad sainoiriúnaithe agus chun an tiomantas do na prótacail a athdhearbhú.
- Bearta eile a chur san áireamh sa Phlean Feidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar na dtorthaí faoin ábhar seo.

“Comhoibriú níos fearr idir ranna nuair a bhíonn baint ag iarratas le hearnálacha éagsúla. Caithfear monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar chásanna agus ba cheart go mbeadh an fhreagracht ar roinn amháin ceannasaíocht a thógáil ar an gcás agus go gcinnteoidís go bhfuil a gcuid tascanna aonair á gcur i gcrích ag gach páirtí eile”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

9.3.3 Ábhar 3 - Inacmhainneacht Tithíochta



“Tá costais tithíochta éirithe ródhaor do dhaoine atá faoi mhíchumas ach in ainneoin na n-íocaíochtaí tacaíochta tithíochta, ní bhíonn teacht acu ar thithe mar gheall nach bhfuil an soláthar ar fáil.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Forléargas

Díríonn an t-ábhar seo ar rochtain do thithíocht inacmhainne do dhaoine faoi mhíchumas a chumasú. Ag teacht le Tithíocht do Chách agus go háirithe le Conair 1 - Tacaíocht a thabhairt d’Úinéireacht Tí agus Inacmhainneacht a Mhéadú, tá sé tábhachtach go mbíonn daoine faoi mhíchumas san áireamh maidir le soláthar tithíochta inacmhainne.

Is grúpa iad daoine faoi mhíchumas in Éirinn a bhfuil ardriosca bochtaineachta os a gcomhair agus céatadán mór daoine faoi mhíchumas atá beo bocht agus i ngreim ag an mbochtaineacht. Tá go leor fianaise ann chomh maith go bhfuil ardcostais ag baint le míchumais in Éirinn nach gcuireann an córas reatha tacaíochtaí míchumais san áireamh.

Scrúdóidh an t-ábhar seo na saincheisteanna seo agus tabharfaidh sé aghaidh ar na dúshláin a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas leis an earnáil príobháideach maidir le úinéireacht tí agus cíos príobháideach.

“Tá an-chuid daoine faoi mhíchumas beo bocht, conas a bheidh d’acmhainn acu cíos a íoc?”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Ábhar 3 Torthaí

- Tá rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar scéimeanna tithíochta inacmhainne.
- Is féidir le daoine faoi mhíchumas teach a cheannach nó a fháil ar cíos ar phraghas réasúnta.
- Tá Scéimeanna Deontais ann atá maoinithe ag ranna éagsúla an Rialtais agus iad oiriúnach don fheidhm atá acu agus tá soiléireacht le fáil ar réimsí freagrachta lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta.

Plean Oibre Tosaigh

- Pléigh leis na páirtithe leasmhara don Scéim Cíosa Costais agus do na Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne⁵⁸ chun an acmhainneacht a fhiosrú do shocrú spriocanna faoi gach scéim agus iad a leathadh amach.
- Staidéar breise a dhéanamh ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le soláthar tithíochta tréimhsí oifige éagsúla do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear scéimeanna atá aitheanta trí thaighde dlínsí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) lena chinntiú go bhfuil sé ag oibriú go dtí barr a chumais chun tithíocht a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Torthaí an taighde ar Chostas Míchumais agus an chaoi a mbaineann siad le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas a scrúdú.⁵⁹
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis na scéimeanna deontais éagsúla a bhfuil céim chomhairliúcháin i gceist leo.
- Bearta eile a chur san áireamh sa Phlean Feidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar na dtorthaí faoin ábhar seo.

9.3.4 Ábhar 4 - Cumarsáid agus Rochtain ar Eolas



“Tá neart eolais ar fáil anois i bhformáid ‘éasca a léamh’. Tá níos ar fáil i bhformáid ‘éasca a léamh’ anois ná mar a bhí bliain ó shin agus caithfear leanúint ar aghaidh leis sin.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Forléargas

Díríonn an t-ábhar seo ar chumarsáid agus an rochtain ar eolas. Leanann an Straitéis ar aghaidh ag cur leis na héachtaí eolais/rochtana ón Straitéis roimhe seo.

Tá eolas ag an Straitéis gur próiseas dhá bhealach í an chumarsáid. Tá sé tábhachtach i ngach gné den saol go mbítear in ann cumarsáid a dhéanamh.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis a bheith cinnte nach bhfuil daoine faoi mhíchumas faoi mhíbhuntáiste agus iad ag cur a riachtanais in iúl agus maidir leis an gcumarsáid a fhaigheann siad. Áirítear leis seo eolas a chur ar fáil i réimse formáidí inrochtana agus chomh fada is atá praiticiúil trí bhealaí cumarsáide is fearr leo.

58 Féach: gov.ie - Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d’Éirinn (www.gov.ie) le haghaidh tuilleadh eolais ar an Scéim Cíosa Costais, Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne agus an Scéim Cúnaimh Caipitil

59 An Roinn Coimirce Sóisialaí, *Costas an Mhíchumais in Éirinn - Tuarascáil Taighde*. Ar fáil anseo: gov.ie - The Cost of Disability in Ireland – Research Report (www.gov.ie)

Ábhar 4 Torthaí

- Bíonn cur chuige réamhghníomhach agus seasmhach ag na gníomhaireachtaí maidir le soláthar eolais a bheidh comhordaithe ag An Ghníomhaireacht Tithíochta.
- Tá méadú ar an gcumarsáid idir Gníomhaireachtaí Stáit agus daoine faoi mhíchumas maidir lena ndeiseanna tithíochta ó thaobh tithíochta agus tacaíochta de.
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine an t-am agus an deis a bheith acu le dul i ngleic le seirbhísí agus údaráis áitiúla atá ag teastáil uathu.
- Cuireadh eolas ar fáil i bhformáid inrochtana in aon áit amháin.
- Comhroinnt sonraíthe níos fearr chun tuilleadh sonraíthe tiomsaithe a chur ar fáil.


“Eolas a chur ar fáil ó FSS agus ó Údaráis Áitiúla le chéile san áit chéanna”

Ó Chomhairliúchán Bhabhta 2

Plean Oibre Tosaigh

- Ullmhófar agus foilseofar Straitéis Feasachta chun an Straitéis a chur chun cinn roimh dheireadh R2 2022. (An Ghníomhaireacht Tithíochta)
- Ullmhófar agus foilseofar an Straitéis Faisnéise agus Chumarsáide roimh dheireadh R3 2022. (An Ghníomhaireacht Tithíochta) Leagfaidh sé seo amach an chaoi a mbeidh cumarsáid déanta ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil le linn saoil an STNDFM.
- Housingdesignforall.ie⁶⁰ a fhorbairt trí gach sórt eolais a chur ar fáil faoi thithíocht agus cúrsaí a bhaineann leo, a dhéanfaidh bainistíocht air agus a bheidh uasdátaithe ar bhonn leanúnach.
- Soláthar cáipéisíochta inrochtana a fhorbairt go gach formáid inrochtana.
- Bearta eile a chur san áireamh sa Phlean Feidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar na dtorthaí faoin ábhar seo.

9.3.5 Ábhar 5 - Eolas, Saineolas agus Inniúlacht



60 Féach anseo le haghaidh tuilleadh eolais: Baile - Tithíocht do Chách (housingdesignforall.ie)

“Daoine a bheith rannpháirteach i gcruinnithe a bhfuil taithí saoil acu le cur le saineolas agus le tuiscint na foirne”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Forléargas

Chun seirbhísí seachadta tithíochta agus tacaíochta a bharrfheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, tá sé tábhachtach eolas a roinnt, eolas atá ann cheana a úsáid agus cur le saineolas laistigh d’eagraíochtaí. Tá sé tábhachtach a aithint go mbíonn acmhainní daonna ag teastáil le foireann díograiseach mar atá mínithe in Ábhar 2 chun seirbhís ionchuisitheach a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. Cuirtear bearta chun cinn in ábhar 5 chun feasacht agus tuiscint ar mhíchumas agus ar thithíocht a mhéadú laistigh de na heagraíochtaí cuí. Cuireann sé béim chomh maith ar fheasacht a mhéadú maidir le daoine faoi mhíchumas agus iad a bheith rannpháirteach go héifeachtach agus a bheith san áireamh ina bpobail. Áirítear leis torthaí a bhaineann le forbairt saineolais laistigh den earnáil tithíochta maidir le míchumas agus ar fhorbairt saineolais laistigh den FSS maidir le tithíocht agus míchumas. Glacann sé le háiteanna a mbíonn oiliúint thrasghníomhaireachta de dhíth iontu chomh maith, mar shampla, tabhairt isteach agus feidhmiú an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 chomh maith le hoiliúint atá ag dul ar aghaidh ar an CNACDFM agus ar dhualgas na hearnála poiblí. Cuirfear oiliúint phraiticiúil ag daoine faoi mhíchumas san áireamh, nuair is cuí.

‘Dul i ngleic leis an gclaontacht atá ann maidir le daoine [atá faoi mhíchumas].’

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

Ábhar 5 Torthaí

- Tá stór eolais, saineolas agus an cumas ag Údaráis Áitiúla, ag an FSS agus ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun seirbhísí agus eolas cuí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.
- Comhtháthaítear saineolas maidir le saincheistanna míchumais isteach i ngach eagraíocht chuí.
- Tá tuiscint ar leith ag daoine ar ról a gcomrádaithe i measc na bpáirtithe leasmhara a cuirtear seirbhísí fheabhsaithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas mar thoradh air sin.
- Cuireann foireann na n-údarás áitiúil agus foireann an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta na hathruithe i bhfeidhm atá de dhíth chun freastal ar a ndualgais faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe 2015.

“Foghlaim níos cuimsithí ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag soláthar agus ag tógáil na réadmhaoine”

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

Plean Oibre Tosaigh

- Déanfar seisiúin oiliúna a dhearadh agus a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara maidir le gach ról agus freagracht, le tuiscint chomhroinnte a chruthú ar an ról agus ar na freagrachtaí a bhíonn ar gach roinn agus gach páirtí leasmhar.
- Ullmhófar agus cuirfear clár oiliúna ar fáil d’fhoireann tithíochta an údaráis áitiúil agus d’fhoireann ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta faoi athruithe próisis agus nós imeachta atá de dhíth chun an tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe 2015 a chur i bhfeidhm (An Ghníomhaireacht Tithíochta).
- Bearta eile a chur san áireamh sa Phlean Feidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar na dtorthaí faoin ábhar seo.

“An oiliúint a bheith ort agus tuiscint agat ar na nithe is oiriúnaí do dhaoine faoi mhíchumas - go mbeadh an suíomh oiriúnach seachas an teach amháin - gar do sheirbhísí, gar don chóras iompair srl.”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

9.3.6 Ábhar 6 - Ailíniú Straitéise



Forléargas

Cuirtear béim san ábhar seo go gcinnteofar i ngach straitéis agus polasaí de chuid an Rialtais ó thaobh tithíochta de go gcuirfead cearta daoine faoi mhíchumas chun cinn, ar aon dul le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas. Cinnteoidh sé seo go dtagann agus go dtacaíonn An Straitéis Tithíochta Náisiúnta nua do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027 le straitéisí eile a bhaineann le míchumas, ar nós An Fhís a Roinnt agus an Straitéis um dhí-chomhchónaí Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe, agus an obair de réir an Chláir do thiomantas an Rialtais chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ngá le tithíocht le tacaíochtaí cuí atá aitheanta san Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032.

Cuirfead béim leis an téama seo freisin ar straitéisí agus beartais eile a ailíniú, amhail Tithíocht do Chách, agus na Pleananna Gníomhaíochta Seachadta Áitiúil a bunaíodh faoina chreat, agus Dualgas na hEarnála Poiblí.⁶¹

Tá sé tábhachtach, ní amháin go n-ailíniú gach straitéis, ach go gcuireann siad cuimsiú agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas chun cinn trína bhfeidhmiú.

Ábhar 6 Torthaí

- Cuirtear taca faoin Straitéis ag Tithíocht do Chách agus na Pleananna Gníomhaíochta Seachadta Áitiúil a bunaíodh faoina chreat.
- Maidir leis na straitéisí Rialtais ar nós An Fhís a Roinnt, Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe, tagann agus cuireann siad leis An Straitéis Tithíochta Náisiúnta nua do Dhaoine faoi Mhíchumas agus an Plean Feidhmithe a bhaineann leis.
- Tabharfaidh an Plean Feidhmithe don Straitéis seo aird don Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 agus do Shaolta Amú.

61 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine* Oscailt Samhain 2021: gov.ie - Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (www.gov.ie)

- Tá comhghuaillíocht straitéisí atá ag cur cearta daoine faoi mhíchumas chun cinn ionas nach mbreithnítear soláthar tithíochta mar neamhchomhtháite.

Plean Oibre Tosaigh

- Tabhairt faoi mhapáil na bpolasaithe cúí atá le breithniú agus le comhordú leis an Straitéis seo, chun gníomhaíochtaí breise a fhorbairt don ábhar seo mar thús do 2022.
- Beartha a chur san áireamh sa Phlean Feidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar na dtorthaí faoin ábhar seo.



Roinn 4

Conas a Bhainfidimid an Sprioc Amach

Leagtar an tréimhse ama amach sa chuid seo a bhaineann le hullmhú agus le soláthar an phlean mhionsonraithe chun an Straitéis a chur i bhfeidhm, tríd an bPlean Feidhmithe, chomh maith leis na struchtúir náisiúnta agus áitiúla a leagan amach a mbeidh an soláthar faoina gcúram. Tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn sa chuid seo chomh maith, agus ar úsáid sonraí le cabhrú leis an monatóireacht.

Caibidil 10: Plean Feidhmithe

Déanann Caibidil 9 thuas achoimre ar na torthaí atá de dhíth ón Straitéis chomh maith le cuid de na gníomhaíochtaí tosaigh a bheidh de dhíth chun na torthaí seo a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go n-ullmhaítear Plean Feidhmithe mionsonraithe gan mhoill tar éis foilseacháin na Straitéise.

Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta an Plean Feidhmithe a ullmhú. Stiúrfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht Meitheal thrí-rannach a bheidh freagrach as an bPlean Feidhmithe a chríochnú. Iarrfaidh an Mheitheal ar chomhpháirtithe an tsoláthair chun freastal ar chruinnithe Grúpa ar bhonn ad hoc de réir mar is gá chun tiomantais a fháil óna heagraíochtaí comhpháirtíochta ar sholáthar gníomhaíochtaí cuí. D'fhéadfadh an Grúpa eolas agus soiléireacht breise a iarraidh faoi aon ghné den phlean. Cuireadh An Gníomhaireacht Tithíochta an tacaíocht riaracháin ar fáil don Ghrúpa seo.

Déanfaidh an Plean Feidhmithe taifead ar na bearta atá de dhíth chun toradh a bhaint amach faoina hábhair éagsúla. Áireofar na sonraí seo a leanas le gach gníomh:

- Cur síos cuimsitheach ar an ngníomh agus conas a dhéanfar monatóireacht air.
- An eagraíocht Cheannasaíochta atá freagrach as gach gníomh a sholáthar.
- Na Páirtithe le haghaidh soláthar an ghnímh.
- An Tréimhse Ama atá tugtha leis an ngníomh a chur i gcrích.
- An sprioc eatramhach san áireamh.

10.1 Athbhreithniú Meántearma

Cuirfear tús le hathbhreithniú meántearma sa chéad ráithe den bhliain 2024 agus beifear ag súil go bhfoilseofaí an t-athbhreithniú faoi dheireadh R2 sa bhliain 2024. Cuirfear na sonraí agus an fhaisnéis a bhíonn ar fáil i gcaitheamh an ama sin san áireamh san athbhreithniú, ar nós Measúnacht Chostais ar Thithíocht den Dearadh Uilíoch agus an Anailís Thairbhe ar Chostas an Dearaidh Uilíoch, agus cuimseofar eolas ar bith ó bhearta ábhartha míchumais ann a fhorbireofar amach anseo le linn na Straitéise. Breithneofar chomh maith san athbhreithniú an mbeadh sé oiriúnach leasú a dhéanamh ar spriocanna ar bith atá le baint amach faoin Straitéis.

Ráithe a hAon 2022	<ul style="list-style-type: none">– Plean Feidhmithe á ullmhú ag An Gníomhaireacht Tithíochta– An Plean Feidhmithe curtha isteach ag An GT chuig DHLGH
Ráithe a hAon 2022	<ul style="list-style-type: none">– Grúpa Oibre Trí-Roinne bunaithe– Déanann an Grúpa Oibre athbhreithniú ar an bPlean Feidhmithe agus cuireann séala leis
Meitheamh 2022	<ul style="list-style-type: none">– Foilseofar an Plean Feidhmithe
Deireadh mhí an Mheithimh 2022	<ul style="list-style-type: none">– Foilsíonn an Gníomhaireacht Tithíochta an Feachtas Feasachta le haghaidh na Straitéise

Fíor 17: Amlínte an fhoilseacháin ar an Straitéis Feidhmithe

Caibidil 11: Struchtúir Feidhmithe

Léirítear an tábhacht a bhaineann leis an gcomhoibriú idirghníomhaireachta in Ábhar 2. Cé go bhfuil comhoibriú ad hoc ag tarlú le blianta fada ar leibhéal áitiúil, chuir na struchtúir a bunaíodh faoin Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 go dtí 2016 (síneadh curtha leis go dtí 2021) (leagtha amach i gCaibidil 2 (Ich.16)) bonn foirmiúil faoin gcomhoibriú idirghníomhaireachta. Léiríonn na struchtúir seo ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil go raibh luach ag baint le grúpa den chineál seo mar bhealach éifeachtach le gníomhartha a chur i bhfeidhm faoin Straitéis dheireanach.

Tá an STNDFM 2022 go dtí 2027 ag iarraidh cur leis an obair atá déanta leis na struchtúir seo a bhunú agus chun obair na ngrúpaí a thabhairt ag an gcéad leibhéal eile.

Moltar go mbunaítear na struchtúir seo a leanas:

- Foghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta.
- Grúpaí Stiúrtha um Tithíocht agus Míchumas.
- Fócasghrúpaí Téamacha Náisiúnta.
- Grúpaí Idirghníomhaireachta Réigiúnacha.
- Cruinnithe démhíosúla den phearsanra míchumais díograiseach in údaráis áitiúla.

11.1 Foghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta

Beidh an grúpa seo freagrach as feidhmíocht na Straitéise a chur chun cinn agus as monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Buailfidh an foghrúpa le chéile faoi dhó in aghaidh na míosa agus beidh cruinniú speisialta amháin acu in aghaidh na bliana le dul chun cinn gach Ábhair a fhiosrú. Cónascadh de na scruchtúir atá ann cheana atá sa ghrúpa seo ar leibhéal náisiúnta.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta cathaoirleacht ar na cruinnithe faoi dhó in aghaidh na míosa agus beidh an Leas-Ardúnáí ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar chathaoirleach ar an gcruinniú speisialta monatóireachta.

Déanfar athbhreithniú ar bhallraíocht an Fhoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta ar bhonn bliantúil le cinntiú go mbíonn ionadaíocht chúí ann. Áireofar an méid seo a leanas leis an mballraíocht tosaigh:

- Ionadaithe ó Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Ionadaithe ó Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Ionadaí ó gach ceann de na Ranna Rialtais seo a leanas: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), An Roinn Sláinte (DoH) agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).
- Ionadaithe ó údaráis áitiúla ag Stiúrthóir na Seirbhísí le haghaidh leibhéal Tithíochta a ainmníodh trí Chumann Bhainisteoirí na Cathrach agus an Chontae.
- Ionadaí ó Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta agus ón gComhaontas Tithíochta.
- Ionadaí ó FSS, ó sheirbhísí na Meabhairshláinte agus an Mhíchumais.
- Ionadaí ón Údarás Náisiúnta Míchumais.

An aidhm a bheidh ag clár oibre an Fhoghrúpa Feidhmíochta Náisiúnta ná soláthar na ngníomhartha a chur chun cinn faoin Straitéis. Beidh an foghrúpa freagrach as iarracht a dhéanamh fadhbanna a réiteach a tháinig ón leibhéal áitiúil trí chathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha um Thithíocht agus an Míchumas chuig an Ghníomhaireacht Tithíochta le cur ar aghaidh chuig an bhFoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta.

Ullmhóidh an Foghrúpa tuarascáil bhliantúil a thabharfaidh cuntas ar dhul chun cinn gach Ábhair de réir na spriocanna agus na comharthaí a leagadh amach i bplean feidhmithe na bliana seo caite. Tabharfaidh an grúpa faoi athbhreithniú iomlán ar an Straitéis faoi ráithe a dó den bhliain 2028.

Tá fóram nua á phleanáil, le nasc a chruthú idir an Rialtas lárnach agus údaráis áitiúla maidir le feidhmiú an UNCRPD ar leibhéal údaráis áitiúil. Bunóidh an Foghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta na naisc oiriúnacha le haghaidh an fhórait sin maidir le tithíocht nuair a bhunófar é.

11.2 Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas

Moladh sa Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 go dtí 2016 (síneadh curtha leis go dtí 2021) go mbunófaí Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas i ngach ceantar de chuid an údaráis áitiúil. Samhlaíodh go mbeadh na ngrúpaí in ann freagra imeasctha agus straitéiseach a thabhairt i dtaobh riachtanas na daoine faoi mhíchumas ar leibhéal áitiúil.

Déanann an Straitéis seo struchtúr an Ghrúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas a dhearbhu mar an bhfóram is éifeachtaí le torthaí na Straitéise a sholáthar ar leibhéal áitiúil. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar bhallaíocht na HD SG atá ann faoi láthair i ráithe a haon na bliana 2022 le cinntiú go n-áirítear na gnéithe seo a leanas mar chuid den bhallaíocht:

- Stiúrthóir na Seirbhísí Tithíochta san Údarás Áitiúil (Cathaoirleach).
- Bainisteoir Limistéir Eagraíocht Sláinte Phobail FSS nó ról atá cosúil leis.
- Ionadaí Díograiseach Tithíochta le haghaidh Seirbhís Mhíchumais FSS.
- Ionadaí Díograiseach Tithíochta le haghaidh Seirbhís Mheabhairshláinte FSS.
- Ionadaithe ó Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Ionadaithe ó eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, soláthraithe seirbhíse san áireamh.
- Ionadaithe ón earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.
- Ionadaithe ón údarás áitiúil, de réir mar is cuí.

Déanfaidh gach Grúpa a gcuid téarmaí tagartha a athbhreithniú agus a aontú bunaithe ar na riachtanais a bhíonn ag Tithíocht do Chách agus ag an Straitéis seo. Cuirfear na téarma tagartha ag gach Grúpa isteach chuig an bhFoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta tríd An Ghníomhaireacht Tithíochta roimh dheireadh ráithe a dó den bhliain 2022.

Beidh ar na Grúpaí athbhreithniú a dhéanamh agus dul i gcomhairle leis an bPlean Áitiúil Straitéiseach acu faoi dheireadh 2022 le cinntiú go mbíonn sé ag teacht leis an Straitéis agus le Tithíocht do Chách. Cuirfear tús leis na riachtanais thuairiscithe faoi Thithíocht do Chách i ráithe a haon den bhliain 2022.

Áirítear iad seo a leanas i measc na bhfadhbanna ar chóir do HD SG scrúdú a dhéanamh orthu i ráithe a haon den bhliain 2022, bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé⁶² agus ar fhadhbanna a tháinig chun solais le linn an chomhairliúcháin maidir le forbairt na Straitéise seo.

1. Spriocanna soiléire a bhunú a bhfuil na baill ar fad aontaithe fúthu agus tiomanta iad a bhaint amach.
2. Déanfar cruinnithe a reáchtáil faoi dhó in aghaidh na míosa agus clár oibre soiléir acu, le freagracht agus leanúnachas roinnte a spreagadh, le cuspóirí tábhachtacha a leagan amach agus a bhaint amach agus plean oibre roinnte a bhunú.
3. Ní mór do bhaill an Ghrúpa a bheith ar leibhéal sinsir a gcuid eagraíochtaí.
4. Fiosrú a dhéanamh le féachaint an bhfuil gá le prótacail idirghníomhaireachta le feabhas a chur ar rannpháirtíocht, ar chomhoibriú agus ar phleanáil.

62 An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas - Comhoibriú i nGrúpaí Stiúrtha

5. Tiomantas ó gach ball lena gcuid rannpháirtíochta a mhéadú maidir le fadhbanna a aithint agus le réitigh chomhoibríocha a aimsiú.

“Trí na grúpaí stiúrtha míchumais, tá feasacht níos doimhne anois ann mar go mbímid ag comhoibriú le hearnáil an mhíchumais”

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

11.3 Grúpaí Comhairleacha Náisiúnta de réir Téamaí

Bunófar grúpa fócais aonair in 2022 le haghaidh gach Ábhair a mhairfidh ar feadh saolré na Straitéise. Cuirfidh na Grúpaí comhairle ar an bhFoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta nuair a bhíonn gá léi de réir na ngníomhartha faoin Téama ábhartha.

Glacfar le ballraíocht sna grúpaí seo ó, dhaoine a bhfuil taithí saoil acu, ó shaineolaithe sna réimsí ábhartha agus ó pháirtithe eile a bhfuil suim léirithe acu. Níor cheart go mbeadh níos mó ná ocht mball i ngach grúpa. Déanfar athbhreithniú ar an mballraíocht ar bhonn bliantúil le cinntiú go bhfanann sí ábhartha agus friseáilte.

Tiocfaidh na Grúpaí le chéile tríd An Ghníomhaireacht Tithíochta nuair a bhíonn gá leis, de réir mar a chuirtear gníomhartha chun cinn. Cuirfidh An Ghníomhaireacht Tithíochta an tacaíocht riaracháin ar fáil don Ghrúpa seo.

11.4 Grúpaí Idirghníomhaireachta Réigiúnacha

Bunófar na Grúpaí seo ar dtús bunaithe ar limistéir CHO FFS ach déanfar iad a ailíniú má dhéantar na limistéir seo a eagrú as an nua am ar bith le linn saolré na Straitéise.

An ról a bheidh ag na Grúpaí seo ná ionadaithe tiomanta míchumais an údaráis áitiúil agus ionadaithe tiomanta tithíochta FFS a thabhairt le chéile ar mhaithe le Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí Meabhairshláinte le comhoibriú a spreagadh ar leibhéal oibriúcháin.

Anuas air sin, beidh sé mar aidhm ag na Grúpaí

- leanúnachas a spreagadh ar fud a gcuid eagraíochtaí, agus
- struchtúir phíolótacha ar bith nó próiseas ar bith a cuireadh chun cinn ina gceantar a mheas.

Déanfaidh An Ghníomhaireacht Tithíochta na Grúpaí a éascú, agus cuirfidh siad tacaíocht ar fáil i bhfoirm chathaoirleachta agus riaracháin, chomh maith le teacht le chéile uair amháin in aghaidh na ráithe. Reáchtálfar fóram náisiúnta le haghaidh na nGrúpaí réigiúnacha ar fad ar bhonn bliantúil.

11.5 Cruinnithe Démhíosúla den Phearsanra Míchumais Díograiseach in Údaráis Áitiúla

Tá acmhainn thiomanta míchumais ag teastáil ón Straitéis seo laistigh de roinn tithíochta gach údaráis áitiúil a bheidh freagrach as an gcomhoibriú idirghníomhaireachta a chomhordú. Beidh an duine céanna seo mar chomhordaitheoir ar na Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas chomh maith. Déanfaidh An Ghníomhaireacht Tithíochta cruinniú démhíosúil den phearsanra tiomanta míchumais sna húdaráis áitiúla a éascú le hiarracht a dhéanamh leanúnachas a chinntiú sa chleachtas ar fud na n-údarás áitiúil, agus chomh maith leis sin, sa tuairisciú ráithiúil chuig Coiste Polasaí Straitéiseach LA agus chuig an bhFoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta. Feidhmeoidh an Grúpa mar ardán le fadhbanna a réiteach nó le ceisteanna a ardú agus déanfaidh sé réimsí a aithint sa pholasaí nó sa chleachtas a bhfuil gá le hoiliúint ina dtaobh.

Caibidil 12: Monatóireacht agus Bailiú Sonraí

12.1 Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Beidh tábhacht ar leith ag baint leis an monatóireacht a dhéanfar ar an Straitéis chun go n-éireodh léi. Tabharfar faoin monatóireacht ar bhealaí éagsúla agus ar leibhéil éagsúla.

“Ní mór do phleananna áitiúla straitéiseacha a bheith leanúnach ar fud na n-údarás áitiúil agus ba cheart go mbeadh spriocanna intomhaiste san áireamh iontu ar féidir iad a sholáthar, seachas a bheith uailmhianach amháin.

Ó Chomhairliúchán Babhta 1

12.1.1 Leibhéal Náisiúnta

Déanfar monatóireacht fhoirmiúil ar an dul chun cinn a dhéanann feidhmíocht na Straitéise ar leibhéal náisiúnta trí tuarascáil bhliantúil an Fhoghrúpa Feidhmíochta Náisiúnta. Cuirfear achoimre ar an dul chun cinn ón mbliain roimhe sin ar fáil sa tuarascáil agus foilseofar roimh dheireadh R1 gach bliain í ar a dhéanaí. Déanfaidh an tuarascáil athbhreithniú ar gach ceann de na gníomhartha a leagadh amach sa Phlean Feidhmithe chomh maith, déanfar taifeadadh ar dhul chun cinn i bhfoirm tábla agus cuirfear faisnéis ar fáil ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo na spriocanna.

Beidh ar gheallsealbhóirí uile an Fhoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta uasdátú a chur ar fáil don tuarascáil bhliantúil de réir mar is cuí.

Ar leibhéal leathfhoirmiúil, beidh mír sheasta ag an bhFoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta ar a gclár oibre a tharraingeoidh aird ar bhacainní nó ar dhúshláin ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar an dul chun cinn.

Déanfaidh An Ghníomhaireacht Tithíochta na tuarascálacha ráithiúla a cuireadh ón nGrúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas go dtí na Coistí Polasaí Straitéiseacha a thiomsú i bhfoirm tuarascála náisiúnta don Fhoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta agus foilseofar na tuarascálacha seo ar shuíomh idirlín na Gníomhaireachta Tithíochta go dtí go gcuirtear an suíomh idirlín nua comhtháite maidir le míchumas i gcrích.

12.1.2 Leibhéal Áitiúil

Tuarascáil go dtí an Coiste Polasaí Straitéiseach

Is gá go Ghrúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas tuairisc in aghaidh na ráithe a thabhairt dá gCoiste Polasaí Straitéiseach (SPC) de réir Tithíocht do Chách ar an dul chun cinn atá déanta ag gach gné dá bPleananna Straitéiseacha Áitiúla. Beidh na tuarascálacha seo le cur isteach chuig An Ghníomhaireacht Tithíochta, a dhéanfaidh monatóireacht, thar ceann an Fhoghrúpa Feidhmithe Náisiúnta, ar fhadhbanna ar bith a thagann chun cinn a bhféadfadh cur isteach ar dhul chun cinn an tsoláthair a bheith mar thoradh orthu. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil a chuirfear chuig an SPC agus An Ghníomhaireacht Tithíochta:

- An méid a leithdháileadh ar dhaoine faoi mhíchumas sa ráithe dheireanach trí chatagóir an mhíchumais, agus leithdháileadh na n-áitreabh atá oiriúnach do chathaoirreacha rotha á n-aithint.
- An méid a leithdháileadh ar dhaoine faoi mhíchumas sa ráithe dheireanach trí chatagóir an mhíchumais mar chéatadán de leithdháiltí iomlána na ráithe.
- Líon na n-áitreabh a aithníodh agus a cuireadh in áirithe san údarás áitiúil agus i bpíblíne forbartha na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

- Líon na n-áitreacha a aithníodh atá oiriúnach do chathaoireacha rotha agus a cuireadh in áirithe san údarás áitiúil agus i bpíblíne forbartha na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe mar chéatadán de phíblíne iomlán an tsoláthair.
- Tacaíochtaí breise nó nua curtha ar fáil sa ráithe dheireanach le seans a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas na deiseanna tithíochta a bhronntar orthu a thapú.
- Líon ceart na leithdháiltí, an phíblíne a aithníodh don soláthar agus na tacaíochtaí a mheas agus a chur i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh amach.
- Diúltuithe nó tairiscintí nár glacadh leo agus na cúiseanna nár glacadh.
- Bacainní ar an soláthair i dtaca leis na gníomhartha a leagadh amach sa Straitéis seo agus/nó lena bPlean Straitéiseach Áitiúil.

12.2 Bailiú Sonraí

“Na sonraí oiriúnacha a roinnt ar mhaithe le húsáideoir na seirbhíse agus go dtuigfeadh úsáideoir na seirbhísí cad é go díreach a bhíonn á roinnt”.

Ó Chomhairliúchán Babhta 2

Aithníodh sa Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 - 2016 (síneadh curtha leis go dtí 2021) go raibh ríthábhacht ag baint le bailiú sonraí chun go ndéanfaí deiseanna breise tithíochta a sholáthar go héifeachtach do dhaoine faoi mhíchumas de réir Aidhm Straitéiseach 8. Tá sé tábhachtach go mbíonn aidhm an bhailithe soiléir nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi na sonraí a bhaileofar. Ba cheart go mbaileofaí na sonraí riachtanacha le heolas a chur ar fáil do straitéisí tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas agus le pleanáil éifeachtúil tithíochta a éascú, ar shlí chomhordaithe, leis an riachtanas a shásamh agus le tacú le monatóireacht éifeachtach agus leanúnach an tsoláthair.

Tá neart athruithe déanta ar na rialacha a dhéanann rialú ar bhailiú agus ar úsáid sonraí ón Straitéis dheireanach. Áiríodh leis seo an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a thug an tAontas Eorpach isteach.⁶³ Rialachán casta is ea an RGCS agus bhí athruithe suntasacha ag teastáil dá bharr ar an tslí a ndéanann ballstáit sonraí pearsanta a bhailiú, a úsáid agus a bhainistiú. An phríomhaidhm atá ag an RGCS ná an smacht agus na cearta a bhíonn ag daoine ar a gcuid sonraí pearsanta a nearú. Ghlac an AE leis ar an 14 Aibreán 2016 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 25 Bealtaine 2018. Ní féidir sonraí pearsanta a phróiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta ach amháin sa chás go bhfuil an duine is ábhar do na sonraí tar éis toiliú feasach a thabhairt le sonraí a phróiseáil ar chúis amháin nó níos mó, agus sa chás go bhfuil bunús dlíthiúil amháin ar a laghad ag baint leis. Ní mór cloí le RGCS agus faisnéis á bailiú.

Mar a mhínítear ag 12.1.1 (lch.75) thuas, tiomsóidh An Gníomhaireacht Tithíochta faisnéis áitiúil agus iad i mbun soláthair, agus bainfear úsáid oiriúnach aisti seo mar chuid den bhailiúchán sonraí.

An tEolas Atá Ar Fáil

Riachtanas Tithíochta

Bailíonn údaráis áitiúla faisnéis d’fhonn measúnacht a dhéanamh ar iarrthóirí le haghaidh Tacaíocht don Tithíocht Shóisialta trí Fhoirm Iarratais maidir le Tithíocht Shóisialta a chuireann an Fhoirm Thithíochta Sláinte/Mhíchumais (Foirm HMD 1) san áireamh.⁶⁴

63 Féach ar Eolas Saoránach, *Achoimre ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)* le haghaidh tuilleadh eolais. Ar fáil anseo: [Achoimre ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí \(RGCS\) \(citizensinformation.ie\)](http://Achoimre.ar.an.Rialachán.Ginearálta.maidir.le.Cosaint.Sonraí.(RGCS).citizensinformation.ie)

64 Féach ar Eolas Saoránach, *Ag cur isteach ar thithíocht shóisialta/an údaráis áitiúil* le haghaidh tuilleadh eolais. Ar fáil anseo: [Ag cur isteach ar thithíocht shóisialta/an údaráis áitiúil \(citizensinformation.ie\)](http://Ag.cur.isteach.ar.thithíocht.shóisialta/an.údaráis.áitiúil.citizensinformation.ie)

Tá an fhaisnéis a choimeádtar bunaithe ar theaghligh a ndéantar a riachtanas le haghaidh tithíocht shóisialta a mheas mar mhíchumas nó a dteastaíonn cóiríocht shonrach uathu mar gheall ar mhíchumas, agus déantar an t-eolas seo a chur in iúl sna sonraí faoi dhá réimse, 'Bunús Riachtanais' agus 'Riachtanais Shonracha Cóiríochta'. Leasaíodh an Fhoirm Iarratais maidir le Tithíocht Shóisialta i mí Aibreáin 2021 ionas go bhféadfadh iarrthóir an riachtanas tithíochta acu a aithint mar áit a bheadh oiriúnach do chathaoir rotha. Iarradh ar Údaráis Áitiúla a gcuid córas ríomhaireachta a leasú chun go ndéanfaí an fhaisnéis nua seo a thaifeadadh.

Áirítear an fhaisnéis mar an riachtanas aitheanta reatha. Déantar an t-eolas seo a roinnt leis An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA) agus An Ghníomhaireacht Tithíochta faoi chomhaontuithe foirmiúla chun go ndéanfaí Achoimre Bhliantúil ar Mheasúnacht na Tithíochta Sóisialta a ullmhú.

Seirbhísí arna Maoiniú ag Seirbhísí Míchumais

Is bunachar sonraí náisiúnta é an Córas Náisiúnta le haghaidh Tacaíochtaí Cumais (NASS) ina dtaifeadtar faisnéis maidir le seirbhísí arna maoiniú faoi sheirbhísí míchumais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a fhaightear nó a éilítear mar thoradh ar mhíchumas intleachtúil, moill fhorbartha, míchumas coirp, céadfach, néareolaíoch, foghlama, cainte, agus/nó míchumais teanga nó uathachas. Taifeadtar meabhairshláinte mar chineál míchumais ar an NASS freisin i gcás go bhfuil seirbhísí míchumais arna maoiniú ag seirbhísí míchumais FSS á fáil ag duine.

Tá eolas áirithe maidir le lóistín reatha ar fáil i measc na sonraí a bailíodh ach i gcás aon trian de na taifid ar an tacar sonraí, léirítear nach bhfuil aon eolas ar fáil faoin lóistín reatha. Bíonn débhríocht áirithe ann chomh maith mar thoradh ar an bhformáid a bhaineann leis na sonraí a bailíodh. Mar shampla, sa chás go ndeirtear gur lóistín príobháideach atá sa lóistín reatha a bhfuil úinéir lonnaitheach ann, níl sé soiléir an iad an duine atá faoi mhíchumas atá mar úinéir lonnaitheach.

Moladh

Oibreoidh An Ghníomhaireacht Tithíochta i gcomhar leis na geallsealbhóirí éagsúla i R1 sa bhliain 2022 leis an bhfaisnéis atá á coimeád faoi láthair chomh maith leis na ceangail atá ann a leagan amach go soiléir. I ndiaidh na rannpháirtíochta seo, tabharfar faoi bheart scóipe leis na bearnaí sna sonraí a aithint agus bunófar grúpa i R2 den bhliain 2022 leis an tslí is fearr le dul i ngleic leis na bearnaí seo a fhiosrú, chomh maith leis na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó phróisis an bhailithe sonraí. Beidh siad seo ar fad a leanas mar chuid den ghrúpa, An Bord Taighde Sláinte, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, ionadaithe ó údaráis áitiúla nach mbíonn an GBRA ag tacú lena gcóras ríomhaireachta, Seirbhísí Meabhairshláinte FSS agus Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta. Cuirfidh an grúpa tuarascáil ar fáil faoi dheireadh R4 in 2022. Déanfar cur síos sa tuarascáil chomh maith ar an achar ama atá tugtha leis na hathruithe ar phróisis agus/nó ar chórais a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm.

Aguisín 1: Ballraíocht sa Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Cathaoirleacht déanta ag)

Cumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige

An Roinn Sláinte

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Cónaidhm Mhíchumais na hÉireann

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Cuimsiú Éireann

Gluaiseacht Chónaithe Aonair na hÉireann

Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta

Athchóiriú Meabhairshláinte

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Cónaidhm Náisiúnta do Sholáthraithe Deonacha Seirbhíse

An Ghníomhaireacht Tithíochta

An tArdán Náisiúnta na bhFéinurlabhraithe

Aguisín 2: Gluais Téarmaí

AHB	Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015	Creat reachtúil is ea é seo le tacú leis an gcinnteoireacht a dhéanann daoine fásta a mbíonn deacracht acu cinntí a dhéanamh gan aon chabhair acu.
I mbaol bochtaineachta	Is éard atá i gceist leis an ráta i mbaol bochtaineachta ná an líon daoine a bhfuil ioncam coibhéseach acu atá níos ísle ná an céatadán a thugtar (60% de ghnáth) den meánioncam náisiúnta. Déantar an ráta a ríomh trí dhaoine a rangú de réir an ioncaim choibhéisigh ón méid is lú go dtí an méid is mó agus ansin tríd an meánluach a bhaint. Glactar leis go bhfuil duine ar bith a bhfuil ioncam coibhéseach acu atá níos ísle ná 60% den meánluach náisiúnta i mbaol bochtaineachta.
SCC	Scéim Cúnaimh Caipitil.
ECSP	Eagraíocht Chúraim Sláinte Phobail.
Bochtaineacht leanúnach	<p>Déantar daoine atá i mbaol bochtaineachta agus a bhfuil díothacht éigeantach á fulaingt acu (dhá chineál díothachta nó níos mó ón liosta thuas) a áireamh ar an slat tomhais maidir leis an mbochtaineacht leanúnach.</p> <p>Glactar leis go bhfuil ‘bochtaineacht leanúnach’ á fulaingt ag duine má bhíonn siad:</p> <ul style="list-style-type: none">● I mbaol bochtaineachta de réir an tsainmhíneithe thuas, agus● Má bhíonn siad ag maireachtáil i dteaghlach a bhfuil dhá chineál díothachta nó níos mó i measc an aon ábhar bunúsach déag atá liostaithe thuas á fulaingt acu.
POS	Príomh-Oifig Staidrimh.
DCEDIY	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige.
DHLGH	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
Dearadh don Mheabhairshláinte	Treoirínte leis an maireachtáil aonair agus an téarnamh meabhairshláinte a spreagadh.

Ráta díothachta	<p>Déanann sé seo líon na dteaghlach a mheas a nglactar leis go bhfuil siad imeallaithe nó go bhfuil díothacht á fulaingt acu mar gheall nach bhfuil d'acmhainn acu íoc as earraí ná as seirbhísí cé go nglactar leis gur gnáthrudáí iad sin do dhaoine eile sa tsochaí. Bunaítear aithint na dteaghlach seo ar shraith de 11 táscaire bunúsach díothachta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dhá phéire bróg láidir • Cóta mór teolaí uiscédhíonach • Éadaí nua (seachas éadaí athláimhe) • Béile le feoil, sicín, iasc (nó leagan feoilseántach) gach dara lá • Spóla rósta nó leagan eile de uair amháin in aghaidh na seachtaine • Téamh sa teach le linn na bliana seo caite • Breosla leis an teach a choimeád te go sásúil • Bronntanais don teaghlach nó do chairde uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad • Troscán nua in áit troscáin chaite • Deochanna nó béile don teaghlach nó do chairde uair amháin in aghaidh na míosa • Maidín, tráthnóna nó oíche shiamsaíochta uair amháin gach coicís <p>Déantar díothacht éigeantach a shainmhíniú sa chás nach mbíonn d'acmhainn ag daoine íoc as dhá cheann nó níos mó den 11 táscaire bunúsach díothachta seo.</p>
Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas	Réimse deontas atá iontu seo atá ar fáil do dhaoine níos sine agus do dhaoine faoi mhíchumas lena mbaile a dhéanamh níos oiriúnaí dóibh agus iad ina gcónaí ann.
RS	An Roinn Sláinte.
DPCN	Rannpháirtíocht Mhíchumais agus Gréasán Comhairliúcháin.
DPO	Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas.
DSG	Grúpa Geallsealbhóirí Míchumais.
GDPR	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.
HA	An Ghníomhaireacht Tithíochta.
HDSG	Grúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas.
HMD1	Foirm Tithíochta Leighis/Mhíchumais 1.
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
JCDM	An Comhchoiste maidir le Cúrsaí Míchumais.
ÚÁ	Údarás Áitiúil.
LGBTI+	Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach.
LSP	Plean Straitéiseach Áitiúil.

Próiseas Luath Idirghabhála don Mheabhairshláinte	Cinntíonn sé seo go mbíonn torthaí dearfacha tithíochta ag tionóntaí i dtithíocht shóisialta agus ag iarrthóirí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte á bhfulaingt acu.
NASS	Córas Tacaíochtaí Cumais Náisiúnta.
Treoirlínte Náisiúnta don Phróiseas Measúnachta agus Leithdháilte chun Tithíocht a Sholáthar do Dhaoine faoi Mhíchumas	Dearadh é seo le treoir a chur ar fáil d'údaráis áitiúla faoin bpróiseas a bhaineann le tithíocht a sholáthar do na daoine ar fad atá faoi mhíchumas, iad siúd atá ag maireachtáil in institiúid nó mar chuid den phobal.
SCNM	An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais.
SCNM	Scéim Cosanta Náisiúnta an Mhíchumais.
NHSDP	An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027.
NHSPWD	An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (2011-2016).
NSAI	Údarás Náisiúnta na hÉireann um Chaighdeáin.
OT	Teiripeoir Saothair.
Aimsitheoirí Áite	Tugann Seirbhís na nAimsitheoirí Áite cúnamh do theaghligh gan dídean agus lóistín éigeandála á bhfágáil acu, trí lóistín oiriúnach a aimsiú den chuid is mó agus trí chabhrú leo éarlais a íoc chomh maith le cíós dhá mhí chun cinn, ag cloí le teorainneacha HAP, thar ceann an fhaighteora HAP.
CPS	Coiste Polasaí Straitéiseach.
SSHA	Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta.
UN	Náisiúin Aontaithe.
UNCRPD	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

Aguisín 3: Tagairtí

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2016). *Daonáireamh 2016 - Próifil 9 Sláinte, Míchumas agus Cúramóirí*. Faighte i Samhain 2021, ó CSO.ie: <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp9hdc/p8hdc/p9d/>

Príomh-Oifig Staidrimh (n.d). *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SIDM) 2019*. Faighte i Samhain 2021, ó CSO.ie: <https://www.cso.ie/en/statistics/socialconditions/surveyonincomeandlivingconditionssilc/>

Príomh-Oifig Staidrimh (n.d). *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2016*. Faighte i Samhain 2021, ó CSO.ie: <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/silc/surveyonincomeandlivingconditions2016/>

Eolas do Shaoránaigh. (2021). *Ag cur isteach ar thithíocht shóisialta/údaráis áitiúil*. Faighte in 2021, ó Citizensinformation.ie: https://www.citizensinformation.ie/en/housing/local_authority_and_social_housing/applying_for_local_authority_housing.html

Eolas do Shaoránaigh. (2021). *Achoimre ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)*. Faighte ó Citizensinformation.ie: https://www.citizensinformation.ie/en/government_in_ireland/data_protection/overview_of_general_data_protection_regulation.html

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. (2017, 24 Feabhra). *An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/8072c0-national-disability-inclusion-strategy-2017-2021/>

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. (2019). *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi mhíchumas*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/83c2a8-the-comprehensive-employment-strategy-for-people-with-disabilities/>

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. (2021). *An chéad tuarascáil ó Éirinn chuig Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/75e45-irelands-first-report-to-the-united-nations-committee-on-the-rights-of-persons-with-disabilities/>

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige (2020, Samhain). *Seoladh Líonra Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/consultation/a3ef2-launch-of-disability-participation-and-consultation-network/>

An Roinn Sláinte. (2006). *Fís don Athrú*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/999b0e-a-vision-for-change/>

An Roinn Sláinte (2020). *An Fhís a Roinnt: Beartas Meabhairshláinte do Chách*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/2e46f-sharing-the-vision-a-mental-health-policy-for-everyone/>

An Roinn Sláinte. (2021). *Athbhreithniú ar Chumas Míchumais go dtí 2032 - Athbhreithniú ar Éileamh ar Chúram Sóisialta agus Ceanglais Acmhainne go dtí 2032*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/d3b2c-disability-capacity-review-to-2032-a-review-of-social-care-demand-and-capacity-requirements-to-2032/>

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (2016, Iúil). *Seoladh Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <http://www.housing.old.gov.ie/housing/policy/launch-rebuilding-ireland-action-plan-housing-and-homelessness>

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (2011). *An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/a970c-national-housing-strategy-for-people-with-a-disability-2011-2016/>

An Roinn Dlí agus Cirt. (2015). *An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/5830f-assisted-decision-making-capacity-act-2015/>

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. (2020). *Athbhreithniú Meántearma ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Mhíchumas 2017-2021*. Faighte Samhain 2021, ó Justice.ie: [https://www.justice.ie/en/JELR/Midterm-Review-of-the-National-Disability-Inclusion-Strategy-2017-2021\[1\].pdf/Files/Midterm-Review-of-the-National-Disability-Inclusion-Strategy-2017-2021\[1\].pdf](https://www.justice.ie/en/JELR/Midterm-Review-of-the-National-Disability-Inclusion-Strategy-2017-2021[1].pdf/Files/Midterm-Review-of-the-National-Disability-Inclusion-Strategy-2017-2021[1].pdf)

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (n.d.). *An Líonra Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais*. Faighte Samhain 2021, ó Justice.ie: https://www.justice.ie/en/JELR/Application_information_E2R_Guide_on_Grant-Funded_Member.pdf/Files/Application_information_E2R_Guide_on_Grant-Funded_Member.pdf

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. (2021, Samhain). *Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí*. Faighte ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/organisation-information/5df24-public-sector-equality-and-human-rights-duty/>

An Roinn Coimirce Sóisialta. (2017). *An Tuarascáil “Cinntiú gur Fiú an Luach Saothair an Obair”*. Faighte i Samhain 2021, ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/Ofb542-make-work-pay-report/>

An Roinn Coimirce Sóisialta. (2021, Nollaig). *Costas ar Mhíchumas in Éirinn - Tuarascáil Taighde*. Faighte in 2021 ó Gov.ie: <https://www.gov.ie/en/publication/1d84e-the-cost-of-disability-in-ireland-research-report/>

ESRI. (2021). *Easnaimh Scileanna i measc Daoine faoi Mhíchumas agus a nIonchais Fostaíochta a Shainaithint*. Faighte Samhain 2021, ó ESRI.ie: <https://www.esri.ie/publications/identification-of-skills-gaps-among-persons-with-disabilities-and-their-employment>

Rialtas na hÉireann. (2017). *An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017*. Faighte i Samhain 2021, ó Leabhar um Reacht Éireannach: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/act/40/enacted/en/html>

An Bord Taighde Sláinte. (2020). *Tuarascáil Bhliantúil an Chórais Náisiúnta le haghaidh Tacaíochtaí Cumais (NASS) 2020*. Faighte in 2021, ó HRB.ie: https://www.hrb.ie/fileadmin/2._Plugin_related_files/Publications/2021_publications/NASS/NASS_2020_annual_report.pdf

Tithe an Oireachtas (n.d.). *An Coiste maidir le Cúrsaí Míchumais*. Faighte ó Oireachtas.ie: <https://www.oireachtas.ie/en/committees/33/disability-matters/>

Tithe an Oireachtas. (2017). *An Coiste ar Thodhchaí an Chúraim Sláinte*. Faighte in 2021, ó Oireachtas.ie: <https://www.oireachtas.ie/en/committees/32/future-of-healthcare/>

FSS. (2011). *Am chun Bogadh ar Aghaidh ó Láithreacha Comhchónaithe: Straitéis le haghaidh Cuimsiú Pobail*. Faighte i Samhain 2021, ó HSE.ie: <https://www.hse.ie/eng/services/list/4/disability/congregatedsettings/time-to-move-on-from-congregated-settings-%E2%80%93-a-strategy-for-community-inclusion.pdf>

FSS. (2021). *Plean Náisiúnta Seirbhíse 2021*. Faighte i Samhain 2021, ó HSE.ie: <https://www.hse.ie/eng/services/publications/serviceplans/national-service-plan-2021.pdf>

FFS. (2019). *Tacú le daoine faoi mhíchumas agus riachtanais shuntasacha le haghaidh tacaíocht chónaithe*

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais. (2015). *Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch i dTithe in Éirinn*. Faighte ó UniversalDesign.ie: <https://universaldesign.ie/built-environment/housing/>

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais. (2020). *Bileog Eolais ÚNM 5: Tithíocht*. Faighte i Samhain 2021, ó NDA.ie: <https://www.nda.ie/resources/factsheets/nda-factsheet-5-housing/>

Ombudsman. (2021). *Ombudsman.ie*. Faighte i Samhain 2021, ó Wasted Lives: Time for a better future for younger people in Nursing Homes: <https://www.ombudsman.ie/publications/reports/wasted-lives/OMBWastedLives2021.pdf>

Sinéad Shannon. (Ag teacht). *An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas: Obair Chomhoibríoch sna Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas*. Faighte ó HousingAgency.ie

An Ghníomhaireacht Tithíochta. (Ag teacht). *Tithíocht agus Míchumas: Cuir chuige i nDlínsí Eile*. Faighte ó HousingAgency.ie

An Ghníomhaireacht Tithíochta (2021). Faighte i mí na Samhna 2021, ó HousingDesignForAll.ie

Náisiúin Aontaithe. (2006, 13 Nollaig) *An Roinn Gnóthaí Eacnamaíoch agus Sóisialta - Míchumas*. Faighte i mí na Samhna 2021, ó Choinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas: <https://www.bing.com/search?q=when+was+the+UNCRPD+released&cvid=686c945a83f94b4fae2b612e4d71a99c&aqs=edge..69i57.11966j0j1&pglt=43&FORM=ANNAB1&PC=DCTS>

Na Náisiúin Aontaithe. <https://www.un.org/development/desa/disabilities/resources/handbook-for-parliamentarians-on-the-convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities.html>. (n.d.). Faighte i mí na Samhna 2021, ó UN.org: <https://www.un.org/development/desa/disabilities/resources/handbook-for-parliamentarians-on-the-convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities.html>



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland